# Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta:

A chuimsíonn Tuarascálacha Bliantúla 2009 agus 2010

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

**Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta:**

***A chuimsíonn Tuarascálacha Bliantúla 2009***

***agus 2010***

**arna foilsiú ag:**

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**

**Teach Gandon, Sráid Amiens,**

**Baile Átha Cliath 1.**

*ISBN:* 978-1-908109-09-5

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2012

PRN:A12/0457

Baile Átha Cliath, Éire 2011

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

# CLÁR

**Brollach leis an Aire** ........ 3

**Caibidil 1** ........ 5

**Caibidil 2** ........ 9

**Caibidil 3** ........ 18

**Caibidil 4** ........ 24

**Caibidil 5** ........ 28

**Caibidil 6** ........ 32

**Caibidil 7** ........ 35

**Caibidil 8** ........ 41

**Liosta Léaráidí**

**Léaráid 1: Forbhreathnú ar Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta** ... 8

**Léaráid 2: Treochtaí Bochtaineachta 2005-2010** ........ 11

**Léaráid 3: Dul Chun Cinn maidir leis an Sprioc Náisiúnta um Bochtainteacht (2005-2016) 13**

**Léaráid 4: Rátaí maidir le Daoine i mBaol na Bochtaineachta ar fud an AE, 2009** ........ 14

**Léaráid 5:Rátaí Bundíothachta ar fud an AE, 2009** ........ 14

**Cuid a Dó**

**DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA SA PHLEAN NÁISIÚNTA GNÍOMHAÍOCHTA UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA 2007-2016** ........ 51

**AGUISÍNÍ**

**Dearbh-Bhochtaineacht** ........ 117

**I mBaol Bochtaineachta** ........ 118

Díothacht ........ 119

**Liosta Táblaí**

**Tábla 1: Dearbh-Bhochtaineacht ........ 117**

**Tábla 2: I mBaol Bochtaineachta 2010 ........ 118**

**Tábla 3: Díothacht 2010 ........ 119**



## Brollach leis an Aire

Tá cur síos sa tríú Tuarascáil Bhliantúil seo um Chuimsiú Sóisialta don tréimhse 2009 go 2010 ar athbhreithniú a rinneadh ar an dul chun cinn sa tréimhse sin maidir le Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 a chur i gcrích.

Le linn na tréimhse sin, bhí Éire sáite i gcúlú mór eacnamaíochta, rud ba chúis le méadú ar leibhéil na dífhostaíochta agus le laghdú ar ioncaim teaghlaigh agus le céim síos i gcaighdeán maireachtála. Ina theannta sin, tá laghdú tagtha ar an cumas maoinithe maidir le caiteachas poiblí, rud a laghdaigh ar chumas na gclár rialtais dul i ngleic le spriocanna na gclár mar a bhí. Ar an ábhar sin, caithfimid smaoineamh ar bhealaí nua chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Cé gur nocht an t-athbhreithniú seo dul chun cinn áirithe chun an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta a chur i gcrích thar réimse leathan beartas sa tréimhse lenar bhain an t-athbhreithniú, nocht fianaise shoiléir, chomh maith, maidir le drochanáil an chúlaithe eacnamaíochta le linn na tréimhse céanna sin.

Tá dúshlán mór anois ann maidir le spriocanna agus le cuspóirí sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta a bhaint amach faoi na cúinsí reatha eacnamaíochta. Tá cruthúnas ina leith sin le fáil i suirbhé 2010 den *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC)*, a léiríonn ráta dearbh-bhochtaineachta 6.2 faoin gcéad don bhliain 2010, rud is méadú ar 4.2 faoin gcéad i 2008 agus 5.5 faoin gcéad i 2009. Cruthúnas atá sna méaduithe sin, in éineacht le torthaí an athbhreithnithe, ar a riachtanaí is atá sé an geilleagar a chur ag fás in athuair agus seirbhísí poiblí a chothabháil i slí chun an chuid is laige dár bpobal a chosaint.

Chuige sin, tá an Rialtas tar éis leathnú ar bhearta dreasaithe oibreachais a shocrú mar thosaíocht chun fostaíocht a bhrostú mar chor in aghaidh na héigeandála eacnamaíochta, lena mbainfidh de thairbhe fíor-fhás inbhuanaithe a thógáil.

Maidir le mo chuidse den fhreagracht ó thaobh na coimirce sóisialaí de, tá sé le léamh as torthaí SILC go bhfuil na haistrithe sóisialta fós ina líontán tarrthála atá riachtanach do dhaoine a chaill a gcuid oibre i 2009 agus i 2010. Aibhsíonn na staitisticí sin mar ar laghdaigh na haistrithe sóisialta na Rátaí maidir le Daoine i mBaol Bochtaineachta ó 51 faoin gcéad (roimh aistrithe sóisialta) go 16 faoin gcéad, rud a léiríonn maolú 69 faoin gcéad ar an mbochtaineacht maidir le lucht faighte íocaíochtaí leasa shóisialaigh, pinsin stáit, sochar linbh, srl. Léiríonn sé sin go soiléir cé chomh tábhachtach is atá an ról cobhsaithe a imríonn aistrithe sóisialta sa gheilleagar agus iad ina ndíon cosanta ag daoine ar an tionchar a imríonn an cúlú eacnamaíochta agus fioscach.

Leagtar amach i g*Clár um Théarnamh Náisiúnta 2011-2016* an Rialtais an creat atá ag an Rialtas chun téarnamh eacnamaíochta a bhaint amach. Cuifear le líon na ndeiseanna fostaíochta trí ghníomhachtú sa mhargadh oibreachais agus trí bhearta oiliúna scileanna agus oideachais. I measc na dtosaíochtaí is tábhachtaí tá bearta chun gaistí bochtaineachta a aithint agus chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine i mbun aistrithe ó chúnamh leasa shóisialaigh go dtí saol na hoibre. Ina theannta sin, leagtar amach sa Chlár sin gealltanais a bhaineann le bochtaineacht i measc leanaí agus le míbhuntáistí ó thaobh oideachais de.

Cé gur mór iad na dúshláin atá roimh an Rialtas agus roimh shochaí uile na tíre, tá sé fós ina phríomhchuspóir deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus é fós ina ghealltanas tábhachtach na spriocanna sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a chur i gcrích chun líon na ndaoine i mbochtaine a laghdú.

Joan Burton, T. D.
Aire Coimirce Sóisialaí

# Caibidil 1

## Réamhrá

Seoladh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007 go 2016 i mí Feabhra 2007. Leagtar amach ann clár fadréimsitheach agus cuimsitheach gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh shóisialta. Úsáidtear ann cur chuige saolré ina gcuirtear an duine ag croílár cúrsaí maidir le forbairt agus le seachadadh beartas, trí mheán na rioscaí roimh an duine sin a mheas, mar aon leis an saghas tacaíochta a bhíonn ar fáil ag céimeanna tábhachtacha saolré. Is iad seo leanas na céimeanna saolré atá ann: leanaí, daoine in aois oibre, daoine thar aois oibre agus daoine faoi mhíchumas. Tá caibidil maidir le pobail ann, chomh  maith.

Soláthraítear sa phlean sin creat straitéiseach maidir le comhordú níos fearr agus le comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar na struchtúir rialtais ar fud. Leagtar amach ann clár leathan cuimsitheach gníomhaíochta chun cabhrú le daoine atá fós gan na dálaí maithe maireachtála agus na deiseanna a bhíonn ag an móramh. Tá sraith cuspóirí agus spriocanna ardleibhéil sa phlean sin ina bhféachtar le tionchar cinniúnach a imirt ar an mbochtaineacht. Is é is aidhm leis na cuspóirí sin:

- Féachaint chuige go mbaineann leanaí barr a gcumais amach;
- Tacú le daoine in aois oibre agus le daoine faoi mhíchumas, trí bhearta gníomhachtaithe agus trí mheán seirbhísí a sholáthar a mhéadóidh ar an bhfostaíocht agus ar an rannpháirtíocht;
- An saghas tacaíochta a sholáthar a theastaíonn chun gur féidir le daoine thar aois oibre caighdeán ard compórdach maireachtála a chothabháil;
- Pobail inmharthana inbhuanaithe a fheabhsóidh saol na ndaoine a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste a thógáil agus caipiteal sóisialta a thógáil.

Tá sé mar ollchuspóir i gcoitinne sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta gearradh siar ar líon na ndaoine i ndearbh-bhochtaineacht[1] go dtí idir 2% agus 4% faoi 2012, d’fhonn deireadh a chur leis faoi 2016, ó ráta bunlíne 7% i 2005. Tugtar tosaíocht sa Phlean do 12 cuspóir ardleibhéil agus aithnítear ann 150 de spriocanna ar fud na réimsí beartais ar fad, rud is croílár don chur chuige straitéiseach, ina bhféachtar le gearradh siar go mór ar an mbochtaineacht agus le sochaí níos cuimsithí a thógáil sna blianta atá romhainn.

1 Ciallaíonn Dearbh-Bhochtaineacht tomhas oifigiúil Rialtas na hÉireann ar an mbochtaineacht. Ciallaíonn daoine i ndearbh-bhochtaineacht daoine le hioncam cuibhithe faoi 60% den ioncam meánach (i mbaol bochtaineachta) agus iad ag maireachtaint i dteaghlach ar a sonraítear dhá ghné ar a laghad de dhíothacht bhunúsach. Ar 11 ghné na díothachta tá, mar shampla, teach na muintire a choimeád measartha te, éadaí nua a cheannach, gaolta nó cairde a bheith ar cuairt ag teaghlach chun deoch nó béile a roinnt uair sa mhí.
Tá athbhreithniú ar siúl ag an Rialtas maidir leis an sprioc náisiúnta bochtaineachta. Tá an t-athbhreithniú sin ar siúl chun gur féidir leis an Rialtas spriocanna oiriúnacha indéanta a shocrú a fhreagraíonn do chuid na hÉireann de Straitéis Eorpach 2020 agus do na gealltanais sa chlár don rialtas (Clár 2011-2016 um Théarnamh Náisiúnta an Rialtais). Tá bailchríoch á cur ar an athbhreithniú anois agus cuirfear faoi bhráid an Choiste Comhaireachta um Chuimsiú Sóisialta é i dtreo dheireadh Feabhra.

**Struchtúr na Tuarascála**

Cuimsíonn an Tuarascáil seo maidir le 2009 agus 2010 an tréimhse ó Eanáir 2009 go Mí na Nollag 2010. Is í seo an tríú tuarascáil bhliantúil um chuimsiú sóisialta.

Thiomsaigh an Rannán um Chuimsiú Sóisialta den Roinn Coimirce Sóisialaí an tuarascáil seo mar chuid dá ról comhordaithe maidir le cur i bhfeidhm straitéisí rialtais um chuimsiú sóisialta trí mheán na meicníochtaí monatóireachta agus tuairiscithe dá ndéantar soláthar sa dá cháipéis *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* agus *I dTreo 2016*. Chuir an Rannán comhairliúchán leathan ar siúl le Ranna eile Rialtais a bhaineann le hábhar maidir le freagracht as seachadadh na gclár gníomhaíochta atá leagtha amach faoi *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*. Agus ábhar á thiomsú don Tuarascáil Bhliantúil seo, ainmníodh comhordaitheoirí agus lucht liaison sna Ranna ar fad chun dul ag obair i gcomhar leis an lucht foirne sa Rannán um Chuimsiú Sóisialta. Fuarthas tuairiscí ó Ranna maidir le dul chun cinn, le forbairtí tábhachta agus le hábhair eile. Ina theannta sin, cuireadh san áireamh agus an tuarascáil seo a thiomsú freagraí eile a soláthraíodh maidir le tionscnaimh ar bith eile a bhaineann le hábhar faoin b*Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a tharla tar éis na tréimhse a clúdaíodh.


Tá cur síos sa Tuarascáil seo ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean *Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a chur i bhfeidhm i 2009 agus i 2010, a fhreagraíonn go dlúth d'ábhar agus d'fhormáid an phlean agus don ábhar a chuir na ranna ábhartha rialtais ar fáil.

Tá caibidlí sa tuarascáil seo a chlúdaíonn gach céim de shaolré an duine. Leagtar amach i ngach caibidil, faoi seach, fís straitéiseach don chéim sin den saolré, na príomhfhorbairtí beartais a bhaineann leis an gcéim sin, agus an dul chun cinn atá déanta ina leith sin go nuige seo.

Tá cur síos i gCuid 1 den Tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta chun na Spriocanna Ardleibhéil san *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a fhorfheidhmiú sna céimeanna saolré. Leagtar aidhmeanna níos sainiúla amach sa Phlean *Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*, bunaithe ar an saolré, chomh maith, mar aon le cur síos sainiúil ar an dul chun cinn atá déanta go nuige seo maidir leis na haidhmeanna agus na gníomhartha sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a bhaineann le tréimhse ama na tuarascála seo agus forbairtí suntasacha ar bith, de réir mar atá leagtha amach i gCuid 2.

Déanfaidh an Coiste Comhaireachta um Beartas Sóisialta agus an Gasra Oifigeach Sinsearach um Beartas Sóisialta dul chun cinn a mheasúnú faoi na forálacha maidir le monatóireacht agus le tuairisciú rialta um an dul chun cinn, agus gníomhóidh dá réir. Cuirfear an tuarascáil ar fáil do lucht leasmhara lena mbaineann tábhacht agus don phobal i gcoitinne ar an suíomh idirlín atá ag an Rannán um Chuimsiú Sóisialta. www.socialinclusion.ie

**Léaráid 1: Forbhreathnú ar Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta**



# Caibidil 2

# Comhthéacs

## An Comhthéacs Eacnamaíochta agus Sóisialta

Bhí cúlú eacnamaíochta fós ar siúl in Éirinn i 2010, agus an geilleagar tar éis ráta diúltach fáis a fhulaingt don tríú bliain as a chéile. Ráta fáis -0.4% a bhain leis an GDP (Olltáirgeacht Intíre) i 2010. Bhí an t-easnamh comhardaithe poiblí ar an gceann is airde i mballstát de chuid an Aontas Eorpach agus an t-easnamh sin beagáinín faoin tríú cuid den GDP, méadú go dtí beagáiní thar 96% den GDP tagtha ar fhiacha an Rialtais, tar éis gan ach fiacha 25% den GDP a bheith ag an Rialtas i 2007. Bhí ráta fostaíochta na hÉireann faoi mheánráta an AE agus a ráta dífhostaíochta ar an séú ceann ab aoirde san AE.[2]

Suim €22,168 a bhí san ioncam cuibhithe bliantúil indiúscartha (.i. ioncam teaghlaigh arna chuibhiú do chomhdhéanamh an teaghlaigh) i 2010, rud is ionann agus titim 5.0% ar a luach i 2009, mar atá, €23, 326.[3]

Tá an éigeandáil eacnamaíochta tar éis dul i gcion go suntasach ar an bhfostaíocht, ar an dífhostaíocht agus ar an dífhostaíocht fhadtréimhseach. Tá an ráta fostaíochta tar éis titim ó 68.8 faoin gcéad sa chéad ráithe de 2007 go 59.6 faoin gcéad sa dara ráithe de 2011. Baineann suntas ar leith leis an laghdú ar ráta fostaíochta na bhfear, ó thit sé sin ó 77.5 faoin gcéad go 63.3 faoin gcéad sa tréimhse chéanna. Tá an ráta dífhostaíochta anois trí hoiread an ráta a bhí ann ag tús na tréimhse, mar atá, é tar éis a ardaithe ó 4.5 faoin gcéad go 14.3 faoin gcéad. Tá an difríocht idir rátaí na bhfear agus rátaí na mban le léamh arís ar an méadú faoi thrí a tháinig ar ráta dífhostaíochta na bhfear ó ráta 4.8 faoin gcéad i Ráithe 1, 2007 go 17.5 faoin gcéad i Ráithe 2, 2011. Tá an ráta dífhostaíochta 7.7 faoin gcéad sa dara ráithe de 2011 níos mó ná sé hoiread an ráta don chéad ráithe de 2007 (.i. 1.2 faoin gcéad).

Tá an méadú ar na rátaí sin tar éis brú a chur ar an gcóras leasa shóisialaigh agus ar na seirbhísí gníomhachtúcháin. Is cúis imní ar leith an méadú ar líon na daoine atá dífhostaithe go fadtréimhseach, mar gheall ar mheath a gcuid scileanna agus a dheacra is a bhíonn sé dóibh fostaíocht a aimsiú dá bharr sin. Ar na nithe eile a eascraíonn as na cúrsaí fostaíochta sin tá laghdúithe ar líon uaireanta oibre agus ar leibhéil tuarastal, méaduithe ar thobhaigh agus ar asbhaintí as pá oibrithe, athruithe ar théarmaí agus coinníollacha oibre agus bochtaineacht i measc oibrithe.

2 Dul Chun Cinn na hÉireann á Thomhas 2010, An Phríomhoifig Staidrimh

3 Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2010 (SILC), An Phríomhoifig Staidrimh

Ar na torthaí is measa a bhaineann leis an éigeandáil eacnamaíochta, tá méadú ar líon lucht faighte íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Léiríonn na figiúirí is déanaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil ag beagnach 2.1 milliún duine in aghaidh na seachtaine anois. Tá córas láidir coimirce sóisialaí ag Éirinn, trína laghdaítear de 60 faoin gcéad na Rátaí maidir le Daoine i mBaol Bochtaineachta trí aistrithe sóisialta (pinsin as an áireamh) – rud is ionann an éifeacht is mó ag aistrithe sóisialta ar an mbochtainteacht san AE. Ó 2009 i leith, tá an fhairsinge maidir le feabhsaithe leasa shóisialaigh ciorraithe ag an éigeandáil fhioscach, rud a d'fhág laghdú carnach 8 faoin gcéad i 2010 agus i 2011 ar na híocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaoine in aois oibre.


**Monatóireacht ar Threochtaí Bochtaineachta**

Tugtar léargas i Léaráid 2 ar na treochtaí bochtaineachta in Éirinn ó 2005 go 2010. Dearbh-Bhochtaineacht atá mar thomhas oifigiúil bochtainteachta in Éirinn[4]. Thit sé sin ó ráta bunlíne 7 faoin gcéad i 2005 go 4.2 faoin gcéad i 2008, sular tháinig méadú air thar dhá bhliain eile gur shroich 6.2 faoin gcéad i 2010. Léiríonn comhpháirteanna tháscairí na dearbh-bhochtaineachta gur tháinig laghdú leanúnach ar na rátaí maidir le daoine i mbaol bochtaineachta ó 18.5 faoin gcéad i 2005 go 14.1 faoin gcéad i 2008, sular mhéadaigh go 15.8 faoin gcéad i 2010.

Ó bhunlíne15 faoin gcéad, bhain an díothacht an pointe is lú amach i 2007 (12 faoin gcéad), sular tháinig méadú thar na blianta ina dhiaidh sin go 22.5 faoin gcéad i 2010. Is díol suntais an ráta a bhaineann le díothacht a bheith níos mó ná an ráta maidir le daoine i mbaol bochtaine anois. Sin athrú mór le beagán de bhlianta. Ina theannta sin, léirítear iomlán ilchodach na dtrí dtáscairí mar 32.1 faoin gcéad i 2010, rud is mó ná figiúr 2005, mar atá, 26.4 faoin gcéad.

4 Meastar daoine a bheith i ndearbh-bhochtaineacht má bhíonn ioncam a dteaghlaigh faoi 60% de mheánioncam (i mbaol bochtaine) agus iad ag maireachtaint i dteaghlach ar a sonraítear dhá ghné ar a laghad de dhíothacht bhunúsach de réir liosta 11 gné na díothachta.

**Léaráid 2: Treochtaí Bochtaineachta 2005 - 2010**




Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh, SILC 2005 – 2010

I dtuarascáil taighde 2010 leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), dár teideal *Monatóireacht ar Threochtaí Bochtaineachta in Éirinn 2004-2007,* scrúdaíodh na hathruithe maidir le rátaí bochtaineachta sna grúpaí saolré.

**Children**

Sa tréimhse 2004 go 2007, feabhsaíodh go mór na rioscaí bochtaineachta maidir le leanaí faoi bhun 5 bliain, le leanaí i dteaghlaigh mhóra agus le leanaí i dteaghlaigh aontuisteacha. Dá ainneoin sin, d'fhan an ráta bochtaineachta i measc leanaí níos airde ná rátai bochtaineachta sna céimeanna eile den saolré. Bhí leanaí a bhain le teaghlaigh aontuisteacha fós i mbaol mór bochtaineachta: sa bhliain 2007, ba le teaghlaigh aontuisteacha a bhain 65 faoin gcéad de na leanaí a bhí i ndearbh-bhochtaineacht. Ar na tosca eile a mhéadaigh bochtaineacht leanaí sa tréimhse sin bhí easpa gníomhaíochta i margadh an tsaothair, teaghlaigh gan duine ar bith ag obair iontu, leibhéil ísle oideachais agus líon mór leanaí i dteaghlach.

**Daoine in Aois Oibre**

Maidir leis an gcuid sin den daonra atá in aois oibre, ba le teaghlaigh aontuisteacha agus le daoine ina gcónaí ina n-aonar a bhain na feabhsaithe ba mhó: dá ainneoin sin, bhí na grúpaí sin i mbaol i bhfad níos maidir le bochtaineacht agus le dearbh-bhochtaineacht ná aosaigh ar bith eile in aois oibre. Tugann na teaghlaigh atá faoi cheannas duine nach bhfuil i gcumas dul ag obair de dheasca breoiteachta nó mhíchumais tamall níos sia lasmuigh de mhargadh an tsaothair ná daoine eile agus fanann tamall níos sia i mbochtaineacht. Tá nasc láidir idir bochtaineacht i measc daoine in aois oibre agus dífhostaíocht agus idir dífhostaíocht fhadtréimhseach agus teaghlaigh daoine gan duine ar bith ag obair iontu, go háirithe (tá an grúpa deiridh sin suas le 11 oiread níos dóichí a bheith bocht ná teaghlaigh lena mbaineann daoine ag obair). Aibhsítear sa tuarascáil na rátaí maidir le Daoine i mBaol Bochtaineachta mar 7 faoin gcéad dóibh siúd atá ag obair. Maidir le daoine bochta atá ag obair, is dream níos sine a bhformhór, clann orthu, obair pháirtaimseartha acu agus iad i dteaghlaigh le líon níos lú aosach ag obair iontu. Déantar tábhacht an phá íosta a choimeád a nótáil sa tuarascáil, mar aon le feabhas ar thacaíochtaí ioncam leanaí do theaghlaigh ar ioncaim ísle trí fhorlíonadh a bhaineann le sochar linbh.

**Seanóirí**


Tá nasc láidir idir an ráta níos ísle bochtaineachta i measc seanóirí lena bheith ag brath ar an bpinsean stáit. Dá ainneoin sin, tá roinnt seanóirí lena mbaineann rioscaí níos mó ó thaobh na bochtaineachta de: iad siúd a chónaíonn ina n-aonar agus iad siúd ar a bhfuil drochshláinte nó michumas.

**Dul Chun Cinn maidir leis an Sprioc Náisiúnta um Bochtaineacht**

Léiríonn Léaráid 3 an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna náisiúnta bochtaineachta, cuid na hÉireann de sprioc bochtaineachta an AE san áireamh. Tá an sprioc náisiúnta bochtaineachta dírithe ar laghdú na dearbh-bhochtaineachta go dtí idir 2-4% faoi 2012 agus deireadh ar fad a chur léi faoi 2016, agus an bhliain 2005 in úsáid mar bhunlíne chuige sin. Léirítear ar ais chlé na léaráide sin an dul chun cinn ina leith sin atá déanta go nuige seo, agus léirítear leis an líne ghorm an treocht i gcéatadán maidir le ráta na dearbh-bhochtaineachta idir 2005 agus 2010, agus leis na boscaí gorma na spriocanna eatramhacha agus deiridh. Tá bearna idir 2.2 agus 4.2 de phointí céatadáin idir ráta 2010 agus an ráta eatramhach.

Tá an sprioc náisiúnta bochtaineachta faoi athbhreithniú ag an Rialtas faoi láthair. Is é cuspóir an athbhreithnithe sin ná Éire a chur i gcumas spriocanna oiriúnacha indéanta a shocrú agus a bhaint amach, chun cuid na hÉireann de Straitéis Eorpach 2020 a chur i gcrích.

**Léaráid 3: Dul Chun Cinn maidir leis an Sprioc Náisiúnta um Bochtainteacht (2005-2016)**





## An Bhochtaineacht agus an tAE

Tá faisnéis chomparáideach maidir leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta sna Ballstáit le fáil ó Eurostat, mar oifig oifigiúil staidrimh an AE. Is leis an mbliain 2009 a bhaineann na figiúirí is déanaí i dtaobh na dtíortha ar fad.[5] Léirítear i Léaráid 4 na Rátaí maidir le Daoine i mBaol Bochtaineachta do na Ballstáit i 2009. Ráta 15 faoin gcéad a bhí ag Éirinn, rud is 1.3 pointe céatadáin níos lú ná na Rátaí maidir le Daoine i mBaol Bochtaineachta do na tíortha AE-27.

5 Ba chóir go mbeadh fáil ar shonraí 2010 na dtíortha ar fad go luath sa bhliain 2012; féach http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/europe_2020_indicators/headline_indicators


**Léaráid 4: Rátaí maidir le Daoine i mBaol na Bochtaineachta ar fud an AE, 2009**




Foinse: Eurostat EU-SILC 2009

Léiríonn Léaráid 5 na Rátaí Bundíothachta ar fud an AE i 2009. Ráta 17.1 a bhain le hÉirinn agus leis na tíortha EU-27.

**Léaráid 5: Rátaí Bundíothachta ar fud an AE, 2009**




Foinse: Eurostat EU-SILC 2009

Sa bhliain 2009 chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí maoiniú ar fáil do thuarascáil taighde ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, dár teideal *Bochtaineacht agus Díothacht in Éirinn: Perspictíocht Chomparáideach*. Rinneadh staidéar grinn i gcomhair na tuarascála sin ar na rátaí bochtaineachta in Éirinn trí pheirspictíocht AE, bunaithe ar shonraí 2006 EU SILC. Baineadh úsáid sa staidéar sin as na táscairí i mbaol bochtaineachta agus dearbh-bhochtaineachta agus déantar iad sin a thomhas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Agus na Ballstáit á gcur i gcomparáid lena chéile, déantar idirdhealú sa tuarascáil sin idir sé aicme leasa shóisialaigh: daonlathach sóisialach, liobrálach, corparáidíoch, dheisceart na hEorpa agus iar-chumannach. Lonnaítear Éire sa ghrúpa liobrálach, in éineacht leis an Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, déantar scrúdú níos mine sa tuarascáil sin ar chomparáid idir na tíortha seo a leanas: Éire, an Ríocht Aontaithe, an Fhionlainn, an Ostair, an Phortaingéil, Poblacht na Seice agus an Eastóin, mar shampla de réimse réimeas leasa shóisialaigh i dtíortha sách beag san Eoraip (seachas an Ríocht Aontaithe). Ba é an rud ba mhó a tháinig as an staidéar sin ná nach bhfuil ag éirí go ró-mhaith le hÉirinn i gcomparáid le caighdeáin an AE, cuma cé na slaití tomhais a bhíonn in úsáid chun an bhochtaineacht a mheas. Freagraíonn sé sin don éagothroime socheacnamaíoch in Éirinn a bhaineann le dífhostaíocht agus le haontuisteachas. San aeráid eacnamaíoch atá anois ann, is é a mholtar sa tuarascáil ná gur cheart go mbeadh sé ina thosaíocht ag Éirinn ó thaobh beartais de dul i ngleic leis hiarmhairtí a leanann eisiamh ó mhargadh an tsaothair agus leis an aontuisteachas.

**Eoraip 2020**

I Meitheamh na bliana 2010, ghlac Comhairle na hEorpa le straitéis *Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás glic inbhuanaithe cuimsitheach*, ina leagtar amach fís maidir le geileagar mhargaidh shóisialta na hhEorpa san 21ú céad.[6] Tá cúig mhórsprioc sa straitéis sin, mar atá: fostaíocht; taighde agus forbairt; athrú aeráide; oideachas; agus bochtaineacht. B'shin an chéad uair don Eoraip glacadh le sprioc i leith na bochtainteachta.

Tá sprioc bochtaineachta *Eoraip 2020* dírithe ar an eisiamh sóisialta a mhaolú, trí mhaolú na bochtaineachta go háirithe, agus le 20 milliún duine ar a laghad  a thabhairt slán ó bhaol na bochtaineachta agus an eisiaimh ar fud an AE faoi 2020. Mar thaca leis an sprioc sin, tá ceangal ar gach ballstát sprioc náisiúnta i leith na bochtaineachta a shocrú mar chabhair chun an sprioc Eorpach a bhaint amach.

6 Conclúidí Chomhairle na hEorpa, 17ú Meitheamh 2010.

**Clár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann faoi Eoraip 2020**

Baineann cuid na hÉireann den sprioc Eorpach le 186,000 duine ar a laghad a thabhairt slán as dearbh-bhochtaineacht faoi 2016, agus an bhliain 2008 in úsáid mar bhunlíne chuige.[7] Tá an figiúr sin bunaithe ar an sprioc náisiúnta um bochtaineacht a leagtar amach faoi Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*,* .i. ráta na dearbh-bhochtaineachta a laghdú go dtí idir 2-4 faoin gcéad faoi 2012 agus deireadh ar fad a chur léi faoi 2016.

**Ardán na hEorpa i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta**

Bhunaigh Coimisiún na hEorpa established Ardán na hEorpa i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta mar cheann dá seacht dtionscnamh suaitheanta i Straitéis Eoraip 2020 an Aontais Eorpaigh. Dírítear san Ardán sin ar gealltanas a chruthú i gcomhair na mBallstát, i gcomhair Institiúidí an Aontais Eorpaigh agus i gcomhair an lucht leasmhara is tábhachtaí i gcoitinne, d'fhonn dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Toisc gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh laghdú ar bhuiséid phoiblí le sonrú ar na deich mbliana seo chugainn, ar a laghad, caithfear gníomh a ghlacadh chun éifeachtúlacht agus muinín a fheabhsú trí mheán teacht ar bhealai nua rannpháirtíocha chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus leanúint leis an bhforbairt ar bheartais coiscthe agus díriú ar riachtanais ar a dteacht chun cinn. Is rud é a oibríonn i gcomhar leis na spriocanna suaitheanta eile a bhfuil nasc láidir aige leo, ina ndírítear ar cur leis an bhfostaíocht agus ar feabhas a chur ar chúrsaí oideachais agus scileanna.

**Tosaíochtaí ag Teacht Chun Cinn**

Mar a léirítear sa *Ghníomh Náisiúnta um Eisiamh Sóisialta 2007 go 2016*, Tá an Rialtas tiomanta ar chur chuige straitéiseach comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann le bochtaineacht agus le heisiamh sóisialta a chosc agus a mhaolú, agus creat saolré in úsáid chuige sin, ina ndírítear ar leanaí, ar dhaoine in aois oibre, ar sheanóirí, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar phobail (ar a n-áirítear ceantair tuaithe agus uirbeacha faoi mhíbhuntáiste, inimircigh, an lucht siúil agus daoine gan dídean).

Is iad atá mar thosaíochtaí ag Éirinn sna cúinsí reatha ná, fás an gheilleagair agus fás na fostaíochta a athshlánú, cur leis na bearta um margadh gníomhach saothair agus an chuid is leochailí den phobal a dhíonadh ar ualach an chomhdhlúthaithe fhiscigh.

Tá margadh cuimsitheach saothair ag croílár beartas um chuimsiú sóisialta. Ciallaíonn sé sin go bhféachtar chuige go dtéann na buntáistí a bhaineann le fás na fostaíochta chun tairbhe do gach earnáil den sochaí. Tá beartaithe feabhsaithe gníomhaíochta sa

7 Ciallaíonn an sprioc sin líon na ndaoine a thabharfaí slán ó bhochtaineacht ach ráta dearbh-bhochtaineacht 2008 (4.2 faoin gcéad) a laghdú go dtí 0 faoin gcéad. Tá an figiúr sin bunaithe ar mheastachán a rinne an Phríomhoifig Staidrimh maidir le daonra na tíre i 2008, mar atá, 4,422,100 duine. Ar an dóigh chéanna, tá sé mar sprioc eatramhach idir 9,000 agus 97,000 duine a thabhairt slán amach as dearbh-bhochtaineacht.

Phlean Náisiúnta um Théarnamh agus dreasacht níos treise chun filleadh ar obair ina réimsí tábhachtacha beartais chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh mhuintir na hÉireann faoi láthair. Tá tosaíocht á tabhairt do bhearta chun cabhrú le tuismitheoirí aonair, le daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus le teaghlaigh gan duine ar bith ag obair iontu obair a fháil. Beidh sé ina chabhair, chomh maith, an leas is mó is féidir a bhaint as deiseanna fostaíochta do ghrúpaí ar an imeall, maidir le dul i ngleic le bochtaineacht i measc leanaí in Éirinn.

**Eisiamh airgeadais agus Ró-fhéichiúnas**

Tá ag treisiú ar an eisiamh airgeadais agus ar an ró-fhéichiúnas i measc teaghlach mar mhír thábhachtach de bheartas sóisialach na hÉireann i dtráth seo an chúlaithe eacnamaíochta. Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta staidéar nua taighde a fhoilsiú, dár teideal *Eisiamh Airgeadais agus Ró-fhéichiúnas i dTeaghlaigh in Éirinn*, ina soláthraítear eolas bunlíne maidir lena leithne is atá an t-eisiamh airgeadais in Éirinn, a chuimsíonn cuntais baint, cúrsaí creidmheasa, airgead i dtaisce agus árachas tí.[8] Ina theannta sin, soláthraítear mionsonraí ann maidir lena leithne is atá ró-fhéichiúnas teaghlaigh agus maidir le tosca bunúsacha baoil.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí an taighde:

- Gan cuntas bainc a bheith ag fiche faoin gcéad de na teaghlaigh, mar an an phríomhtháscaire maidir leis an eisiamh airgeadais. Ar na teaghlaigh is minicí gan cuntas bainc a bheith acu bíónn seanóirí, daoine dífhostaithe, tuismitheoirí aonair, tionóntaí i dtithíocht shóisialta agus daoine le hioncaim ísle.
- Gan a bheith ar a gcumas ag a leath de na teaghlaigh airgead a chur i dtaisce, gach ceathrú ceann gan árachas tí acu agus gan teacht ar sheirbhísí creidmheasa ag gach deichiú ceann acu.
- Tá patrún soiléir eisiaimh shóisialta le sonrú ar ghrúpaí leochaileacha, go háirithe maidir le daoine ar ioncam íseal.
- Tá triúr Éireannach, ar an meán, in éamais cuntas bainc, taobh le duine amháin, ar an meán, i dtíortha eile de chuid an AE.
- Tá an ró-fhéichiúnas ag cur as do níos mó ná cúig faoin gcéad de na teaghlaigh agus riaráistí dianseasmhacha ag ocht faoin gcéad díobh maidir le billí fóntais, le híocaíochtaí tithíochta agus le hiasachtaí pearsanta. Is ag dul in olcas atá cúrsaí, más fior do na sonraí is déanaí.
- Ioncam íseal, seachas tomhaltas ard, is mó is cúis leis an ró-fhéichiúnas. Titim obann ioncaim is mó a spreagann ró-fhéichiúnas, agus is daoine i dtithíocht ar cíos is mó a bhíonn ina mbaol.

8 Tá fáil ar an tuarascáil ar an nasc thíos: http://www.socialinclusion.ie/publications/documents/2011_03_07_FinancialExclusionPublication.pdf

# Caibidil 3

# Leanaí

**Cuid a hAon**

**Fís**

Is mar seo a leagtar amach an fhís maidir le leanaí in Éirinn faoi Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016: sochaí ina mbíonn meas ar leanaí mar shaoránaigh óga a bhfuil rud luachmhar dá gcuid féin le tairiscint acu agus glór dá gcuid féin acu; ina gcaomhnaíonn an teaghlach agus an pobal mór gach leanbh; ina mbíonn óige shásta ag leanaí agus deis acu lán a gcumais a bhaint amach. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus tá tiomantas aici é a fhorfheidhmiú inár ndlíthe agus inar mbeartais.

Chun an fhís sin a chur i gcrích, tá tiomantas tugtha ag an Rialtas agus ag na páirtithe sóisialta obair a dhéanamh i gcomhar lena chéile ar feadh deich mbliana amach anseo i dtreo na spriocanna fadtréimhseacha seo a leanas a bhaint amach maidir le leanaí in Éirinn:

- Ba chóir go bhfásfadh gach leanbh aníos i dteaghlach ag a mbíonn fáil ar dhóthain acmhainní, tacaíochtaí agus seirbhísí chun an leanbh sin a chothú, cúram a ghlacadh de/di agus forbairt an linbh a chur chun cinn, mar aon lena rannpháirtíocht iomlán cothrom i gcomhthéacs na sochaí
- Ba chóir go mbeadh fáil ag gach teaghlach ar sheirbhísí um chúram linbh de réir mar a oireann do chúinsí saoil agus do riachtanais a leanaí
- Ba chóir go mbeadh léamh agus scríobh ag gach leanbh sula bhfágann an scoil
- Ba chóir go gcríochnódh gach leanbh sraith shinsearach nó a chomhionann de chlár (TFC san áireamh), de réir mar a oireann do chumas agus do spéis an linbh
- Ba chóir go mbeadh fáil ag gach leanbh ar sheirbhísí sláinte, ar sheirbhísí pearsanta leasa shóisialta agus ar chóiríocht chuí
- Ba chóir go mbeadh fáil ag gach leanbh ar dheiseanna súgartha, spóirt, áinleasa agus cultúrtha den scoth, mar bharr maise ar a thaithí óige
- Beidh fáil ag gach leanbh agus ag gach duine óg ar rannpháirtíocht chuí maidir le cinneadh a ghlacadh ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta.

**Spriocanna Ardleibhéil**

**Sprioc 1: Oideachas**
*A chinntiú go gcuirfear oideachas réamhscoile ar fáil do leanaí ó phobail bhunscoileanna uirbeacha arna gclúdach ag an bplean gníomhaíochta Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS .i. DEIS).*

**Sprioc 2: Oideachas**
*Laghdú a dhéanamh ar chionmhaireacht na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí móra litearthachta acu i mbunscoileanna a fhónann do phobail faoi mhíbhuntáiste. An sprioc ná an chionmhaireacht a laghdú de leath ón 27% go 30% i láthair na huaire go faoi bhun 15% faoi 2016.*

**Sprioc 3: Oideachas**
*Féachaint chuige go sáróidh an chionmhaireacht den daonra d'aois 20-24 a chríochnóidh oideachas sinsearach dara leibhéil nó a chóibhéis 90% faoi 2013.*

**Sprioc 4: Tacaíocht Ioncaim**
*Comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim linbh a choimeád ag 33%-35% den íocaíocht íosta leasa shóisialaigh don duine fásta ar feadh thréimhse an Phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim leanaí a fhéachann le cabhrú le leanaí i dteaghlaigh ar ioncam íseal.*

**Príomhfhorbairtí Beartais**

Tharla nó cuireadh tús le scata forbairtí agus tionscnamh idirnáisiúnta agus náisiúnta i 2009/2010 maidir le leanaí, nithe a bhaineann le hábhar maidir le spriocanna agus le haidhmeanna faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta.

Leagadh an bhéim is mó ar aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht i measc leanaí agus ar chur chun cinn leas leanaí faoi Uachtaránacht Trio 2010 an AE, ar a raibh de bharr buaice comhdháil mhór idirnáisiúnta arna heagrú ag an Uachtaránacht Bheilgeach i Meán Fómhair 2010[9]. Le deireanas, chuir Comhairle EPSCO[10] scata moltaí chun cinn maidir le leas leanaí agus le bochtaineacht i measc leanaí.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí an scéim ECCE (bliain réamhscoile saor in aisce) a tugadh isteach agus a rath a lean an scéim sin ina forbairt shuntasach, agus an cleachtas idirnáisiúnta is fearr mar fhianaise ar thábhacht na hidirghabhála luaithe (mar shampla, trí mheán seirbhísí réamhscoile den scoth a sholáthar) maidir le dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil agus le ciorcad na bochtaineachta a bhriseadh. Forbairt shuntasach eile ab ea an Roinn um Leanaí agus Gnóthaí Óige, a cuireadh ar bun i Mí na Bealtaine, 2011.

9 Féach tuairisc na comhdhála, Frazer, H. (2010) An cuma le daoine? Treochlár maidir le moladh chun cur i gcoinne na bochtaine, An Bhruiséil: Fundúireacht King Baudouin.
10 EPSCO (2011) Cur i gcoinne bhochtaineacht leanaí agus leas leanaí a chur chun cinn - Conclúidí na Comhairle 11844/11, 17ú Meitheamh.

Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tar éis an obair a bhí ar siúl ag an iar-Oifig um Leanaí agus Gnóthaí Óige a ghlacadh faoina cúram, chomh maith le roinnt feidhmeanna/réimsí freagrachta maidir le leanaí agus le daoine óga a bhíodh á roinnt idir Ranna éagsúla roimhe sin. Soláthróidh bunú na Roinne nua fócas níos treise ar leanaí agus ar dhaoine óga.

**Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil**

Baineann ceithre cinn den dá sprioc ardleibhéil déag faoi Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 le leanaí. Tá sé sin ag teacht leis an bhfís maidir le leanaí a leagtar amach sa cháipéis *I dTreo 2016* agus tugann aitheantas do leanaí (go háirithe do leanaí i dteaghlaigh gan duine ar bith iontu ag obair) mar dhream atá níos mó i mbaol na bochtaineachta ná daoine fásta. Leagtar béim sna spriocanna ardleibhéil sin ar oideachas agus ar thacaíochtaí ioncam mar réimsí tosaíochta. Ina theannta sin, tá 37 aidhm sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta a bhaineann le leanaí, rud a chuimsíonn forbairt agus cúram luath-óige, mar aon le cúrsaí cothaithe, le daoine óga gan dídean, le cúrsaí dlí agus cirt do leanaí agus le rannpháirtíocht leanaí i bpróisis a bhaineann le cinneadh a dhéanamh.

**Sprioc 1: Oideachas**
*A chinntiú go gcuirfear oideachas réamhscoile ar fáil do leanaí ó phobail bhunscoileanna uirbeacha arna gclúdach ag an bplean gníomhaíochta Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS .i DEIS).*

- Tá an sprioc ardleibhéil sin caite i gcártaí anois agus scéim nua na bliana réamhscoile saor in aisce (scéim ECCE) curtha ina áit do gach leanbh ó Eanáir 2010, rud is aistriú mór beartais ó idirghabhálacha dírithe Luath-Óige go dtí soláthar uilíoch. Is tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a eagraítear an scéim sin agus a riartar í agus sa chéad bhliain iomlán i mbun feidhme di, bhain 94 faoin gcéad de na leanaí san aoisghrúpa cáilithe leas ás na hionaid réamhscoile saor in aisce a bhí ag dul dóibh. Tá níos mó ná 4,000 seirbhís réamhscoile rannpháirteach sa scéim ECCE anois. Tá an ráta caipitíochta is airde á fháil ag thart faoi 20 faoin gcéad de na seirbhísí sin.

- Tá dhá chreat cleachtais á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Síolta agus Aistear) mar thaca le soláthar ar ardchaighdeán a fhorbairt maidir le seirbhísí réamhscoile. Tá an Clár Deimhnithe Cáilíochta atá á reáchtáil ag Síolta á chur i bhfeidhm ar bhonn tástála allamuigh ag Eagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí in éineacht leis an Aonad um Beartas Oideachais Luath-Óige.

- Roghnaíodh 25 comhordaitheoir le Síolta as na hEagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí agus cuireadh oiliúint orthu chun tacaíocht shainiúil a sholáthar i gcomhthéacs rannpháirtíochta ECCE. Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna dá cuid oibre i gcomhar le ranna eile agus le gníomhaireachtaí eile, d’fhonn cur le luach na scéimeanna reatha um chúram leanaí.

**Sprioc 2: Oideachas**
*Laghdú a dhéanamh ar chionmhaireacht na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí móra litearthachta acu i mbunscoileanna a fhónann do phobail faoi mhíbhuntáiste. An sprioc ná an chionmhaireacht a laghdú de leath ón 27% go 30% i láthair na huaire go faoi bhun 15% faoi 2016.*

Thuairiscigh an Roinn Oideachais agus Scileanna dul chun cinn maidir le scata tionscnamh DEIS, ar a n-áirítear:

- Cuireadh 17 scoil eile leis an gClár um Breith ar an Léitheoireacht, rud a thugann a líon suas go 229 scoil DEIS

- Rinneadh an Clár um Chéimeanna Tosaigh a sheachadadh i 338 scoil, rud is méadú go 55 scoil DEIS

- Cuireadh 27 scoil eile leis an gClár um Breith ar an Matamaitic i 2010, rud a thugann líon iomlán scoileanna rannpháirteacha DEIS suas go 294

- Tháinig méadú go 258 i 2010 ar líon na scoileanna DEIS a raibh Clár Ullamh Chun Dul le Matamaitic á chur i bhfeidhm acu.

- Maidir le hoideachas dara leibhéal, chuir 184 scoil DEIS an Clár Scoile um an Teastas Sóisearach ar fáil agus chuir 29 scoil Tionscadal Leabharlann Léirithe.

- Tá measúnú uileghabhálach ar chóras DEIS ó 2006 i leith ar siúl ag an bhForas Taighde ar Oideachas (ERC). Tá an measúnú sin dírithe ar mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm an chláir agus ar a thionchar a mheas maidir le daltaí, le teaghlaigh, le scoileanna agus le pobail, maidir le bunscoileanna agus le meánscoileanna.

- Tá tuarascáil idir lámha fós le foilsiú (an dara ceann dá sraith[11]) ina bpléitear le measúnú DEIS ar leibhéal na bunscoile le haird ar leith ar athrú maidir le léamh an Bhéarla agus le scileanna matamaitice idir 2007 agus 2010. Léiríonn na torthaí tosaigh gur tháinig feabhas, ar an meán, ar scileanna léitheoireachta agus matamaitice i scoileanna uirbeacha, i gcomparáid idir an aois mheánach léitheoireachta i 2007 taobh lena comhionann i 2010.

- Tharla scata forbairtí eile maidir le pleanáil agus le socrú spriocanna. Cuireadh teimpléad sainchóirithe pleanála ar fáil do na scoileanna DEIS ar fad faoi chríoch 2010. Rinne Cigirí na Roinne measúnú maidir leis an éifeacht a bhain le pleanáil agus le spriocanna a shocrú i 18 bunscoil agus i 18 meánscoil faoi chóras DEIS[12]. Moltar sa tuarascáil sin creat pleanála DEIS a chur ar fáil do gach uile scoil, d'fhonn cabhrú leo forbairt a scoile a phleanáil, mar aon le próisis féin-mheasúnaithe. Tá an tuarascáil a bhaineann leis na meánscoileanna á meas anois ag an Roinn.

---

11 Tá tuarascáil a foilsíodh cheana maidir le DEIS, ina ndírítear ar mhíbhuntáiste tuaithear fáil ar líne ar an suíomh idirlín a ghabhann leis an bhForas Taighde ar Oideachas (www.erc.ie).

12 Léiríonn toradh an mheasúnaithe ar bhunscoileanna DEIS go bhfuil gá le próiseas córasúil pleanála a chuimsíonn socrú spriocanna, cur i bhfeidhm straitéis agus idirghabhálacha iomchuí chun na spriocanna socraithe a bhaint amach, monatóireacht ar dhul chun cinn agus athbhreithniú ar spriocanna i scoileanna DEIS.

**Sprioc 3: Oideachas**
*Féachaint chuige go sáróidh an chionmhaireacht den daonra d'aois 20-24 a chríochnóidh oideachas sinsearach dara leibhéil nó a chóibhéis 90% faoi 2013.*

- Tá cur chuige le bonn leathan á ghlacadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun dul i ngleic le luathfhágáil scoile. Tá feabhsú láithreachta, dul ar aghaidh, fanúint ar scoil agus earmaise ina gcoda lárnacha de chóras DEIS. Cuimsíonn sé sin idirghabhálacha saindírithe, mar shampla, an Clár Críochnaithe Scoile, atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga i mbaol na luathfhágála; agus na Seirbhísí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, ina mbunaítear páirtíocht agus comhoibriú idir tuismitheoirí agus múinteoirí chun foghlaim leanaí a chur chun cinn, chun an leas is mó is féidir a bhaint as cumas foghlama leanaí. Áirítear ar ghnéithe eile den chur chuige sin maoiniú breise do dhaltaí i mbaol luathfhágáil na scoile agus roghanna malartacha curaclaim (an Clár um an Teastas Sóisearach i Scoileanna, an Gairmchlár Ardteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach).

- I Meán Fómhair 2009, rinneadh an Clár Críochnaithe Scoile, na Seirbhísí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, an tSeirbhís um Leas Oideachais agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do dhaltaí Lucht Siúil a chomhtháthú le chéile faoin mBord Náisiúnta Leasa Oideachais[13]. Cuireadh tús leis an obair a bhaineann le cur chuige aontaithe straitéiseach a phleanáil agus a fhorbairt maidir le láithreacht, le fanúint ar scoil agus le rannpháirtíocht faoi stiúir grúpa stiúrtha tionscadail a bhunaigh an Bord[14].

- Sa tuarascáil is déanaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna, mar atá, *An Tuarascáil maidir le Rátaí Fanúna ar Scoil i Meánscoileanna* foilsítear rátaí fanúna daltaí a chuaigh isteach sa chéad bhliain den sraith shóisearach sna blianta 1991 go 2004 agus a chríochnaigh a gcuid oideachais ar an dara leibhéal i 2010 ar a dhéanaí. Léiríonn an tuarascáil na nithe seo a leanas:

    - Fás thart ar 6 faoin gcéad ar líon na ndaltaí a rinne an Ardteistiméireacht i gcoitinne, go 87.7 faoin gcéad in imeacht 8 bliain
    - Fás meánach 5 faoin gcéad, ó 68.2 faoin gcéad go 73.2 faoin gcéad, ar líon na ndaltaí a chuaigh isteach i scoileanna den dara leibhéal i 2001 go 2004, de réir an ráta neamhchuibhithe fanúna Ardteistiméireachta i scoileanna DEIS, cé gur tháinig fás (neamhchuibhithe) ar an ráta fanúna i scoileanna eile ó 85.0 faoin gcéad go 87.4 faoin gcéad maidir leis na grúpaí céanna iontrála.

---

13 Tarraingíodh siar an tSeirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta don Lucht Siúil (VTST) ar an 31ú Lúnasa 2011, mar cheann de na bearta faoi Phlean Náisiúnta um Théarnamh 2011 go 2014, chun coigiltí caiteachais a bhaint amach i scoilbhliain 2011/2012. Cuirfear tacaíochtaí teagaisc oideachasúla i scoileanna ar fáil do dhaltaí Lucht Siúil ar an mbonn céanna le daltaí eile, bunaithe ar 'riachtanas oideachasúil an duine', seachas ar 'Aitheantas Lucht Siúil', rud is prionsabal croíláir ag *Tuarascáil agus Moltaí maidir le Straitéis Oideachais Lucht Siúil*.

14 Cuireadh i bhfeidhm ar an 11ú Mí an Mheithimh 2011 aistriú na n-eagras seo a leanas go dtí an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige: an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, an Clár Críochnaithe Scoile agus na Seirbhísí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail. Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige araon dá gcuid oibre i gcomhar lena chéile chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile.

**Sprioc 4: Tacaíocht Ioncaim**
*Comhluach na mbeart tacaíochta ioncaim linbh a choimeád ag 33%-35% den íocaíocht íosta leasa shóisialaigh don duine fásta ar feadh thréimhse an Phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim leanaí a fhéachann le cabhrú le leanaí i dteaghlaigh ar ioncam íseal.*

- Maidir le Sochair Linbh, coimeádadh na rátaí sin i gCáinaisnéis 2009. Mar gheall ar na srianta fisceacha, laghdaíodh na rátaí maidir le Sochar Linbh i gCáinaisnéis 2010. Tugadh isteach, áfach, bearta cúitithe (sna Méaduithe i leith Linbh Chleithiúnaigh agus san Fhorlíonadh um Ioncam Teaghlaigh) mar dhíon do theaghlaigh ar dóichí go mbeadh leanaí leo thíos leis na laghduithe sin. Chinntigh sé sin go ndéanfaí de réir na spriocanna ardleibhéil maidir le tacaíochtaí hioncaim bainteach le leanaí. Leis na hathruithe sin ar na rátaí maidir le Sochar Linbh leantar den aistriú leanúnach ón gcóras tacaíochta ioncaim uilíoch do leanaí, den chuid is mó, a bhí le sonrú ar an tréimhse thart faoi chúig bhliain isteach sa chéad seo, go dtí córas measctha le céatadán na n-íocaíochtaí uilíocha mórán ar aon luach le céatadán na n-íocaíochtaí roghnaitheach (51 faoin gcéad:49 faoin gcéad i 2010).

- Sa tréimhse 2009 – 2010, rinneadh athbhreithniú ar na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh, mar aon leis na beartais agus na cláir a bhaineann leo. Scrúdaítear sa tuarascáil sin na haidhmeanna a ghabhann le beartas na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh, agus measadh iad a bheith bailí i gcónaí i gcás go raibh an caiteachas clár agus na costais riaracháin a bhain leo ag freagairt go maith do na cuspóirí sin, nó arbh fhéidir toradh níos fearr a bhaint amach agus tionchar níos fearr a imirt ar chúrsaí ach cur chuige éigin eile a ghlacadh. Nocht an tAthbhreithniú gá le réasúnú ar an gcóras reatha maidir le Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh, ó thaobh íocaíochtaí agus clár roghnaithe go háirithe, d’fhonn cabhair níos comhleanúnaí a sholáthar do theaghlaigh ar ioncam íseal agus tuismitheoirí a spreaga chun glacadh le fostaíocht.

**Tá eolas maidir le Dul Chun Cinn faoi spriocanna eile agus faoi ghníomhartha a bhaineann go sonrach le leanaí le fáil i gCuid a Dó.**

# Caibidil 4

# Daoine in Aois Oibre

## Cuid a hAon

### Fís

Is í an fhís mar a leagtar amach í sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007 - 2016* maidir le Daoine in Aois Oibre ná Éire ina mbíonn ioncam a ndóthain ag gach Duine in Aois Oibre agus deiseanna a ndóthain rannpháirtíocht a ghlacadh i saol eacnamaíochta agus sóisialta a linne agus ina soláthraítear, trí na seirbhísí poiblí, réimse leathan tacaíochtaí do gach duine agus do gach teaghlach, i slí a chuireann lena dtaitneamh saoil agus a théann chun a leasa agus a bhfolláine.

Chun an fhís sin a fhíorú, tá sé de thiomantas ag an Rialtas agus ag na páirtithe sóisialta oibriú le chéile sna deich mbliana amach anseo chun na spriocanna fadtréimhseacha seo a leanas maidir le Daoine in Aois Oibre a fhorfheidhmiú:

- Ba chóir go bhfaigheadh gach duine in aois oibre spreagadh agus tacaíocht chun a bheith lán-rannpháirteach sa saol sóisialta, cathartha agus eacnamaíochta;
- Ba chóir go mbeadh fáil gach duine in aois oibre ar fhoghlaim feadh saoil, go mbraithfeadh sé nó sí slán sábháilte go pearsanta i dtimpeallacht athraithe oibre agus deis aige nó aici cothromas a bhaint amach idir saol na hoibre agus tiomantais teaghlaigh, ag teacht le riachtanais ghnó;
- Ba chóir go bhfaigheadh gach duine in aois oibre leibhéal ioncaim ar leor é chun leibhéal inghlactha maireachtála a chothabháil agus é de chumas aige nó aici soláthar a dhéanamh maidir le hioncam leordhóthaineach in aois scoir den obair;
- Ba chóir go mbeadh fáil ag gach duine in aois oibre de lucht faighte leasa shóisialaigh ar thacaíochtaí a chuimseoidh dul chun cinn agus cuimsiú, rochtain ar dheiseanna oibre agus foghlama den scoth, mar aon le spreagadh i dtreo níos mó den fhéin-mhuinín agus den neamhchleithiúnas a bheith ag duine;
- Bheadh comhionannas deiseanna agus díon in aghaidh leathcheala ag gach duine, beag beann ar chúlra ná ar ghnéas an duine sin;
- Bheadh rochtain ag gach teaghlach ar chúram sláinte agus sóisialta, ar chóiríocht inacmhainne a oireann dá riachtanais agus ar chóras maith iompair phoiblí;
- Bheadh fáil ag gach duine ar a luíonn freagrachtaí cúramóra ar thacaíochtaí iomchuí chun freastal a dhéanamh ar na freagrachtaí sin agus ar thiomantais fostaíochta agus eile.

**Spriocanna Ardleibhéil**

**Sprioc 5: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht**
*Cur chuige gníomhach bainistithe cásanna a thabhairt isteach a thacóidh leo siúd atá ag fáil íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh chun áit a fháil sa chóras oideachais nó oiliúna, nó post a fháil. An sprioc ná tacú le 50,000 duine dá leithéid, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtréimhseach, agus an sprioc foriomlán ná líon na ndaoine ar íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh an t-aon ioncam atá acu a laghdú de 20% faoi 2016. Athbhreithneofar an sprioc seo i bhfianaise taithí.*

**Sprioc 6: Tacaíocht Ioncaim**
*Luach coibhneasta an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choimeád ag €185.80 ar a laghad, i dtéarmaí 2007, le linn thréimhse an Phlean seo, faoi réir na hacmhainní a bheith ar fáil.*

**Príomhfhorbairtí Beartais**
Tá Seirbhís Náisiúnta nua Fostaíochta agus Teidlíochta á cur ar bun ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é a cuspóir ná na seirbhísí tacaíochta ar fad a bhaineann le fostaíocht agus le sochair a chomhtháthú in aon aonad seachadta amháin a sholáthróidh 'aonad ilfhreastail' do dhaoine ar mian leo a dteidlíochtaí sochair a chinntiú, fostaíocht a lorg agus/nó comhairle a fháil faoina roghanna oiliúna.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag bunú na Seirbhíse Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochta ar fhostaíocht, ar airgeadas státchiste agus ar rialú.

- **Laghdú ar an dífhostaíocht:** Díreofar an tseirbhís sin ar ghníomhachtú agus ar thacaíocht do dhaoine dífhostaithe, rud a laghdóidh go huathoibreach an líon daoine atá dífhostaithe.

- **Dífhostaíocht fhadtréimhseach a chosc/laghdú ar líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtréimhseach**: Ina theannta sin cabhróidh an tseirbhís sin le féachaint chuige go bhfaighidh daoine atá dífhostaithe i gcónaí agus daoine a bhíonn dífhostaithe go fadtréimhseach cabhair a chuirfidh ar a gcumas dul ag obair agus a gcumas maidir le fostaíocht a ghlacadh a fheabhsú.

- **Coigiltí don státchiste:** Táthar ag súil go laghdóidh an tseirbhís nua líon na ndaoine ar an gclár beo agus go gcruthóidh in imeacht ama coigiltí i gcomhair an státchiste. Meastar go gcruthódh laghdú 1% ar líon na ndaoine ar an gclár beo dífhostaíochta coigiltí thart faoi €82 milliún i gcomhair an státchiste.
- **Tionchar ar rialú:** Táthar ag súil le go gcuirfidh an tseirbhís nua rialú níos éifeachtaí ar fáil trí mheán seirbhís níos pearsanta agus níos iomlánaíche a sholáthar do chustaiméirí agus monatóireacht dá réir sin ar leibhéal an chaidrimh ghníomhaigh agus an tiomantais i measc custaiméirí, agus go dtiocfaidh as sin laghdú ar líon na n-éileamh calaoiseacha.

- **Maolú ar an mbochtaineacht:** Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh an tseirbhís nua ina cabhair chun an bhochtaineacht a mhaolú san fhadtréimhse. Gheobhaidh daoine tacaíocht i dtreo dul le fostaíocht, le hoiliúint nó le feabhsú a scileanna, de réir mar a oirfidh, rud a fheabhsóidh deiseanna saoil an duine agus a d'fhéadfadh cúinsí saoil an duine a fheabhsú.

**Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil**

Baineann dhá cheann den dosaen sprioc ardleibhéil sa Phlean *Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* le Daoine in Aois Oibre. Leagtar béim iontu siúd ar an bhfostaíocht, ar an rannpháirtíocht agus ar thacaíocht ioncaim mar chúrsaí lena mbaineann tosaíocht. Ina theannta sin, tá 19 de spriocanna agus d'aidhmeanna eile sa Phlean, a chuimsíonn cúrsaí eile, litearthacht, an dara deis ar oideachas a fháil agus comhionannas idir daoine, mar shampla.

**Sprioc 5: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht**

*Cur chuige gníomhach bainistithe cásanna a thabhairt isteach a thacóidh leo siúd atá ag fáil íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh chun áit a fháil sa chóras oideachais nó oiliúna, nó post a fháil. An sprioc ná tacú le 50,000 duine dá leithéid, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine atá dífhostaithe go fadtréimhseach, agus an sprioc foriomlán ná líon na ndaoine ar íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh an t-aon ioncam atá acu a laghdú de 20% faoi 2016. Athbhreithneofar an sprioc seo i bhfianaise taithí.*

Maidir leis an gClár um Ghníomhachtú agus Rannpháirtíocht, seo mar a thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí:

- Cuireadh tús i 2010 leis an obair chun teicneolaíocht agus cleachtais oibre a fhorbairt chun próifíliú custaiméirí a chur i bhfeidhm, córas bainistithe ualaigh a bheidh in úsáid ag éascaitheoirí, mar aon le córas nua TF a cheadódh próiseas níos solúbtha um chur ar aghaidh faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht.

- Cuireadh an Córas Náisiúnta um Próifíliú i gcrích i 2009. Sa chóras sin, úsáidtear airíonna in éineacht le comhéifeachtaí de réir a dtábhachta, chun ríomh statisticiúil a dhéanamh maidir lena dhóichí go n-aimseodh duine dífhostaithe obair go luath, nó an mbeadh an duine sin dífhostaithe go fadtréimhseach.

- Forbraíodh feidhmiúlacht i 2010 chun gurbh fhéidir sonraí 'próifíle' a ghabháil ó chuardaitheoirí poist agus an dóchúlacht maidir leis an duine sin imeacht den chlár beo laistigh de 12 mí. Cuireadh tús le tástáil na teicneolaíochta sin i mí Feabhra 2011. Tá an córas um próifíliú tugtha isteach agus é 'beo' in úsáid anois i gceithre cinn de na hOifigí Áitiúla Leasa Shóisialaigh.

- Tá obair ar siúl faoi láthair maidir le samhail iomchuí gníomhachtúcháin a fhorbairt agus sonraí próifílithe in úsáid chuige sin. Is é is cuspóir leis sin ná tosaíocht a thabhairt do na hidirghabhálacha do na daoine is mó is dóichí a thitfeadh isteach i líon na dífhostaíochta fadtréimhsí agus a n-airíonna sonracha a chur sa mheá, mar shampla, litearthacht, oiliúint.

- Tá córas nua arna fhorbairt a sholáthraíonn sceidealú uathoibríoch agus bainistiú cásanna i gcomhair Éascaitheoirí sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus an córas sin ‘beo’ in úsáid ag an Roinn Coimirce Sóisialaí’ i gCeantar Thuaidh Átha Cliath agus ag meitheal lárnach tacaíochta na n-éascaitheoirí i gCora Droma Rúisc.

- Sa tréimhse Eanáir 2008 go deireadh Mhí Nollag 2010, bhí caidreamh díreach ag 1,048 faighteoir íocaíochtaí breoiteachta eis an Tionscadal Gníomhachtúcháin um Míchumas. Bhí 663 de na daoine sin i dteagmháil le baill de lucht foirne an tionscadail ar bhonn duine le duine chun a bpleananna pearsanta um dhul chun cinn a thabhairt chun críche. Sa tréimhse chéanna, reáchtáladh 18 clár oiliúna a dhírigh go sonrach ar lucht faighte íocaíochtaí breoiteachta/míchumais. Bhí líon iomlán 210 duine rannpháirteach iontu.

Fuair an ‘Tionscadal Gníomhachtúcháin um Míchumas’ maoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa faoin gClár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna 2007-2013, agus cuireadh tús leis an tionscadal sin in Eanáir 2008. Foirmlíodh an Tionscadal Gníomhachtúcháin um Míchumas i gcomhthéacs na haidhme náisiúnta maidir le grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú isteach le margadh an tsaothair, sa chás seo, daoine faoi mhíchumas.

**Sprioc 6: Tacaíocht Ioncaim**

*Luach coibhneasta an ráta leasa shóisialaigh is ísle a choimeád ag €185.80 ar a laghad, i dtéarmaí 2007, le linn thréimhse an Phlean seo, faoi réir na hacmhainní a bheith ar fáil..*

- I gCáinaisnéis 2009, bhí méadú €6.50 in aghaidh na seachtaine ar an uasráta pearsanta maidir le híocaíochtaí do gach duine in aois oibre. Mar thoradh ar Cháinaisnéis 2009, ba é an t-íosráta íocaíochtaí leasa shóisialaigh ná €204.30.

- I gCáinaisnéis 2010, bhí laghdú €8.30 in aghaidh na seachtaine ar an uasráta pearsanta maidir le híocaíochtaí do gach duine in aois oibre. Mar thoradh ar Cháinaisnéis 2010, ba é an t-íosráta íocaíochtaí leasa shóisialaigh ná €196.

**Tá eolas maidir le Dul Chun Cinn faoi spriocanna eile agus faoi ghníomhartha a bhaineann go sonrach le daoine in aois oibre le fáil i gCuid a Dó.**

# Caibidil 5

# Seanóirí

## Cuid a hAon

### Fís

Is mar seo a leagtar amach an fhís maidir le seanóirí faoi *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*: Éire a sholáthraíonn tacaíochtaí, de réir mar a theastaíonn, ionas gur féidir le seanóirí a sláinte agus a leas féin a chothabháil agus saol lán gníomhach a chaitheamh go neamhspleách ina dtithe féin agus ina bpobail féin, chomh fada anonn agus is féidir.

Chun an fhís sin a fhíorú, is é tiomantas an Rialtais agus na bpáirtithe sóisialta in *I dTreo 2016* oibriú as lámha a chéile sna deich mbliana amach romhainn i dtreo na spriocanna fadtréimhseacha seo a leanas, maidir le saol níos sia, le féidireachtaí níos mó agus le hionchas níos fearr um fheabhas maireachtála ag seanóirí:

- Go bhfaighidh gach seanóir spreagadh agus tacaíocht chun a bheith lán-rannpháirteach sa saol sóisialta, cathartha agus eacnamaíochta, go dtí lán cumas iomlán an duine sin;

- Go bhfaighidh gach seanóir leibhéal ioncaim ar leor é chun leibhéal inghlactha maireachtála a chothabháil;

- Go bhfaighidh gach seanóir dóthain tacaíochta chun gur féidir leis an duine sin maireachtaint go neamhspleách sa bhaile chomh fada anonn agus is féidir. San áireamh sa tacaíocht sin tá fáil ar sheirbhísí maithe sa phobal, rud a chuimsíonn sláinte, oideachas, bealaí iompair, tithíocht agus slándáil; agus

- Go mbeadh fáil ag gach seanóir, ag teacht lena riachtanais agus le haird ar na leibhéil arda míchumais agus ar na cúinsí a thugann ann do mhíchumas i measc daoine sa ghrúpa sin, ar réimse seirbhísí cúraim, idir thacaíochtaí chun cúram a ghlacadh de/di féin trí thacaíocht do chúramóirí teaghlaigh agus do chúramóirí neamhfhoirmeálta agus chúram foirmeálta sa bhaile, sa phobal, nó in ionaid fhoirmeálta cúraim. Ba chóir go gcinnteodh na seirbhísí cúraim sin go mbíonn deiseanna ag an duine sin maidir le rannpháirtíocht chathartha agus shóisialta ar leibhéal an phobail.

**Spriocanna Ardleibhéil**

**Sprioc 7: Cúram Pobail**
*Méadú leanúnach a dhéanamh ar infheistíocht i seirbhísí cúraim phobail do sheanóirí, lena n-áirítear pacáistí cúraim bhaile agus seirbhísí feabhsaithe cúraim lae, chun gur féidir leo fanacht ina gcónaí go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir.*

**Sprioc 8: Tacaíocht Ioncaim**
*Íocaíocht íosta de €200 sa tseachtain a choimeád, i dtéarmaí 2007, le haghaidh gach pinsean leasa shóisialaigh le linn thréimhse an Phlean seo agus cur leis an soláthar seo, más féidir, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus do ghealltanas an Rialtais in I dTreo 2016. Athbhreithneofar na struchtúir agus an córas foriomlán pinsin faoin gcuirtear tacaíochtaí ioncaim ar fáil do phinsinéirí i bhfianaise an Pháipéir Uaine ar Phinsin, a bheidh ar fáil go luath, a chríochnófar ag deireadh mhí an Mhárta 2007. Athbhreithneoidh sé sin gach ceann de na crainn taca faoi sholáthar pinsin.*

**Príomhfhorbairtí Beartais**
Tá sé ina bheartas Rialtais tacú le seanóirí maireachtaint faoi dhínit agus go neamhspleách ina dtithe féin agus i measc a bpobail féin chomh fada anonn ina saol agus is féidir agus, i gcás nach mbíonn sé sin indéanta, tacú leo cúram cónaithe fadtréimhseach den scoth a fháil.

Ag eascairt as Measúnú neamhspleách um Pacáistí Cúraim sa Bhaile, a rinne PA Consulting agus a foilsíodh Mí na Nollag 2009, tá an Roinn agus FSS tar éis glacadh leis an tuairim go bhfuil gá le cur chuige náisiúnta níos caighdeánaithe, rud a chuimseodh ceisteanna rochtana. Nocht an Measúnú sin, a choimisiúnaigh an Roinn, go raibh ag éirí go maith le FSS maidir le beartas na físe sin a chur i bhfeidhm a bhain le pacáistí a chur ar fáil mar rogha inmharthana ag tacú le grúpa leochaileach daoine mórspleáchais sa phobal.

Sa bhliain 2010, bhí a samhail féin cúraim arna forbairt ag FSS chun an leas is mó is féidir a bhaint as seirbhísí pobail do sheanóirí leochaileach (le súil na tionscnaimh sin a leathadh amach le linn 2011). Cuimsíonn an tsamhail sin:-

- Treoirlínte Náisiúnta & Gnáis Náisiúnta maidir le Pacáistí Cúraim Baile a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe;
- Treoirlínte Cáilíochta maidir le Seirbhísí Tacaíochta um Chúram Baile Seanóirí;
- Treoirlínte Náisiúnta maidir leis an Seirbhís um Chúnamh sa Bhaile;
- Creat um Sholáthar Poiblí maidir le Seirbhísí um Chúnamh sa Bhaile.

Foilsíodh *Creat Náisiúnta um Pinsin* i Márta 2010, ina bhféachtar le slándáil, cothromas, rogha agus soiléire a chur ar fáil don duine, don fhostóir agus don stát. Ina theannta sin, féachtar ann leis an réimse daoine a chlúdaíonn pinsin a leathnú, go háirithe i measc daoine i ngrúpaí ar ioncam meánach agus le hioncam íseal, agus cuimsíonn sé moltaí maidir le scéim uathoibríoch cláraithe maidir le rochtain ar phinsin phríobháideacha.

**Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil**

Baineann dhá cheann den dá sprioc ardleibhéil déag faoi Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 le seanóirí. Leagtar béim sna spriocanna sin ar thacaíocht ioncaim agus ar chúram pobail mar chúrsaí tosaíochta do sheanóirí. Ina theannta sin, tá aon aidhm déag sa Phlean a chlúdaíonn tithíocht, cúram fadtréimhseach agus rannpháirtíocht.

**Goal 7: Cúram Pobail**

*Méadú leanúnach a dhéanamh ar infheistíocht i seirbhísí cúraim phobail do sheanóirí, lena n-áirítear pacáistí cúraim bhaile agus seirbhísí feabhsaithe cúraim lae, chun gur féidir leo fanacht ina gcónaí go neamhspleách sa phobal chomh fada agus is féidir.*

**Mar seo a thuairiscigh an Roinn Sláinte:**

- Le linn na bliana 2009, cuireadh beagnach 12 milliún uair a chloig de chúnamh sa bhaile ar fáil do níos mó ná 53,500 duine. Laghdaíodh de bheagán an líon uaireanta cloig i 2010, ach chuaigh an tseirbhís chun tairbhe do 54,500 duine.

- Tháinig méadú ó 2,000 i 2009 go 13,200 i 2010 ar líon na ndaoine a bhain leas as pacáiste um chúram sa bhaile agus bhí pacáiste mar sin á fháil ag 9,650 duine faoi dheireadh 2010.

- B’fhiú €120m an Infheistíocht Bhliantúil i bpacáistí um chúram baile sa bhliain 2009, agus bhí caiteachas breise €10m ann i 2010. Cuireadh €8m de bhreis ar fáil chun an pacáiste um chúram baile a leathadh ar fud na tire i 2011.

**Sprioc 8: Tacaíocht Ioncaim**

*Íocaíocht íosta de €200 sa tseachtain a choimeád, i dtéarmaí 2007, le haghaidh gach pinsean leasa shóisialaigh le linn thréimhse an Phlean seo agus cur leis an soláthar seo, más féidir, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus do ghealltanas an Rialtais in I dTreo 2016. Athbhreithneofar na struchtúir agus an córas foriomlán pinsin faoin gcuirtear tacaíochtaí ioncaim ar fáil do phinsinéirí i bhfianaise an Pháipéir Uaine ar Phinsin, a bheidh ar fáil go luath, a chríochnófar ag deireadh mhí an Mhárta 2007. Athbhreithneoidh sé sin gach ceann de na crainn taca faoi sholáthar pinsin.*

- Thug na méaduithe i gCáinaisnéis 2009 rátaí na n-íocaíochtaí ranníocacha suas go €230.30 in aghaidh na seachtaine agus rátaí na n-íocaíochtaí neamh-ranníocacha suas go €219. Fágadh na rátaí gan athrú don bhliain 2010.

I láthair na huaire, is pinsin leasa shóisialaigh is príomhfhoinse ioncaim do phinsinéirí in Éirinn, agus is ionann a luach ná 54% dá n-ioncam comhlán. Tháinig feabhas ar ioncaim teaghlaigh ó 1994 go 2001 mar gheall ar na nithe seo a leanas: tuilleamh as ucht na hoibre, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus níos lú cánach. Cé gur tháinig méadú suntasach ar ioncaim pinsinéirí, tháinig méadú, chomh maith, ar an mbaol bochtaineachta i measc daoine 65 bliain d'aois agus thairis, ó 6.5% go 36.6% le linn na tréimhse sin. Tháinig feabhas gasta ar ioncaim pinsinéirí ó 2003-2008, áfach, rud a mhaolaigh chomh mór sin ar an mbaol bochtaineachta i measc daoine 65 bliain d'aois go raibh an ráta a bhain leo níos lú ná mar a bhain le baill an phobail i gcoitinne, mar atá, 9.6%, i gcomparáid le 14.1% ar an iomlán.

- Foilsíodh *An Creat Náisiúnta um Pinsin* i Márta 2010.

Is é is cuspóir don Chreat ná slándáil, cothromas, rogha agus soiléire don duine, don fhostóir agus don stát. Ina theannta sin, dírítear ar an réimse daoine a chlúdaíonn pinsin a leathnú, go háirithe i measc daoine i ngrúpaí ar ioncam meánach agus le hioncam íseal, agus cuimsíonn sé moltaí maidir le scéim uathoibríoch cláraithe maidir le rochtain ar phinsin phríobháideacha. Rud eile, aithnítear sa Chreat go bhfuil daoine go leor ann ar mhaith leo an rogha a bheith acu leanúint ar aghaidh níos sia lena gcuid oibre agus moltar, maidir leo siúd ar mhaith leo tarraingt ar a bpinsin a chur ar athló, socruithe a chur in áit faoinar féidir leo cur lena gcuid sochar, bunaithe ar áireamh achtúireach. Ina theannta sin, dóibh siúd nach mbíonn ach gannchion ranníocaíochtaí acu nuair a bhaineann siad aois an phinsin amach, cuirfear socruithe in áit a ligfidh dóibh sochair leasa shóisialaigh níos mó a bheith acu má leanann siad ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí chun críocha pinsin agus san am céanna iad leanúint ar aghaidh ag obair mar fhostaithe nó mar dhaoine féinfhostaithe san am céanna.

**Tá eolas maidir le Dul Chun Cinn faoi spriocanna eile agus faoi ghníomhartha a bhaineann go sonrach le seanóirí le fáil i gCuid a Dó.**

# Caibidil 6

# Daoine faoi Mhíchumas

## Cuid a hAon

### Fís

Is mar seo a leagtar amach an fhís maidir le daoine faoi mhíchumas in Éirinn faoi *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*: Éire ina mbíonn deis ag daoine faoi mhíchumas saol iomlán sásta a chaitheamh in éineacht lena dteaghlaigh agus mar chuid dá bpobal áitiúil, gan leathcheal ina gcoinne.

Chun an fhís sin a fhíorú, tá tiomantas tugtha ag an Rialtas agus ag na páirtithe sóisialta obair a dhéanamh i gcomhar lena chéile ar feadh deich mbliana amach anseo i dtreo na spriocanna fadtréimhseacha seo a leanas a bhaint amach maidir le feabhas maireachtála daoine faoi mhíchumas in Éirinn:

- Bheadh fáil ag gach duine faoi mhíchumas ar ioncam a dhóthain chun caighdeán inghlactha maireachtála a chothabháil;
- Bheadh fáil ag gach duine faoi mhíchumas, de réir a riachtanas agus a gcumas, ar sheirbhísí iomchuí cúraim, sláinte, oideachais, fostaíochta, oiliúna agus sóisialta;
- Bheadh fáil ag gach duine faoi mhíchumas ar spásanna oscailte, ar fhoirgnimh, ar bhealaí iompair, ar eolas, ar abhcóideacht agus ar sheirbhísí eile poiblí, mar aon le tithíocht iomchuí;
- Bheadh tacaíocht ag gach duine faoi mhíchumas chun go mbeadh ar a gcumas, chomh mór agus is féidir, saol iomlán agus saol neamhspleách a chaitheamh, le rannpháirtíocht i saol na hoibre agus i saol na sochaí acu agus chun lán a gcumais a bhaint amach; agus
- Thabharfaí aitheantas do chúramóirí, mar aon le tacaíocht dá ról mar chúramóirí.

### Sprioc Ardleibhéil

**Sprioc 9: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht**

*Líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhfuil post acu agus nach deacair dóibh an post sin a choinneáil, a mhéadú. An sprioc tosaigh ná 7,000 breise den chóhort sin a bheith fostaithe faoi 2010.* 27 *An sprioc fadtéarmach ná ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú ó 37% go 45% faoi 2016, arna dtomhas ag an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh. Méadófar an ráta iomlán rannpháirteachais in oideachas, in oiliúint agus i bhfostaíocht de 50% faoi 2016. Athbhreithneofar na spriocanna seo i bhfianaise taithí agus nuair a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.*

**Príomhfhorbairtí Beartais**

- Réitigh na ranna ar fad a bhain le hábhar tuarascálacha faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis na Pleananna Earnála a chur i bhfeidhm faoin Acht um Míchumas, 2005, agus cuireadh bailchríoch orthu laistigh den teorainn ama reachtúil. Nótáil an Rialtas na tuarascálacha sin ar an 2 Feabhra 2010 agus chuir faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 5 Feabhra 2010.

- Cuireadh athbhreithniú ar oibriú an Achta um Míchumas, 2005, i gcrích i mí Iúil 2010, tar éis dul i gcomhairle le Lucht Leasmhara um Míchumas. Nótáil an tAire an tuarascáil sin ar an 4 Lúnasa 2010.

- Leathadh an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta amach faoin mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh in Eanáir 2011. Soláthraíonn sí seirbhísí gan spleáchas ar son daoine faoi mhíchumas. Cuirtear abhcóideacht phríomhshrutha ar fáil i gcónaí trí mheán na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh, ina ndírítear ar rochtain seirbhísí, ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh agus ar chearta oibreachais, d'fhonn féachaint chuige go bhfaigheann daoine faoi mhíchumas spreagadh agus tacaíocht chun leas a bhaint as seirbhísí príomhshrutha chomh mór agus is féidir.

- Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas creat molta maidir le tithíocht a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas tríd an mbeartas náisiúnta príomhshrutha tithíochta. Tiomsaíodh an straitéis sin i gcomhar le Grúpa Comhairleach Náisiúnta a bhfuil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chathaoirleacht air agus ina bhfuil na dreamanna seo leanas rannpháirteach: Roinn Sláinte, FSS, údaráis áitiúla, eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus lucht leasmhara eile a bhaineann le hábhar, an tÚdarás Náisiúnta um Míchumas san áireamh. Foilsíodh an straitéis sin ar an 6ú Deireadh Fómhair 2011.

**Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Ardleibhéil**

Cuirtear an sprioc ardleibhéil sa Phlean *Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta,* ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Míchumas, béim ar rannpháirtíocht in oideachas, in oiliúint agus i bhfostaíocht. Ina theannta sin, tá ocht gcuspóir sa Phlean a bhaineann le tithíocht, le tacaíocht ioncaim, le hoideachas agus le rochtain foirgneamh, le bonneagar agus le córais iompair phoiblí.

**Sprioc 9: Fostaíocht agus Rannpháirtíocht**

*Líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhfuil post acu agus nach deacair dóibh an post sin a choinneáil, a mhéadú. An sprioc tosaigh ná 7,000 breise den chóhort sin a bheith fostaithe faoi 2010.* 27 *An sprioc fadtéarmach ná ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú ó 37% go 45% faoi 2016, arna dtomhas ag an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh. Méadófar an ráta iomlán rannpháirteachais in oideachas, in oiliúint agus i bhfostaíocht de 50% faoi 2016. Athbhreithneofar na spriocanna seo i bhfianaise taithí agus nuair a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.*

Táthar i mbun an sprioc sin a chur i bhfeidhm thar Ranna éagsúla agus tá an dul chun cinn ina leith arna thuairisciú mar seo a leanas.

Thuairiscigh FÁS gur aimsíodh poist do 1,497 duine faoi chláir éagsúla de chuid na heagraíochta sin sa bhliain 2009, agus do 1,372 duine i 2010. Ba é líon carnach na bpost a aimsíodh i dtréimhse chúig mbliana (2006 -2010) ná 8,005 duine socraithe i bpost. Ach Scéim na bhFóirdheontas Pá a fhágaint as an áireamh, tagraíonn na socrúcháin i bpoist líon na ndaoine a bhí socraithe i bpost ag deireadh bliana féilire, ach an caveat seo a mheabhrú, gurbh fhéidir gur athraigh stádas fostaíochta an duine san idirlinn.

Socraítear cuspóir bliantúil náisiúnta i ngach ceantar FÁS sa chéad ráithe den bhliain do scata spriocghrúpaí, daoine faoi mhíchumas san áireamh. Chríochnaigh 9,135 duine faoi mhíchumas clár fostaíochta agus oiliúna le FÁS i 2010. Tá leibhéal inchomparáide á choinneáil i gcónaí i 2011, inar chríochnaigh 4,680 duine faoi mhíchumas cláir oiliúna agus fostaíochta le FÁS sa chéad sé mhí den bhliain.

Tá tionscnamh droichid arna forbairt ag FÁS agus FSS do chliaint chun cabhrú leo dul ar aghaidh ó oiliúint athshlánúcháin (RT) go dtí gairmoiliúint FÁS (VT), mar atá leagtha amach don Straitéis Chuimsitheach um Fhostaíocht. Tá dhá cheantar ina bhfuil an tionscnamh sin á thástáil anois maidir le dhá ghrúpa éagsúla míchumais – Ros Comáin (ó mhion- go mór-míchumas intleachta) agus i mBaile Átha Cliath (cúrsaí meabhairshláinte). Tiocfaidh na tástálacha sin chun críche faoi Mhí Mí na Nollag 2011 agus déanfar measúnú i bhfoirm tuairisce maidir lena dtorthaí.

Fuair an ‘Tionscadal Gníomhachtúcháin um Míchumas’ maoiniú as Ciste Sóisialta na hEorpa faoin gClár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna 2007-2013, agus cuireadh tús leis in Eanáir 2008. Foirmlíodh an Tionscadal Gníomhachtúcháin um Míchumas i gcomhthéacs na haidhme náisiúnta chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú isteach i margadh an tsaothair, sa chás seo, daoine faoi mhíchumas. Sa tréimhse Eanáir 2008 go dtí deireadh Mhí Nollag 2010, ó cuireadh tús leis an Tionscadal Gníomhachtúcháin um Míchumas, bhí 1048 de lucht faighte íocaíochtaí breoiteachta i gcaidreamh go díreach leis an tionscnamh. Bhí 663 de na daoine sin i dteagmháil le lucht foirne an tionscnamh ar bhonn duine le duine chun a bpleananna pearsanta um dhul chun cinn a thabhairt chun críche. Sa tréimhse chéanna, reáchtáladh 18 clár oiliúna a dhírigh go sonrach ar lucht faighte íocaíochtaí breoiteachta/míchumais. Bhí líon iomlán 210 duine rannpháirteach iontu.

**Tá eolas maidir le Dul Chun Cinn faoi spriocanna eile agus faoi ghníomhartha a bhaineann go sonrach le daoine faoi mhíchumas le fáil i gCuid a Dó.**

# Caibidil 7

# Pobail

## Cuid a hAon

### Fís

Is mar seo a leagtar amach an fhís maidir le saol an phobail in Éirinn sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*: saol pobail dírithe ar pobail inmharthana inbhuanaithe a thógáil, feabhas a chur ar shaol na ndaoine a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus caipiteal sóisialta a thógáil. Tá sé den tábhacht, mar thosaíocht, dul i ngleic le míbhuntáiste i gceantair uirbeacha agus tuaithe. Is iomaí cló don bhochtaineacht uirbeach — teaghlaigh bhochta ina gcónaí i gceantair uirbeacha, pobail uirbeacha ina mbíonn leibhéil arda dífhostaíochta agus dlús bochtaineachta, mar aon le ceantair ar tháinig meath ar an mbonneagar comhshaoil agus sóisialta iontu.

Ar an dóigh chéanna, is iomaí sin cló do mhíbhuntáiste tuaithe. Pobail ag dul i laghad nó gan ach fás mall orthu, daoine óga ag tréigint na tuaithe chun bogadh go ceantair uirbeacha, easpa seirbhísí, easpa deiseanna fostaíochta, teaghlaigh feirme le hioncaim ísle, leibhéal níos airde spleáchais agus leithlisiú, mar shampla. Cuma cé acu i gcomhthéacs uirbeach nó i gcomhthéacs tuaithe, is minic an iliomad míbhuntáiste is cúis le heisiamh sóisialta.

### Spriocanna Ardleibhéil

**Sprioc 10: Tithíocht**
*Tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar dóibh siúd nach féidir leo riar a dhéanamh ar a gcuid riachtanas tithíochta féin agus bonn a chur faoi phobail inbhuanaithe. Gné thábhachtach ná an méadú mór ar sholáthar tithíochta a léirítear in I dTreo 2016, a mbeidh de thoradh air go dtabharfar aghaidh ar riachtanais chóiríochta 60,000 teaghlach nua sa tréimhse 2007 go 2009. Clúdóidh sin freastal do riachtanais speisialta tithíochta (daoine gan dídean, Taistealaithe, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas).*

**Sprioc 11: Sláinte**

*Cúig chéad foireann cúraim phríomhúil a sholáthar faoi 2011 a fheabhsóidh teacht ar sheirbhísí sa phobal, le béim ar leith ar fhreastal do riachtanais sealbhóirí cártaí leighis.*

**Sprioc 12: Imeascadh Imirceach**

*Straitéis a cheapadh a bheidh dírithe ar dhaoine a tháinig go hÉirinn le déanaí a imeascadh sa tsochaí. Mar ghníomh tosaigh, cuirfear acmhainní ar fáil chun 550 múinteoir tacaíochta teanga a sholáthar san earnáil oideachais agus cuirfear feabhas ar theacht ar sheirbhísí poiblí eile trí bhíthin eolas aistrithe agus tacaíochtaí.*

**<u>Príomhfhorbairtí Beartais</u>**

- Tugadh Clár nua um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (LCDP) isteach in Eanáir 2010. Tháinig an Clár sin isteach mar chomharba ar an gClár um Fhorbairt Áitiúil agus um Chuimsiú Sóisialta (LDSIP) agus an Clár um Fhorbairt Pobail (CDP), ar druideadh iad araon i Mí na Nollag 2009. Ceapadh an Clár nua sin le béim láidir ar bhealaí níos éascaí do ghrúpaí tionchar dearfach a gcuid oibre ar a bpobail áitiúla a léiriú. Infheistíodh €48.8m agus €19.8m, faoi seach, sa LDSIP agus sa CDP sa bhliain 2009, agus leithdháileadh €67.5m faoin LCDP nua i 2010.

Glacadh le cur chuige níos comhtháite faoin gClár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail, a chinntíonn soláthar seirbhísí lena mbaineann éifeacht, oiriúnacht agus éifeachtúlacht níos mó i leith na ndaoine agus na bpobal ar a mbíonn siad ag freastal. Dírítear sa Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail ar aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta trí pháirtíocht agus trí chaidreamh cuiditheach idir an Rialtas, gníomhaireachtaí an Rialtais agus daoine i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Ceithre sprioc ardleibhéil atá mar bhonn leis an gClár um Fhorbairt Áitiúil:

- Tuiscint níos leithne agus faisnéis níos mó a chothú agus cur le leibhéil roghnaithe réimse leathan seirbhísí reachtúla, deonacha agus pobail;

- Rochtain níos mó ar ghníomhaíochtaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta oideachais, áineasa, forbairt chultúrtha agus acmhainní dá réir;

- Cur le cumas daoine dul ag obair agus cur lena ndeiseanna fostaíochta;

- Caidreamh a chothú idir daoine i bpróisis a bhaineann le beartas, le cleachtas agus le cinneadh a ghlacadh faoi chúrsaí a théann i gcion ar phobail áitiúla.

**Dul Chun Cinn maidir leis na Spriocanna Ardleibhéil**

Baineann trí cinn den dá sprioc ardleibhéil déag sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta le tithíocht, le sláinte agus le himeascadh imirceach. Ina theannta sin, tá **52** aidhm sa Phlean a bhaineann le bealaí iompair, le bochtaineacht breosla, leis na healaíona agus le tionscnaimh chultúrtha.

**Sprioc 10: Tithíocht**

*Tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar dóibh siúd nach féidir leo riar a dhéanamh ar a gcuid riachtanas tithíochta féin agus bonn a chur faoi phobail inbhuanaithe. Gné thábhachtach ná an méadú mór ar sholáthar tithíochta a léirítear in I dTreo 2016, a mbeidh de thoradh air go dtabharfar aghaidh ar riachtanais chóiríochta 60,000 teaghlach nua sa tréimhse 2007 go 2009. Clúdóidh sin freastal do riachtanais speisialta tithíochta (daoine gan dídean, Taistealaithe, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas).*

Mar seo a thuairiscigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:

- Sa tréimhse 2007-2010, rinneadh freastal ar riachtanais 71,000 teaghlach trí mheán na gclár tithíochta sóisialta agus inacmhainne.

- Seoladh ráiteas nua maidir le beartas tithíochta an Rialtais ar an 16ú Meitheamh 2011, a tháinig isteach mar chomharba ar Áit chun Cónaithe a Sheachadadh: Pobail a Chothú. Beidh an ráiteas nua mar chreat do shraith tionscnamh reachtaíochta agus beartais sa ghearrthréimse agus sa mheántréimhse.

- San Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, a achtaíodh i mí Iúil 2009 tá próiseas nua um measúnú riachtanas a cuireadh i bhfeidhm trí rialacháin

- Rinneadh dóthain infheistíochta i 2009 chun 7,400 aonad tithíochta sóisialaí a thionscain nó a fháil, agus 5,000 aonad i 2010 ar na bealaí seo a leanas in éineacht: clár tithíochta údarás áitiúla, cláir dheonacha agus comharchumann, agus socruithe faoi chonarthaí sa Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS).

- Sa bhliain 2009, tháinig €57.7 milliún ar ais chuig údaráis áitiúla timpeall na tire maidir le hoibreacha feabhsúcháin a rinneadh in eastáit de chuid údarás áitiúla. Cuireadh €25.2 milliún ar fáil do na húdaráis áitiúla i 2010 maidir le hoibreacha arna nglacadh ar láimh faoin Scéim um Oibreacha Feabhsúcháin.

- Cuireadh Clár um Théamh Lárnach, a mhair ceithre bhliain, i gcrích i 2009, mar atá, clár faoinar suiteáladh téamh lárnach agus feabhsaithe teirmeacha a bhain leis i 27,000 aonad údaráis áitiúil ar chostas €133m don státchiste.

- Thug an Roinn clár nua isteach i 2009 maidir le hiarfheistiú inslithe agus le bearta eile a bhaineann le húsáid éifeachtach fuinnimh in áitribh fholmha i measc na 125,000 de stoc údarás áitiúla atá ann. Thug an Roinn beagnach €11 milliún ar ais do údaráis áitiúla timpeall na tíre i 2009 maidir le 900 aonad a feabhsaíodh. Sa bhliain 2010, mhéadaigh an Roinn go mór an leibhéal maoinithe le haghaidh oibreacha feabhsúcháin, mara atá, go €40 milliún. Rinneadh oibreacha ar 1,800 áitreabh folmha agus leathnaíodh an clár go dtí áitribh le daoine ina gcónaí iontu.

- Faoin Scéim um Thithíocht Inacmhainne, rinneadh 1,506 aonad a sheachadadh i 2009, rud a léiríonn laghdú ar an éileamh ina leith. Ghlac an Rialtas cinneadh deireadh a chur leis an tionscnamh um thithíocht inacmhainne in Eanáir 2010. Is féidir aonaid a sheachadadh i gcónaí faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, ach ón uair gur cuireadh deireadh leis an dá mhodh seachadta eile, táthar ag súil le laghdú ar líon na n-aonad arna seachadadh i 2010, i gcomparáid le blianta roimhe sin.

- Foilsíodh *An Bealach Abhaile: Straitéis in Aghaidh Easpa Dídine Aosach in Éirinn 2008 -2013* i mí Lúnasa 2008. Seoladh Plean um Chur i bhFeidhm na Straitéise in Aibreán 2009. Tá gníomhartha iomchuí na Straitéis idir lámha, den chuid is mó, maidir le feabhas a chur ar sheachadadh tithíochta príomhshrutha chun cabhrú le daoine a chónaíonn i gcóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean bogadh go dtí dóigh neamhspleách maireachtála. Bhí soláthar sách mór i 2010 ó thaobh líon leapacha thar oíche de chun leaba a chur ar fáil do gach duine a bhí i ngátar cóiríochta éigeandála agus seirbhís treallúsach fhor-rochtana ann mar thaca le tiomantas an Rialtais maidir le deireadh a chur le codladh amuigh de bhun riachtanais i measc daoine gan dídean.

- D'éirigh leis na húdaráis áitiúla ar fad a dtríú Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil (TAP) a ghlacadh ar láimh faoi Aibreán 2009. Cuireadh líon iomlán 480 aonad cóiríochta ar fáil do Theaghlaigh Lucht Siúil i 2009. Cuimsíonn sé sin cóiríocht den ghnáthshaghas, cóiríocht ar leith don Lucht Siúil agus teaghlaigh ar aimsíodh cóiríocht dóibh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos nó faoi thithíocht dheonach. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 374 teaghlach eile den Lucht Siúil i 2010, arb i an dara bliain den tríú Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil.

**Sprioc 11: Sláinte**

*Cúig chéad foireann cúraim phríomhúil a sholáthar faoi 2011 a fheabhsóidh teacht ar sheirbhísí sa phobal, le béim ar leith ar fhreastal do riachtanais sealbhóirí cártaí leighis.*

Seo mar a thuairiscigh an Roinn Sláinte:

- Bhí cruinnithe meithleacha clinicí faoi chásanna daoine aonair á reáchtáil go rialta faoi dheireadh Mhí Nollag 2010 ag 350 Foireann Cúraim Phríomhúil.

- Sannadh níos mó ná líon 3,690 d'oibrithe gairmiúla bainteach le FSS, 600 d'oibrithe nua gairmiúla san áireamh, go dtí Foirne Cúraim Phríomhúil, agus bhí seirbhísí á soláthar acu faoi dheireadh Mhí Nollag 2010. Sannadh 2,615 de na hoibrithe gairmiúla sin go dtí na 350 foireann dá dtagraítear thuas.

- Bhí 1,309 Dochtúir Teaghlaigh páirteach i bhforbairt na bhfoirne (3.7 Dochtúir Teaghlaigh in aghaidh na foirne, ar an meán).

- 2.8 milliún den daonra a bhí clúdaithe ag deireadh Mhí Nollag 2010.

- Tá aitheantas tugtha ag FSS maidir le 518 Foireann Cúraim Phríomhúil agus 32 Líonra Sláinte agus Cúraim Shóisialta le forbairt roimh dheireadh 2011.

**Sprioc 12: Imeascadh Imirceach**

*Straitéis a cheapadh a bheidh dírithe ar dhaoine a tháinig go hÉirinn le déanaí a imeascadh sa tsochaí. Mar ghníomh tosaigh, cuirfear acmhainní ar fáil chun 550 múinteoir tacaíochta teanga a sholáthar san earnáil oideachais agus cuirfear feabhas ar theacht ar sheirbhísí poiblí eile trí bhíthin eolas aistrithe agus tacaíochtaí.*

Tá an Oifig um Imeascadh Imirceach (OPMI) (dá ngairtí Oifig an Aire um Imeascadh) ag leanúint dá cuid oibre chun bearta frithchiníochais agus gníomhaíochtaí mar mhaithe le himeascadh imirceach a chur chun cinn. Tháinig deireadh leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta in Aghaidh an Chiníochais i 2008. Lean cuid mhaith de na tionscnaimh a tionscnaíodh faoin bPlean ar aghaidh, áfach, i 2009 agus i 2010 le tacaíocht ón Oifig um Imeascadh Imirceach:

- Sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna Straitéis um Oideachas Idirchultúrtha (2010-2015) i Meán Fómhair 2010.
- Ina theannta sin, seoladh Straitéis um Éagsúlacht maidir le hEarnáil na nEalaíon Meán Fómhair 2010, mar aon le paimfléad dár teideal 'An Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona: Teanga agus Brí'.
- Rinne an Garda Síochána Plean um Straitéis Éagsúlachta agus a Forfheidhmiú (2009 -2012) a fhorbairt.

Tá Straitéis um Éagsúlacht san ionad oibre fós á maoiniú ag an Oifig um Imeascadh Imirceach, in éineacht leis an Údarás Comhionannais, mar thaca le hionaid oibre imeasctha i 2009 agus i 2010. Cuimsíonn an straitéis sin réimse tionscnamh chun cabhrú le fostóirí agus le ceardchumainn freagairt mar ba chóir don chumas agus do na dúshláin maidir le lucht saothair lena mbaineann éagsúlacht chultúrtha.

Leanadh le linn 2009 agus 2010 de na línte maoinithe a bhunaigh an Oifig i 2008 mar mhaithe leis an imeascadh a chur chun cinn. Ag teacht leis na tosaíochtaí beartais sa cháipéis *Náisiún Imirce: Ráiteas maidir le Straitéis um Imeascadh agus Bainistiú na hÉagsúlachta* (a foilsíodh i 2008), leithdháileadh maoiniú le haghaidh eagraíochtaí spóirt agus údarás áitiúla chun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an imeascadh a spreagadh agus pleananna áitiúla um imeascadh a chur i bhfeidhm.

Fuair eagraíochtaí eile a bhíonn ag obair le lucht imirce maoiniú, chomh maith, mar shampla, an Foras um an Tríú hAois (a reáchtálann ranganna comhrá sa Bhéarla trí thionscadal Fáilte Isteach).

Bunaíodh Comhairle Aireachta i 2010 chun comhairle a chur ar an Aire faoi fhadhbanna lucht imirce in Éirinn. Ceithre fhóram réigiúnda atá sa chomhairle sin, ar a bhfuil idir 15 agus 20 ionadaí a bhaineann le pobail imirce. Reáchtáladh cruinnithe tionscanta na bhfóram réigiúnda sa tréimhse Deireadh Fómhair/Mí na Samhna 2010.

Cruthaíodh suíomh idirlín don Oifig um Imeascadh Imirceach (www.integration.ie), rud a seoladh i 2009. Soláthraítear ar an suíomh idirlín sin naisc le foinsí faisnéise do lucht imirce i scata teangacha agus faoi scata téamaí.

**An Garda Síochána –** Léiríonn na figiúir is déanaí (den 30 Meitheamh 2011) go bhfuil líon iomlán 46 oifigeach de chuid an Gharda Síochána as 12 tír éagsúla ar seirbhís faoi láthair sa Gharda Síochána. Tá 64 náisiúnach coigriche eile ina mbaill de Chúltaca an Gharda Síochána. Tá 386 ball ar seirbhís mar Gharda Idirchaidrimh Eitnigh – 269 fear 117 bean.

Ina theannta sin thuairiscigh an Roinn Oideachais agus Scileanna:

- D'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a staidéar taighde 'Oiriúnú don Éagsúlacht: Scoileanna Éireannacha agus Scoileanna Nuathagtha' i 2009. Staidéar taighde ionadaíoch náisiúnta ab ea é sin inar scrúdaíodh an dóigh ina raibh bunscoileanna agus meánscoileanna á n-oiriúiniú féin don éagsúlacht níos mó a bhí ann. Bhí Éire i measc 6 tir a bhí rannpháirteach san Athbhreithniú Téamúil ar Oideachas Imirceach a reáchtáil anEagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD). Foilsíodh cuid na hÉireann na tuarascála, mar tír inti féin, i Mí na Nollag 2009, agus foilsíodh an tuarascáil ilchodach i 2010.

- Cuireadh ar ais i 2009 an srian ar scoileanna gan níos mó ná beirt mhúinteoirí EAL (Béarla mar Theanga Bhreise) a bheith fostaithe i scoil ar bith, le soláthar i gcomhair post breise faoi chúinsí speisialta. Cuimsíonn sé sin, mar shampla, scoileanna iar-bhunscoile ina raibh daltaí sraithe sinsearaí a raibh gá acu le tacaíocht de bhreis. Caiteachas thart faoi €85.3 milliún a bhain le poist/uaireanta teagaisc Bhéarla mar Theanga Bhreise i mbliain scoile 2010/11.

| | **Bunscoil** | **Iar-bhunscoil** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| **08/09** | 1620 | 560 | 2180 |
| **09/10** | 1180 | 365 | 1545 |

- I bhfianaise na gciorruithe a cuireadh i bhfeidhm faoi Cháinaisnéis 2008, tháinig athrú ar na critéir maidir le leithdháileadh i Meán Fómhair 2009. Déantar soláthar sa leithdháileadh sin do thacaíocht de bhreis do scoileanna ina mbíonn dlús mór daltaí a mbíonn gá acu le tacaíocht ó thaobh teanga de.

**Tá eolas maidir le Dul Chun Cinn faoi spriocanna eile agus faoi ghníomhartha a bhaineann go sonrach le pobail le fáil i gCuid a Dó.**

# Caibidil 8

# Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

## 1. **Réamhrá**

Is iarracht chomhordaithe i measc na ranna rialtais ar fad, na ngníomhaireachtaí agus an lucht leasmhara ar fad atá at teastáil chun spriocanna chun na spriocanna sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a bhaint amach. Is ar an Roinn Coimirce Sóisialaí a luíonn an fhreagracht i gcoitinne maidir le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm. Comhlíontar an fhreagracht sin tríd an Rannán um Chuimsiú Sóisialta, rud a chuimsíonn monatóireacht ar threochtaí bochtaineachta, bunaithe ar an *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC)* a reáchtálann an Phríomhoifig Staidrimh, rud is tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn a baineadh amach maidir le gníomhaíochtaí sonraithe sa phlean agus tuairisc ar dhearcadh an lucht leasmhara, mar a nochtar é sin san Fhóram Bliantúil um Chuimsiú Sóisialta. Ina theannta sin, soláthraíonn an Roinn ionchuir theicniúla, bunaithe ar shonraí, ar thaighde agus ar anailís, mar bhonn eolais mar thaca le cinneadh a dhéanamh agus tá sí freagrach, chomh maith, as monatóireacht agus as tuairisciú maidir le treochtaí bochtaineachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, mar bhonn eolais mar thaca le beartais in aghaidh na bochtaineachta agus ar son an chuimsithe shóisialta, le cleachtais dá réir agus mar chabhair chun torthai a mhaoirsiú.

## 2. Monatóireacht agus Tuairisciú maidir le Dul Chun Cinn

### 2.1 Bochtaineacht a Thomhas

Is é an *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC)* is foinse oifigiúil do shonraí faoi ioncam an duine agus an teaghlaigh in Éirinn agus soláthraítear ann scata táscairí tábhachtacha náisiúnta i leith na bochtaineachta, mar atá, *i mbaol bochtaineachta*, *dearbh-bhochtaineacht* agus *díothacht*. Is í an Phríomhoifig Staidrimh a reáchtálann SILC gach bliain, faoi reachtaíocht de chuid an AE (Rialachán Comhairle Uimh. 1177/2003), chun monatóireacht a dhéanamh ar mhionathruithe ar dhálaí ioncaim agus maireachtála in imeacht ama. Déantar an suirbhé sin a reáchtáil i mBallstáit eile de chuid an AE, rud a fhágann gur féidir staitisticí comparáideacha ar fud na hEorpa a thiomsú.

Is é an sprioc náisiunta a bhaineann leis an mbochtaineacht sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta agus mar a pléadh i gCaibidil a dó, ná an ráta dearbh-bhochtaineachta a laghdú go dtí idir 2-4 faoin gcéad faoi 2012 agus deireadh ar fad a chur léi faoi 2016, ó ráta bunlíne a seacht faoin gcéad i 2005.

## 2.2 An Grúpa Comhairleach Teicniúil

Tá an Rannán um Chuimsiú Sóisialta freagrach as táscairí agus as foinsí sonraí a fhorbairt chun monatóireacht ar thorthaí beartas um chuimsiú sóisialta a fheabhsú. Mar thaca chun na hoibre sin, tá Grúpa Comhairleach Teicniúil ag an Rannán, ina bhfuil saineolaithe maidir le taighde, le bailiú sonraí agus le tomhas bochtaineachta, ar ionadaithe iad de chuid ranna rialtais, gníomhaireachtaí, páirtithe sóisialta agus eagraíochtaí taighde. Cabhraíonn an Grúpa sin leis an Rannán um Chuimsiú Sóisialta straitéisí cuimsitheacha agus taighde cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, mar bhonn eolais chun beartais agus cleachtais in aghaidh na bochtaineachta agus ar son an chuimsithe shóisialta a fhoirmliú agus chun feabhas a chur ar mhonatóireacht torthaí. Aimsíonn sé foinsí sonraí agus bearnaí sonraí, mar aon leis an gcur chuige is fearr chun an bhochtaineacht a thomhas. Tionóladh trí chruinniú de chuid an Ghrúpa i 2009 agus trí chruinniú i 2010. Ba iad na míreanna oibre ba thábhachtaí le linn na tréimhse sin ná:

- Pléadh go mion an chéad sprioc AE i leith na bochtaineacht ar glacadh léi[15] agus socrú sprice náisiúnta i leith na bochtaineacht i dtreo sprioc sin an AE a bhaint amach. Sholáthraigh an phlé sin eolas a úsáideach sna cainteanna maidir leis an sprioc um bochtaineacht i gClár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann.

- Rinneadh teimpléad tosaigh a fhorbairt, bunaithe ar obair maidir le maitrís sonraí reatha agus táscairí, don tiomantas maidir le gealltanais sa cháipéis *I dTreo 2016: Athbhreithniú agus Comhaontú Idirthréimhseach.* Tionóladh cruinniú comhairliúcháin leis an bhfoghrúpa um tháscairí den Ghallán Pobail agus Deonach. Rinneadh an teimpléad a phíolótú lena úsáid maidir le spriocanna sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta* a rinneadh a phíolótú mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta do 2009-2010. Déanfar é sin a athbhreithniú dá réir sin agus cuirfear é faoi bhráid an Grúpa Chomhairligh Theicniúil, an Ghasra Oifigeach Sinsearach agus Roinn an Taoisigh.

- Reáchtáladh seimineár a mhair leathlá chun breathnú ar úsáid táscairí agus spriocanna i mbeartais um chuimsiú sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach ar an 3 Mí na Samhna, 2010, i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Ionad um Eolaíocht Shóisialta i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh é mar chuid den Bhliain Eorpach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac 2010. Tá léirithe an tseimineáir sin le fáil ar: http://www.esri.ie/news_events/events/past_events/event_details/index.xml?id=268

15 cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, go háirithe trí laghdú na bochtaineachta, trí chuspóir 20 milliún duine ar a laghad a thabhairt slán ón mbochtaineacht agus ón eisiamh sóisialta ar fud an AE faoi 2020.

- Monatóireacht ar staitisticí bochtaineachta agus ar threochtaí bochtaineachta tríd an *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála* a fhoilsítear gach bliain.

- Pléadh forbairtí maidir le sonraí agus le taighde ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal AE agus a leibhéal idirnáisiúnta, a chuimsigh obair sa Rannán, sa Phríomhoifig Staidrimh, san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, i Eurostat agus i bhFoghrúpa Táscairí an Choiste um Chuimsiú Sóisialta.

- Rinneadh torthaí chlár taighde na Roinne maidir le treochtaí bochtaintachta a mheas i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

**2.3 Cód Cleachtais mar thaca le rannpháirtíocht ag daoine faoi bhrú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas ábhartha**

Cumadh an Cód Cleachtais chun meicníochtaí iomchuí a fhorbairt mar mhaithe le rannpháirtíocht ag daoine faoi bhrú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta agus daoine a oibríonn in éineacht leo maidir le straitéisí um chuimsiú sóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Réitíodh é sin i gcomhar le Ranna eile Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Rialtais, mar aon le grúpaí agus le heagraíochtaí daoine faoi bhrú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta agus le haird ar éagsúlachtaí madir le cur chuige, le caighdeáin agus le huirlisí arna bhforbairt do rannpháirtíocht an phobail in Éirinn agus i dtíortha eile.

Is féidir le Roinn Rialtais agus le Gníomhaireacht Rialtais ar bith ar a luíonn an fhreagracht maidir le beartas a chruthú agus a chur i bheidhm an Cód Cleachtais a úsáid. Baineann sé le hábhar maidir le réimse leathan feidhmeanna faoin Rialtas ina mbítear ag díriú ar na nithe seo a leanas a fheabhsú: rialú, seirbhís do chustaiméirí, forbairt straitéiseach agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh.

**3. Measúnú ar Thionchar na Bochtaineachta**

Tugtar measúnú thionchar na bochtaineachtais ar an bpróiseas a bhíonn in úsáid ag ranna rialtais, ag údaráis áitiúla agus ag gníomhaireachtaí stáit agus i gcláir i gcéim a ndeartha, a gcurtha i bhfeidhm agus a n-athbhreithnithe maidir leis an tionchar is dóichí a bheadh acu ar an mbochtaineacht agus ar an éagothromas, d'fhonn an bhochtaineacht a mhaolú.

Tá an Rannán um Chuimsiú Sóisialta freagrach as trácht agus moltaí a chur ar fáil maidir le beartas molta i meamraim rialtais maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na moltaí sin ar dhaoine faoi bhrú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Thugamar freagra ar líon suntasach meamram le linn 2009 agus 2010.

Chuir an Rannán measúnú ar thionchar na bochtaineachta i gcrích maidir le *Tuarascáil an Ghrúpa Speisialta maidir le Líon na nDaoine sa tSeirbhís Phoiblí agus le Cláir Chaiteachas (Tuarascáil McCarthy)* agus na moltaí buiséadachta dá réir i gCáinaisnéis 2010 agus i gCáinaisnéis 2011. Foilsíodh an measúnú ar thionchar na bochtaineachta a rinneadh maidir le Cáinaisnéis 2011 ar an suíomh idirlín atá ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, mar atá, www.welfare.ie

Is ar an roinn ábhartha rialtais a bhíonn i mbun beartas a fhorbairt nó a athbhreithniú a luíonn an fhreagracht maidir le measúnú ar thionchar na bochtaineachta a chur i gcrích. Cuireann an Rannán um Chuimsiú Sóisialta eolas ar fáil mar chabhair chun measúnú ar thionchar na bochtaineachta a dhéanamh. Cuireann sé cabhair ar fáil do ranna rialtais maidir leis na treoirlínte a ghabhann le measúnú ar thionchar na bochtaineachta a chur i bhfeidhm agus oibríonn in éineacht le scata údarás áitiúla chun na treoirlínte a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs rialtais áitiúil. Críochnaíodh i 2010 an obair chun treoirlínte a thiomsú maidir le conas is féidir le haonaid um chuimsiú sóisialta in údaráis áitiúla measúnú ar thionchar na bochtaineachta a dhéanamh. Cuireadh próiseas píolótach i gcrích maidir le roinnt pleananna ceantair áitiúil a fhorbairt agus na treoirlínte a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla ar fad.

Tugadh treoirlínte leasaithe maidir le measúnú ar thionchar na bochtaineachta isteach i Márta 2008 agus tá fáil ar na treoirlínte sin ar www.socialinclusion.ie agus ón Rannán um Chuimsiú Sóisialta, ach iad a iarraidh.

## 4. Taighde maidir le Bochtaineacht agus le hEisiamh Sóisialta

### 4.1 Téarmaí Tagartha an Taighde

Aithnítear sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta riachtanas leanúnach agus luach taighde neamhspleáigh maidir le tosca agus le saghsanna bochtaineacht agus eisiaimh shóisialta, go háirithe do ghrúpaí daoine leochaileacha. Bíonn gá le taighde iontaobhach seasmhach chun féachaint chuige ní hamháin go mbíonn an beartas reatha ag freastal ar na rialtais a aithnítear ach é, ina theannta sin ag baint torthaí buana éifeachtacha amach maidir le deireadh ar fad a chur leis an mbochtaineacht. Tá de rún ag an Rialtas féachaint chuige go mbíonn taighde a bhíonn á choimisiúnú aige agus a dtugann sé tacaíocht dó ag teacht go héifeachtach leis na tosaíochtaí sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta. Ní mór do thorthaí an taighde a bhíonn á mhaoiniú díiriú ar mheicníochtaí maidir le seachadadh, le measúnú feidhmíochta agus le haistriú faisnéise. Ról comhordaithe atá ag an Rannán um Chuimsiu Sóisialta sna cúrsaí sin, agus bíonn sé ag obair go dlúth i gcomhar leis na hinstitiúidí a bhíonn i mbun taighde den chineál sin, chomh maith le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí rialtais. Ina theannta sin, tá ról comhordaithe ag an Rannán maidir le cuid na hÉireann de na tionscadail a bhaineann le cuimsiú sóisialta a eagraítear ar leibhéal idirnáisiúnta.

Comhlíonann lucht foirne de chuid an Rannáin a mbíonn taithí ábhartha acu na freagrachtaí maidir le taighde agus le hanailís ar bheartas, le cabhair ó dhá shruth maoinithe taighde sheachtraigh. Ina theannta sin, bíonn an Rannán i gcomhairle le grúpaí saineolaithe teicniúla agus le hoifigigh shinseartha rialtais freagrach as coimirce shóisialach i dtaobh na gclár bliantúla taighde agus faoi cheisteanna beartais a thagann chun cinn. Cinntíonn sé sin go mbíonn na cláir bhliantúla taighde réamhghníomhach agus straitéiseach ó thaobh a mbéime agus a gcur i bhfeidhm.

**4.2 Clár taighde maidir le monatóireacht ar threochtaí bochtaineachta**

Clár ilbhliana taighde is ea an sruth tosaigh taighde sheachtraigh, atá á reáchtáil ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Baineann an clár taighde sin le hanailís agus le tomhas na bochtaineachta agus na díothachta in Éirinn, agus an dearbh-bhochtaineacht mar thomhas oifigiúil chuige sin. Úsáidtear chun na hanailíse sin na sonraí maidir le hioncam agus le dálaí maireachtála a bhailíonn an Phríomhoifigeach Staidrimh dá suirbhé bliantúil SILC. Is iondúil go mbíonn i measc na dtorthaí taighde sin tuarascáil bhliantúil maidir le cúrsaí bochtaineachta a bhíonn ag teacht chun cinn agus maidir le páipéir theicniúla faoi ghnéithe de thomhas na bochtaineachta. Déantar na torthaí a fhoilsiú agus a scaipeadh ag seimineáir.

Ar na torthaí taighde sa tréimhse 2009 go 2010, tá:
Whelan, T., Maitre, B. (2009), *Bochtaineacht agus díothcht in Éirinn, mar léargas comparáideach,* Sraith Taighde Uimh. 11 leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath.

Russell, H, Maitre, B and Nolan, B (2010), *Monatóireacht ar Threochtaí Bochtaineachta in Éirinn 2004-2007: Ceisteanna Tábhachtacha maidir le Leanaí, le Daoine in Aois Oibre agus le Seanóirí*. Sraith Taighde Uimh. 17 leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath.

Russell, H., Maitre, B., Donnolly, N. (2011), *Eisiamh Airgeadais agus Ró-fhéichiúnas i dTeaghlaigh in Éirinn*. An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath.

Foilsíodh faisnéisiú taighde a bhain leis an staidéar maidir le heisiamh sóisialta as Gaeilge agus i mBéarla.

**4.3 Na Dámhachtainí maidir le Nuáil sa Taighde um Chuimsiú Sóisialta**

Tagann an dara sruth maoinithe taighde ó na Dámhachtainí maidir le Nuáil sa Taighde um Chuimsiú Sóisialta (SIRIA). Is é is cuspóir leis na Dámhachtainí maidir le Nuáil sa Taighde um Chuimsiú Sóisialta ná sármhaitheas taighde agus nuála i dtaobh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a chur chun cinn i measc institiúidí den tríú leibhéal.

Seoladh an clár sin i dtreo dheireadh na bliana 2010 agus déanann Comhairle na hÉireann um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)[16] é a reáchtáil mar chuid dá *Tionscnamh um Fhorbairt Taighde.* Tháinig an maoiniú chuige sin as trí shruth éagsúla maidir le staidéar mar thaighde aonair nó mar thaighde i gcomhar agus le scoileanna samhraidh acadúla ina ndéantar gnéithe nua bochtaineachta agus saolré a fhiosrú.

Maoiníodh dhá staidéar taighde i 2010. Maoiníodh tionscnamh taighde i gcomhar ag Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide agus an Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta Sóisialta, dár teideal *'Caighdeáin a bhunú maidir le hioncam íosta do theaghaigh in Éirinn'.* Baineann an dara staidéar le '*Bochtaineacht agus cúrsa na beatha: táscairí díothachta a fhorbairt maidir le daonra éagsúil níos sine in Éirinn'* le hIonad Seaneolaíochta na hÉireann, Ollscoile Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Fuair Institiúid Geary, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil na hEolaíochta Feidhmeacha Sóisialta, Coláiste Ollscoile Chorcaí maoiniú do scoileanna samhraidh maidir le taighde faoi bhochtaineacht agus faoi mhodheolaíocht a bheidh á n-óstáil acu i nDeireadh Fómhair 2011 agus i samhradh 2012, faoi seach.

Bíonn an clár oibre a bhaineann leis na Dámhachtainí maidir le Nuáil sa Taighde um Chuimsiú Sóisialta ag tarraingt as ceachtanna arna bhfoghlaim as taighde a rinneadh faoin Tionscnamh um Chomhrac na Bochtaine. Le linn na tréimhse 2009-2010, foilsíodh ar líne 18 páipéar oibre taighde arna maoiniú faoin Tionscnamh maidir le Taighde um Bochtaineacht, rud a chuimsigh réimse leathan toipicí, mar shampla, eisiamh tithíochta, oideachas, eisiamh airgeadais, bochtaine, saolré agus bochtaine i measc leanaí. Is féidir na páipéir a fháil ar líne ar an nasc thíos: http://www.combatpoverty.ie/publications/workingpapers.htm

### 4.4 Portráidí sóisialta de ghrúpaí saolré

Thug an Roinn coimisiún don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i 2005 chun sraith portráidí sóisialta a thiomsú mar bhonn eolais chun an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* a fhorfheidhmiú, mar chuid de straitéis sonraí an Rannáin. Cúig cinn de phortráidí sóisialta atá i ndiaidh a bhorbartha go nuige seo: leanaí (a foilsíodh i 2007), seanóirí (2007), daoine in aois oibre (2008), pobail (2009) agus daoine faoi mhíchumas (2011).

Cnuasach úsáideach atá sna portáidi sin de shonraí socheachnamaíocha agus eile maidir le daoine ag gach céim dá saolré. Soláthraíonn siad pictiúr gléineach de na grúpaí is mó atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta in Éirinn, agus is cabhair iad maidir le bonn eolais a chur faoi bheartais ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin ar leith atá roimh na grúpaí sin. Cumadh na portráidí sin i slí is go mbeadh

16 Bunaíodh Comhairle na hÉireann um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) i 2000. Le tacaíocht ón bPlean Forbartha Náisiúnta, cuireann an IRCHSS maoiniú ar fáil do thaighde thús cadhnaíochta sa léann daonna, sna heolaíochtaí sóisialta, i gcúrsaí gno agus sa dlí agus é mar chuspóir eolas nua a chruthú, mar aon le saintaithí chun cabhrú le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

léamh ag pobal leathan léite orthu, ina léirítear an t-eolas staitisticiúil ar bhealach dathannach, sofheicthe agus sorochtana.

Sheol an tAire Coimirce Sóisialaí an phortráid shóisialta a bhaineann le pobail i mí Feabhra 2009.[17] Soláthraítear sa phortráid sin cur síos agus anailís staitisticiúil ar phobail n Éirinn sa lá atá inniu ann agus pléitear ann staid grúpaí leochaileacha ar leith, mar shampla, daoine ag maireachtaint i gceantair uirbeacha faoi mhbhuntáiste agus i gceantair tuaithe faoi mhbhuntáiste, lucht imirce agus mionlaigh eitneacha, an lucht siúil agus daoine gan dídean. Tá sé dírithe ar phobal leathan léite, baill den ghnáthphobal san áireamh.

## 5. Tionscnaimh um Chuimsiú Sóisialta

### 5.1 Bliain Eorpach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac 2010

D'ainmnigh Coimisiún na hEorpa an bhliain 2010 mar Bhliain Eorpach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac.

D'ainmnigh Rialtas na hÉireann an Rannán um Chuimsiú Sóisialta (a bhí ina chuid den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i dtosach ama agus ina chuid den Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ina dhiaidh sin) mar Chomhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe (NIB) maidir lena rannpháirtíocht a chomhordú agus a eagrú ar an leibhéal náisiúnta. Bhí an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe freagrach as clár náisiúnta na tíre seo a shainiú agus tosaíochtaí a shocrú don Bhliain Eorpach agus, ina theannta sin, as gníomhaíochtaí ar leith a roghnú chun maoiniú Pobail a fháil. Chuaigh an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe i gcomhairle leis an gCoiste Náisiúnta Comhairleach (NAC), lenar bhain réimse leathan lucht leasmhara, na Páirtithe Sóisialta san áireamh. Sholáthraigh an Coiste Náisiúnta Comhairleach comhairle maidir le gach gné de chlár na bliana agus dá chur i bhfeidhm. D'fhéach Éire chuige gur baineadh an leas ba mhór arbh fhéidir as na comhlachtaí a bhí ann cheana féin chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta.*

Baineadh amach go sásúil na haidhmeanna agus na cuspóirí a bhí leagtha amach do Chlár Náisiúnta na Bliana in Éireann, mar aon leis na cinn a bhí leagtha amach don Bhliain Eorpach i gcoitinne. Cuireadh tacaíocht ar fáil do níos mó ná scór ócáidí náisiúnta agus réigiúnda, mar aon le himeachtaí agus gníomhaíochtaí go leor ar an leibhéal áitiúil, inar cuireadh le tuiscint daoine ar cad is bochtaineacht agus eisiamh

---

17 Nolan, B., Maitre, B., (2009) *Portráid Shóisialta maidir le Pobail in Éirinn*, An Oifig um Chuimsiú Sóisialta, Baile Átha Cliath. Féach http://www.socialinclusion.ie/documents/5062SOCIALPORTCOMMUNITY-7-AW-LO.pdf

sóisialta ann. Cé gur leagadh béim láidir ar an eisiamh sóisialta go háitiúil, bhí béim, chomh maith, ar cheist níos leithne na freagrachta comhchoitinne maidir le comhrac na bochtaine ar an leibhéal náisiúnta.

Bhí réimse leathan lucht leasmhara ag na hócáidí ar fad a reáchtáladh faoi Chlár Náisiúnta na hÉireann, ar a n-áirítear ionadaithe sochaí sibhialta, páirtithe sóisialta, údarás áitiúla agus rialtais náisiúnta. Bhí daoine faoi bhrú na bochtaineachta rannpháirtíocht ann, rud a chinntigh clos agus éisteacht dá gcás, dá dtuairimí, dá dtaithí saoil agus dá bhfianaise.
http://www.welfare.ie/en/eu2010/Pages/eu2010.aspx

**6. Fóram Bliantúil um Chuimsiú Sóisialta**

Tá an Fóram Bliantúil um Chuimsiú Sóisialta (SIF) ina chuid de na struchtúir rialtasacha atá ann chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*. Soláthraíonn sé fóram caidrimh idir na dreamanna seo a leanas: oifigigh ranna rialtais, eagraiochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha agus daoine faoi bhrú na bochtaineachta. Déantar tuarascáil a thiomsú timpeall ar na tuairimí a nochtann lucht leasmhara ag an bhFóram Bliantúil um Chuimsiú Sóisialta agus cuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais í.

- Tionóladh Fóram um Chuimsiú Sóisialta 2009 ar an gCéadaoin, an 4 Mí na Samhna 2009 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrocaigh, Baile Átha Cliath 3. Bhain príomhfhócas an Fhóraim sin le cur i gcomhair don Bhliain uathúil Eorpach (2010) a tiomnaíodh do Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta, le tagairt ar leith do na dúshláin mhóra maidir le cuimsiu sóisialta de dheasca an chúlaithe eacnamaíochta. Seoladh an Rannán um Chuimsiú Sóisialta mar rannán nua sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a bhí ann an uair sin, mar aon lena phlan straitéise, ag an bhFóram sin.

- Tionóladh Fóram um Chuimsiú Sóisialta 2010 ar an gCéadaoin, an 17 Mí na Samhna, san Ionad Comhdhála, Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1. Ina theannta sin, reáchtáladh ag Fóram 2010 na himeachtaí a chríochnaigh Bliain Eorpach 2010 um an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac.

**6.1 Tionscnamh Maoinithe Feasachta Pobail maidir le Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Dhíothú na Bochtaineachta**

Le blianta beaga anuas, tá ag éirí go sármhaith le Tionscnamh Maoinithe Feasachta Pobail á reáchtáil ag an Rannán um Chuimsiú Sóisialta maidir le *Bliain Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Dhíothú na Bochtaineachta*. Cuimsíonn an tionscnamh sin

maoiniú aonuaire i gcomhair grúpaí nó eagraíochtaí frithbhochtaineachta chun oibriú ar an leibhéal áitiúil d'fhonn cur le feasacht an phobail maidir leis an 17 Deireadh Fómhair, *Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Dhíothú na Bochtaineachta*.

Tá fáil ar an maoiniú sin ag grúpaí agus ag eagraíochtaí frithbhochtaineachta atá ag obair ar leibhéal náisiúnta nó áitiúil le daoine faoi bhrú na bochtaineachta.

Is féidir gníomhaíochtaí a mhaoiniú a bhaineann le tionscnaimh aonuaire le fócas áitiúil, réigiúnda nó náisiúnta leis na haidhmeanna seo a leanas:

- an pobal a chur ar an eolas i dtaobh Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Dhíothú na Bochtaineachta;
- an pobal a chur ar an eolas i dtaobh na bochtaineachta in Éirinn;
- imeachtaí le rannpháirtíocht iontu ag daoine atá i mbaol bochtaineachta nó iad ag maireachtaint faoi bhrú na bochtaineachta;
- imeachtaí léirithe dlúthpháirtíochta leis an gcomhrac um dhíothú na bochtaineachta ar fud an domhain.

### 6.2 Bia Folláin do Chách

Tríd an Rannán um Chuimsiú Sóisialta, soláthraíonn an Roinn tacaíochta don eagraíocht Bia Folláin do Chách (HFfA) maidir le plean forbartha na heagraíochta sin a chur i bhfeidhm. Tionscnamh il-eagraíochtúil uile Éireann is ea Bia Folláin do Chách a thugann comhrac ar an mbochtaineeacht maidir le bia trí cabhrú le daoine ar ioncaim ísle teacht ar bhia folláin inacmhainne agus cur lena sholáthar. Is iad na príomhghníomhaíochtai a bhaineann leis an tionscnamh sin ná tacú le tionscnaimh áitiúla bia i scoileanna agus i bpobail, dea-chleachtas a chur chun cinn, mar aon le roinnt na foghlama, comhairle a sholáthar maidir le beartas agus taighde.

Chuir an Rannán um Chuimsiú Sóisialta tacaíocht ar fáil I mí Dheireadh Fómhair 2010 chun leabhar a fhoilsiú dár teideal *Bia Folláin do Chách: Treoirleabhar Dea-chleachtais maidir le Tionsnaimh Pobail a bhaineann le Bia*, arna sheoladh ag an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

## 7. Struchtúir Institiúideacha

### 7.1 An Coiste Aireachta agus an Gasra Oifigeach Sinsearach

Le linn na tréimhse athbhreithnithe, tionóladh cruinnithe rialta den Choiste Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Imeascadh[18] agus an Taoiseach sa chathaoir. Bhí an Gasra Oifigeach Sinsearach um Chuimsiú Sóisialta mar thaca leis an ngrúpa sin. Bhí an fócas ar cur chuige comhordaithe a chur chun cinn maidir le forfheidhmiú an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le monatóireacht ar na straitéisí dírithe ar a spriocanna fadtréimhseacha. Coinníodh de bhéim leathan ar a éifeachtaí is a bhíonn caidreamh idir-rannach maidir le cúrsaí beartais shóisialta.

18Tháinig an Coiste Aireachta um Beartas Sóisialta in áit an Choiste Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Imeascadh i 2011.

**7.2 An Rannán um Chuimsiú Sóisialta**

Ar an 1 Iúil 2009, tugadh le chéile an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine agus an Oifig um Chuimsiú Sóisialta in aon rannán amháin faoin teideal Rannán um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, mar a bhí. Bhí de chuspóir príomhúil sa phróiseas comhtháite sin na meicníochtaí institiúideacha is bun agus is taca do straitéisí an Rialtais maidir leis an gcuimsiú sóisialta a neartú**.**

Bhain na forálacha reachtaíochta a bhí riachtanach le lánscor na Gníomhaireachta agus aistriú a lucht foirne isteach sa Roinn. Tugadh éifeacht do na forálacha sin le hOrdú um Thosach Feidhme i mí Iúil 2009.

Aistríodh an Rannán go dtí an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ar an 1 Mí na Bealtaine 2010 agus aistríodh ar ais go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí é ina dhiaidh sin (ar an1 Mí na Bealtaine 2011).

# Cuid 2

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA SA PHLEAN NÁISIÚNTA GNÍOMHAÍOCHTA UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA 2007-2016

## Cúram Leanaí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar bonneagar a fhorbairt chun cúram leanaí inacmhainne den scoth a sholáthar, mar aon le méadú ar 100,000 an líon áiteanna do leanaí (de gach saghas) faoi 2016. Cruthóidh Clár Infheistíochta um Chúram Leanaí 2006–2010 (NCIP) 50,000 de na háiteanna sin. | Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, níor faomhadh iarratais nua um deontas caipitil ó lár 2008 amach. Cruthóidh maoiniú caipitil NCIP thart faoi 25,000 áit nua cúraim leanaí. |
| Déanfar athbhreithniú ar NCIP 2006–2010 le linn 2010 i gcomhairle leis na páirtithe sóisialta. Beidh measúnú ar an dul chun cinn go nuige seo chun freastal ar riachtanais maidir le cúram leanaí d'fhonn féachaint chuige go mbíonn beartais nua agus clár nua ar bith ag freagairt mar ba chóir do riachtanais um chúram leanaí ag teacht chun cinn. | In Eanáir na bliana 2010, tugadh an Clár um Chúram agus Oideachais Luath-Óige (ECCE) isteach, faoina soláthraítear clár bliantúil luathfhoghlama do leanaí sa bhliain díreach roimh dhul ar an mbunscoil. Tháinig an clár sin, a chosain €153.5m i 2010, isteach mar chomharba ar an bhForlíonadh Luathchúraim Leanaí ar cuireadh deireadh leis i Mí na Nollag 2009.<br><br>Tugadh clár nua maidir le Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal (CCS) isteach i Meán Fómhair 2010, faoina leantar de na seirbhísí cúraim leanaí a mhaoiniú ionas gur féidir leo táillí cúraim leanaí a laghdú i gcomhair tuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste nó ar ioncam íseal oibre. Tugadh clár nua maidir le Tacaíocht um Fhostaíocht agus Oiliúint Cúraim Leanaí (CETS) isteach i Meán Fómhair 2010 chun áiteanna cúraim leanaí a sholáthar saor in aisce do thuismitheoirí ag freastal ar chúrsaí FÁS/CGO. |

## Oideachas Luath-Óige

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Chun go mbainfear Sprioc Ardleibhéil 1[1] amach, déanfar an beart maidir le hOideachas Luath-Óige faoi Phlean Gníomhaíochta DEIS a leathnú go dtí na pobail uirbeacha bunscoile is mó a bhí ina ngátar.faoi 2010. leathnófar an beart sin go dtí na scoileanna eile DEIS ar fad tar éis 2010. | Céim mhór chun tosaigh ab ea an bhliain réamhscoile saor in aisce (an scéim ECCE) a tugadh isteach maidir le gach leanbh in Eanáir 2010 mat athrú beartais ó idirghabhálacha saindírithe Luathbhlianta go soláthar uilíoch. Déantar an scéim sin a maoiniú tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus, sa chéad bhliain den scéim, ghlac 94% de na leanaí san aoisghrúpa cáilithe lena n-áiteanna réamhscoile saor in aisce.<br><br>Ta níos mó ná 4,000 seirbhís réamhscoile rannpháirteach sa scéim ECCE. Tá an t-ardráta den deontas caipitíochta á fháil ag thart faoi 20% de na seirbhísí sin.<br><br>Maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna dhá chreat cleachtais (Síolta and Aistear) mar thaca le seirbhísí réamhscoile den scoth.<br><br>Tá Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta um Oideachas Luath-Óige, ina chóras uileghabhálach treoracha cleachtais do gach suíomh ina mbíonn leanaí ó bhreith go sé bhliain d'aois. Tá Clár um Dhearbhú Cáilíochta ag Síolta, atá á chur i bhfeidhm ar bhonn tástála allamuigh ag na hEagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí agus iad ag obair i gcomhar leis an Aonad um Beartas Oideachais Luath-Óige. Roghnaíodh 25 Comhordaitheoirí le Síolta as na hEagraíochtaí Deonacha um Chúram Leanaí agus tugadh oiliúint ar leith dóibh maidir le rannpháirtíochta i suímh ECCE. Leanfaidh an Roinn dá cuid oibre i gcomhar le ranna eile agus le gníomhaireachtaí eile chun chur le luach na glár cúraim leanaí. |

## Lucht Luathfhágála Scoile/Neamhláithreacht

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Mar bheart breise chun dul i ngleic leis an neamhláithreacht, le luathfhágáil na scoile, le fadhbanna iompraíochta agus riachtanais speisialta, soláthrófar 100 post eile don Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB) agus don Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) faoi 2009. | Faoi I dTreo 2016, socraíodh 100 post nua le leithdháileadh idir NEPS agus NEWB. Faoi Chéim 1 den chomhaontú sin, ceadaíodh 15 post nua lánaimseartha do NEWB, rud a thug líon a lucht foirne suas go 109. Ceapadh daoine chun na bpost nua sin faoi dheireadh 2008. Ón 1ú Meán Fómhair 2009 amach, leathnaíodh téarmaí tagartha an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB) chun freagracht a ghlacadh as na seirbhísí seo a leanas: an tSeirbhísí Teagmhála Baile agus Scoile, Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do Dhaltaí Lucht Siúil agus an Clár Críochnaithe Scoile, chomh maith leis an Seirbhís um Leas Oideachais. Mar gheall ar chomhtháthú na Seirbhísí Oideachais, is féidir soláthar a dhéanamh maidir le sruthlíniú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí sa líne tosaigh, cur chuige atá ag teacht le cur chuige i gcoitinne an Rialtais maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí, mar a fógraíodh i Mí na Samhna 2008, bunaithe ar an gClár Athnuaite don Rialtas, chun seirbhís níos éifeachtaí a sholáthar do leanaí arbh fhéidir leo fadhbanna a bheith acu ó thaobh rannpháirtíocht i saol na scoile.<br><br>Mar Chomhlacht Neamhthráchtála Stát-Urraithe (NCSSB) faoin Roinn Oideachais agus Scileanna, tagann NEWB faoin Moratóir ar Earcaíocht Earnála Poiblí. Tá an Bord ag feidhmiú trí 5 mheitheal réigiúnda ar 31 láthair timpeall na tíre. Is iad seo a leanas na teorainneacha uasta atá faofa ag an mBord faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta san Earnáil Oideachais don tréimhse 2011 go 2014:<br><br>2011 – 110,<br><br>2012 – 109,<br><br>2013 – 108,<br><br>2014 – 106.<br><br>Cé gur leanadh den earcaíocht i gcomhair NEPS le linn 2009, cuirtear líon na síceolaithe a earcaíodh (9) mar fhritháireamh i gcoinne a chomhlíon de daoine a d'éirigh as a bpoist nó a chuaigh ar scor. D'fhás líon na síceolaithe go 165 le linn 2010 agus go moch i 2011 go 172. Is é a líon faoi láthair (Meán Fómhair 11) ná 177. |

## Imeascadh Leanaí Imirceach

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar an tacaíocht maidir le himeascadh éifeachtach leanaí imirceach bunscoile agus iar-bhunscoile fheabhsú trí 550 múinteoir tacaíochta teanga de bhreis a sholáthar faoi 2009 agus deireadh a chur leis an teorainn reatha uasta nach gceadaíonn ach beirt mhúinteoir de bhreis in aghaidh na scoile. Beidh fáil ar €637 milliún chuige sin faoi 2013, maidir le múinteoirí tacaíochta teanga do leanaí nach é an Béarla teanga an teaghlaigh acu. | Leanadh le linn 2009, de na cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí a bhaineann le Béarla mar Theanga Bhreise ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na hiar-bhunscoile, mar aon le hoiliúint do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí eile.<br><br>Sa bhliain 2009, tugadh ar ais, ar an mórgóir, mar theorainn uasta gan ach beirt mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise in aghaidh na scoile, le soláthar do phoist sa bhreis faoi chúinsí speisialta. Cuimsíonn sé sin, mar shampla, cásanna ina mbíonn gá ag daltaí sraithe sinsearaí iar-bhunscoile le tacaíocht leantach. Bhain caiteachas thart faoi €85.3 milliún i 2010/11 le poist/uaireanta Béarla mar Theanga Bhreise.<br><br>Tá athbhreithniú ar siúl anois maidir leis an luach ar airgead a bhaineann le socruithe Béarla mar Theanga Bhreise san earnáil bunscoile agus san earnáil iar-bhunscoile.<br><br>Ina theannta sin, cuireadh bosca uirlisí iar-bhunscoile um measúnú teanga amach go dtí na scoileanna ar fad.<br><br>Sheol an tSeirbhís um Chuimsiú agus Éagsúlacht Thuaisceart Éireann leagan iar-bhunscoile den "Bosca Uirlisí um Éagsúlacht" go luath sa bhliain 2010. Tá leaganacha eile de atá dírithe ar an earnáil réamhscoile agus ar earnáil an oideachais speisialta.<br><br>Maidir le caiteachas, Tá an méadú seo a leanas tagtha air (suimeanna go dtí an milliún is gaire):<br><br>08/09 €136 milliún<br>09/10 €100 milliún<br><br>Sin caiteachas €488 milliún go nuige seo. |

## Straitéis um Oideachas Lucht Siúil

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Cuirfear formhór na moltaí sa cháipéis Tuarascáil agus Moltaí maidir le Straitéis um Oideachas Lucht Siúil i bhfeidhm idir 2007 agus 2011, le haird ar an Suirbhé um Sholáthar Oideachais don Lucht Siúil. | Táthar ag leanúint den obair maidir leis an Straitéis um Oideachas Lucht Siúil a chur i bhfeidhm. Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe Lucht Siúil (TIG) laistigh den Roinn i 2006 mar ghrúpa stiúrtha ar an dul chun cinn maidir leis na moltaí ón Fhóram Comhairleach agus Comhairliúcháin um Straitéis Oideachais Lucht Siúil, a bunaíodh i dtreo dheireadh 2009 mar fhóram comhairleach maidir leis an Straitéis um Oideachas Lucht Siúil go leanúnach. Cuimsíonn an Fóram lucht leasmhara tábhachtacha in earnáil an oideachais le spéis nó freagracht acu maidir le hoideachas Lucht Siúil in Éirinn, chomh maith le Lucht Siúil Grúpaí Ionadaíochta Lucht Siúil agus baill den Lucht Siúil. Is é is cuspóir don Fhóram, cúrsaí a aithint, constaicí san áireamh, maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sa Straitéis um Oideachas Lucht Siúil. Déanfar scrúdú, chomh maith, ar cad is freagairt iomchuí maidir le ceisteanna a aithnítear agus tuairiscí a chur ar fáil, ó am go chéile, don Ghrúpa Forfheidhmithe Lucht Siúil, ina leagfar béim ar na cúrsaí imní is mó.<br><br>Tionóladh cúig chruinniú den Fhóram go nuige seo, an 5ú ceann ar an 27ú Iúil 2011. |
| Cuirfear deireadh de réir a chéile leis an socrú maidir le leithscagadh ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na hiarscoile, d'fhonn féachaint chuige go ndéantar an Lucht Siúil a imeascadh isteach i scoileanna príomhshrutha faoi 2009. | Táthar i gcomhairle cheana féin le pátrúin na scoileanna sin chun teacht ar an gcur chuige is fearr maidir le deireadh .a chur le leithscagadh. de réir a chéile. Tarraingíodh siar i Meán Fómhair 2011 Múinteoirí Acmhainne/Uaireanta Teagaisc don Lucht Siúil, mar phoist. Ba chóir go mbeadh daltaí den Lucht Siúil a cháileodh do thacaíocht foghlama teagasc mar sin a fháil trí mheán na dtacaíochtaí foghlama atá sna scoileanna cheana. Ba chóir do gach scoil daltaí a roghnú maidir le tacaíocht foghlama bunaithe ar a dtosaíochtaí riachtanas. Soláthraítear bearta teoranta maolaithe nó coigeartaithe chun cabhrú le scoileanna ina mbíonn dlús daltaí Lucht Siúil agus Múinteoirí Acmhainne Lucht Siúil mar thaca leo roimhe seo. |

| | |
|---|---|
| Déanfar réamhscoileanna don Lucht Siúil a chomhtháthú le réamhscoileanna eile, idir nua agus sean, thar thréimhse níos sia, chun go bhfaighidh óige an Lucht Siúil oideachas gan leithscagadh óna luath-óige amach | Nuair a tugadh isteach réamhscolaíocht uilíoch saor in aisce, d'fhág sin gurbh fhéidir deireadh níos tapúla a chur le réamhscoileanna Lucht Siúil, rud a bhí mar chuspóir faoi Straitéis um Oideachas Lucht Siúil 2006. Áit ar bith ar raibh áiteanna go leor ar fáil i réamhscoileanna príomhshrutha pobail nó príobháideacha, tugadh spreagadh do réamhscoileanna Lucht Siúil a soláthar leithscagtha a dhúnadh nó iarratas a chur isteach ar a dtabhairt isteach faoi chóras na bliana réamhscoile saor in aisce. Faoi dheireadh 2010, ní raibh ach 6 réamhscoil leithscagtha Lucht Siúil á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. |

## Ceartas Óige

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tabharfaidh an OMC tacaíocht do chur i bhfeidhm dreasaithe Acht na Leanaí, 2001, i gcomhar leis na dreamanna seo a leanas: an Seirbhís nua um Cheartas Óige na hÉireann, an earnáil dlí, FSS agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tabharfar tosach feidhme do na forálacha reachtaíochta ar an 1 Márta 2007. | Tugadh tosach feidhme do na forálacha uile san Acht. |
| Beidh feidhm i 2007 leis na forálacha faoina mbeifear in ann Acht na Leanaí, 2001, a chur i bhfeidhm go huile is go hiomlán, agus beidh forbairt na gcaighdeán cáilíochta mar thaca leis sin, mar aon le monatóireacht níos fearr agus iniúchtaí de réir na gcaighdeán sin. | Chuir Seirbhís um Cheartas Óige na hÉireann tús le hathbhreithniú i 2010 ar oibriú Acht na Leanaí, agus táthar ag súil lena chur i gcrích go luath. |

| | |
|---|---|
| Cinnteoidh Seirbhís um Cheartas Óige na hÉireann go ndéanfar na seirbhísí is gá a sholáthar mar thaca le gníomhaíocht sa phobal mar mhalairt ar ghéibheannú, a chuireann an tSeirbhís Phromhaidh ar fáil, chomh luath agus is féidir sa tréimhse 2007-2013. | Le linn 2009 agus 2010 bhí an tSeirbhís um Cheartas Óige na hÉireann, i gcomhar leis an Rannán um Sheirbhís Phromhaidh do Dhaoine Óga sa tSeirbhís Phromhaidh, freagrach as líonra eagraíochtaí pobail, freagrach as réimse tionscnamh a leathnú, rud a chuimsíonn smachtbhannaí amuigh sa phobal, de réir na bhforálacha faoi Acht na Leanaí, 2001 (arna leasú). Ina measc tá, Lárionaid Lae a bhunú i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, cláir scileanna tuismitheoireachta a sholáthair, cur le meantóireacht ar bhonn deonach mar chabhair chun smaointeoireacht ar son na sochaí a chothú, mar aon le hiompraíocht dá réir, úsáid níos leithne a bhaint as na prionsabail a bhaineann leis an gceartas aisiríoch; cláir oibre iompraíochta cognaíche agus cur chuige cúraim a fhorbairt a bheidh in a chabhair maidir le daoine óga a athchuimsiú isteach sa phobal. |
| Is é an 1 Márta 2007 an dáta atá leagtha amach de réir sceidil do thosach feidhme na bhforálacha reachtaíochta maidir le smachtbhnnaí pobail Déanfar na bearta a leathadh amach de réir a chéile ar fud na tíre ina dhiaidh sin. Cuirfear gníomh a leathnaithe i gcrích faoi 2013. | Tá an Rannán um Sheirbhís Phromhaidh do Dhaoine Óga ag leanúint dá chuid oibre laistigh de Chúirteanna na Leanaí, trína soláthraítear comhairle, measúnaithe agus maoirseacht orduithe, d'fhonn a chinntiú go leantar de na feidhmeanna faoi Acht na Leanaí, 2001 (arna leasú). Ina theannta sin, tá an Rannán um Sheirbhís Phromhaidh do Dhaoine Óga ag leanúint den obair chun páirtíochtaí a thógáil in éineacht leis na dreamanna seo a leanas: FSS, An Garda Síochána agus na Scoileanna Coinneála Leanaí, d'fhonn féachaint chuige go gcuirtear an fhaisnéis is fearr is féidir do na Cúirteanna mar bhonn eolais le gach cinneadh dá gcuid, agus chun nach mbeadh ionad coinneála leanaí in úsáid ach mar réiteach dála deiridh. Cuireadh oiliúint ar gach oifigeach agus ar gach ball foirne i dtionscadail ábhartha maidir leis an gceartas aisiríoch, rud a chinntíonn an dea-chleachtas maidir le caitheamh le ciontóirí óga agus lena muintir, agus cuireann ar fáil do na Cúirteanna réitigh eile, seachas cur faoi ghlas |

| | |
|---|---|
| Tabharfar líon iomlán na dTionscadal Athstiúrtha Óige go dtí thart faoi 130, chun freastal ar thart faoi 4,500 duine óg faoi 2013. Déanfar measúnú cuimsitheach ar na Tionscadail Athstiúrtha Óige i 2007-2008 mar bhonn eolais le forás na dtionscadal. | Rinneadh Tionscadail Athstiúrtha Óige An Gharda Síochána a mheasúnú arís, ó thaobh cur lena líon reatha, mar atá, 100, i bhfianaise na haeráide athraithe eacnamaíochta; tá méadú ar a líon a bhí beartaithe curtha ar feitheamh anois.<br><br>Leagadh an fócas príomhúil le linn 2009 agus 2010 ar féachaint chuige go ndéantar seirbhísí éifeachtacha den scoth a sholáthar, mar a leagtar amach faoi Straitéis Náisiúnta um Cheartas Óige 2008-2010.<br><br>Foilsíodh torthaí na hanailíse bunlíne maidir le Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, ar cuireadh tús leis i 2008, i 2009 i dtuarascáil dár teideal “Freagairt éifeachtach áitiúil a dhearadh - anailís bunlíne de Thionscadail Athstiúrtha Óige”. Cuireadh tús leis an obair sin le linn 2009 agus leanadh di ar feadh 2010, chun moltaí na tuarascála sin a chur i bhfeidhm, le cúig láithreán tástála arna píolótú chun an tsamhail nua a úsáid.<br><br>Mar thaca leis na tionscadail sin ar fad, tá pobal nua foghlama ar líne, a cruthaíodh i gcomhair cleachtóirí le linn 2009 chun an fhaisnéis agus an dea-chleachtas a roinnt. Tá lear suntasach oibre déanta, chomh maith, ag Seirbhís um Cheartas Óige na hÉireann agus An Garda Síochána in éineacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí rialachais na dtionscadal, lena bhfeabhsú.<br><br>Leanadh den obair chun an Clár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna, arna pháirt-mhaoiniú as Ciste Sóisialta na hEorpa a leathnú amach chuig tionscadail i 2009 agus 2010, faoinar cuireadh oibrithe breise le beagnach gach ceann de na 100 tionscadal sin, chun feabhas a chur ar na tacaíochtaí do dhaoine óga a bhíonn rannpháirteach i dtionscadail de chuid an Gharda Síochána. |
| Tá straitéis oideachais á ullmhú maidir leis na leanaí ar fad atá i scoileanna le leibhéal ard tacaíochta, cúram speisialta agus i Scoileanna Coinneála Leanaí chun leanúnachas oideachais agus deiseanna oiliúna do na leanaí sin roimh, le linn agus i ndiaidh tréimhsí faoi chúram speisialta nó faoi choinneáil. | Tá an Straitéis Oideachais maidir le Seirbhís Scoileanna Coinneála Leanaí 2010-2013 arna fhoilsiú anois. |

## Meabhairshláinte

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Faoin gcreat maidir leis an *Straitéis um Fhís chun Athraithe*, tá líon Foirne Meabhairshláinte Pobail (CMHT) i gcomhair leanaí agus daoine óga arna seachadadh de réir 1 CMHT per 100,000 den daonra faoi 2008 agus 2 CMHT per 100,000 den daonra faoi 2013 | Tugadh líon na meithleacha meabhairshláinte ar fud na tíre i gcomhair leanaí agus daoine óga arna méadú ó 50 go 55, agus táthar ag beartú cur lena líon amach anseo, ag teacht leis na moltaí sa cháipéis *'A Fís for Change'.*<br><br>Le linn 2009, cuireadh beagnach an dá oiread leapacha ar fáil le haghaidh leanaí agus ógánach, rud a thug an líon iomlán leapacha othar cónaitheacha suas go 30. Ina theannta sin, le linn 2010, cuireadh céim na tógála i gcrích maidir le dhá aonad leanaí agus ógánach le 20 leaba iontu sa Ghaillimh agus i gCorcaigh, a thabharfaidh an líon iomlán leapacha othar cónaitheacha go 52. Cuirfear leis an líon leapacha othar cónaitheacha i 2011, le pleananna do leapacha breise i mBaile Átha Cliath – in Ionad Naomh Lomán i mBaile Phámar agus in Ionad Naomh Uinseann i bhFionnradharc. Ina theannta sin, táthar ag súil le críoch a chur faoi Mheán Fómhair 2011 leis an obair ar Shaoráid Lae Meabhairshláinte Linn Dara i gcomhair Leanaí agus Ógánach i bPáirc Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath. Táthar ag súil go gcuirfidh an tsaoráid sin cúram lae agus cóireáil ar fáil do leanaí agus d'ógánaigh le riachtanais a bhaineann le meabhairshláinte, chun gearradh siar ar líon na n-iontrálacha. |

## Mí-Úsáid Substaintí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar monatóireacht ar leitheadúlacht na dtreochtaí caite tobac agus úsáidte substaintí tríd na Suirbhéanna Náisiúnta um Shláinte agus Stíl Mhaireachtála agus an Tionscadal um Shuirbhé Eorpacha Scoileanna maidir le hAlcól agus Drugaí eile (ESPAD). Beidh a thorthaí sin ar fáil i dtreo dheireadh 2007 nó go luath i 2008. | Tá taighde idir lámha cheana féin don Tionscnamh Eorpach Scoileanna maidir le hAlcól agus Drugaí eile (ESPAD) 2011.<br><br>Chun leitheadúlacht nós caite tobac in Éirinn a mhaolú, chuir an Roinn Sláinte athbhreithniú ar siúl d'fhonn teacht ar mholtaí eile beartais maidir le gearradh siar ar leitheadúlacht caite tobac in Éirinn agus ar an dóigh ina ngabhtar daoine i ngaiste a chaite. Tá an t-athbhreithniú sin faoi lán seoil anois agus dul chun cinn maith déanta maidir le tuarascáil ina leith a chur ar fáil. |

| | |
|---|---|
| Beidh fáil ar thorthaí an tSuirbhé um Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí in Aois Scoile (HBSC) le fáil ó lár na bliana 2007 amach. | Tá an obair maidir le Suirbhé um Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí in Aois Scoile 2010 ag leanúint ar aghaidh. Táthar ag súil lena sheoladh níos déanaí i 2011. |
| Soláthrófar cóireáil do 100% de na daoine faoi aois 18 bliain le fadhbanna úsáidte drugaí laistigh de mhí tar éis a measúnaithe. | Tugtar tosaíocht do dhaoine faoi aois 18 maidir le cóireáil le meatadón agus níl liostaí feitheamh ar bith ann don dream sin. Thug FSS suim €2.46m mar leithdháileadh maoinithe i 2010 do ghníomhaireachtaí earnála deonaí i gcomhair seirbhísí pobail i Sraith 3, ina dtugtar tosaíocht do dhaoine faoi aois 18. Fágann san gurbh fhéidir a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí líne tosaigh do dhaoine faoi aois 18, i gcomhar leis an earnáil deonach. Ceadaíodh beirt phost mar Shíciatraithe Comhairleacha maidir le mí-úsáid substaintí i gCeantar an Deiscirt den FSS agus i gCeantar an Iarthair den FSS West mar thaca le seirbhísí a fhorbairt do dhaoine faoi aois 18. |
| Cuirfear beartais um mí-úsáid substaintí in áit i 100% de na scoileanna faoi 2008. | Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Suirbhé maidir le Scileanna Maireachtála ar siúl sna scoileanna ar fad i 2009. Seo a leanas a rátaí freagartha: 80% (bunscoileanna) agus 66% (iar-bhunscoileanna). Léirigh na freagraí a fuarthas:<br><br>go raibh beartas um mí-úsáid substaintí ag 84% de na scoileanna bunscoile agus ag 96% de na scoileanna iar-bhunscoile.<br><br>Tá teimpléad chun cabhrú le scoileanna beartas um mí-úsáid substaintí a fhorbairt ar fáil ar an suíomh idirlín atá ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. |

## Cothú

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Cuirfear bailchríoch ar Bheartas Náisiúnta um Chothú, agus seolfar faoi lár na bliana 2007 é. Déanfar bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí leitheadúlacha maidir le fás, le ró-mheáchan agus le ró-raimhre. Tá modúl a bhaineann le fás sa Clár Gníomhaíochta do Leanaí (PAC), a mbeidh cur i bhfeidhm an mhodúil sin faoin mBeartas Náisiúnta um Chothú. | Mar chuid den Athbhreithniú ar Bheartas Sláinte Poiblí, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Sláinte ar na príómhchinntithigh a bhaineann le sláinte agus leis na héagrothomais i gcúrsaí sláinte ar fud ár seirbhísí sláinte, ár seirbhísí pobail agus i suímh oideachais. Déanfaidh an t-athbhreithniú sin cur síos ar na saghsanna cur chuige, ar na cuspóirí tosaíochta agus ar na gníomhaíochtaí faoi cheannlínte tábhachtacha a bhaineann le stíleanna maireachtála, d'fhonn cúrsaí sláinte a fheabhsú, chomh maith le héagothomais, galair agus costais don chóras sláinte a mhaolú.<br><br>Ó thaobh an chothaithe de, tá an fócas á dhíriú ag an Roinn, dá bharr sin, ar na Treoirlínte um an bPirimid Bia agus um Ithe Folláin a leasú.<br><br>Tuairiscítear sa tuarascáil Staid Leanaí an Náisiúin – Éire 2010, ar chúrsaí cothaithe, ar ghníomhaíocht coirp agus ar an táscaire um ró-mheáchan agus ró-raimhre dá ngairtear an tInnéacs Corpmhaise.<br><br>Reáchtáil Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann suirbhé dár teideal An Suirbhé Náisiúnta um Chothú Aosach, arna pháirt-mhaoiniú ag an Roinn.<br><br>Bhí an Roinn rannpháirteach sa Ghasra Oibre Saineolaithe, a thiomsaigh Tuarascáil maidir le Sláinte agus Cothú Leanaí ina gCónaí in Éirinn, mar chabhair maidir le bonn eolais a sholáthar don Athbhreithniú ar an gCód Tráchtála do Leanaí arna reáchtáil ag Údarás Craoltóireachta na hÉireann. Tá comhairliúchán náisiúnta ar siúl maidir le rialacha a bhaineann go sonrach le fógraíocht do leanaí maidir le bia agus le deoch. Agus beartas laghdaithe salainn an AE á chur i bhfeidhm, tá an Roinn ag obair i gcomhar le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. |

## Béilí Scoile

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Díreofar ar na 475 scoil i bplean gníomhaíochta DEIS nach bhfuil leas á bhaint acu as clár na mbéilí scoile, d'fhonn rannpháirtíocht sa scéim sin a mhéadú agus 215 scoil de bhreis a chur lena líon faoi dheireadh 2007. Cuireadh suim €3 milliún de mhaoiniú breise ar fáil i gcomhair an chláir sin i 2007 | Coimeádadh an leibhéal maoinithe do Chlár na mBéilí scoile (Scéim Uirbeach Béilí Scoile agus Scéim Thionscnamh Áitiúil Béilí Scoile) ag suim €35m ó 2009 i leith. Chinntigh sé sin gur tháinig an maoiniú do thionscnaimh éagsúla agus do scoileanna slán gan laghdú. Tugtar cuireadh do scoileanna nua dul isteach i Scéim Thionscnamh Áitiúil Béilí Scoile, de réir mar a bhíonn teacht ar mhaoiniú ar éirí scoileanna eile as an scéim.<br><br>Chuaigh 13 scoil DEIS eile isteach i Scéim Thionscnamh Áitiúil Béilí Scoile i 2009 agus 9 scoil eile i 2010 (6 i 2011). Bhain daltaí as thart faoi 700 scoil DEIS leas as an scéim le blianta beaga anuas. |

## Clár um Chaifé Óige

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Cumrófar moltaí chun an Clár um Chaifé Óige a leathnú amach faoi Mheán Fómhair 2007. | Foilsíodh dhá dhoiciméad beartais;<br>Seoladh scéim maoinithe;<br>Fógraíodh torthaí na scéime maoinithe;<br>Soláthraíodh maoiniú do 16 láithreán nua;<br>Tugadh tacaíocht do 50 láithreán a bhí ann;<br>Tá formhór na láithreáin le dul ag obair i 2012, |

## Áiseanna Súgartha do Leanaí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Cuirfidh Clár RAPID €3 milliún ar fáil faoina Scéim Deontas na gClós Súgartha Scoile i 2007. | Íocadh suim €3.2m de dheontais de bun iarratas do 56 ceantar RAPID. |
| Críochnófar an obair chun 15 tionscnamh chlós scoile a thógáil i 2007 trí mhaoiniú dár luach thart faoi €700,000, arna íoc faoi Scéim Clós Súgartha na nÚdarás Áitiúla. Ina theannta sin, tá suim níos mó ná €4 milliún arna leithdháileadh do gach Comhairle Cathrach agus Contae faoi Scéim Clós Súgartha na nÚdarás Áitiúla, chun suas le 90 clós súgartha de bhreis a sholáthar i dtionscnaimh sa dá bhliain a shíneann díreach romhainn amach. | Íocadh suim iomlán €7.26m maidir le 155 clós súgartha timpeall na tíre.<br><br>Cuireadh deireadh leis an maoiniú i gcomhair na gclár sin ag deireadh 2010. Fágadh suimeanna airgid do dhornán tionscnamh nár tógadh suas ag Údaráis Áitiúla. |

| | |
|---|---|
| Cuirfear suim 2 milliún ar fáil faoi dheireadh 2007, mar mhaoiniú i gcomhair 21 tionscadal chun saoráidí a fhorbairt i gcomhair clár scátála. | Caitheadh suim iomlán €1.7m timpeall na tíre ar 20 páirt clár scátála, agus fágadh maoiniú a bhain le tionscnamh amháin acu nár tógadh suas. |

## Comhairle Na nÓg

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Leanadh de tacaíocht agus treoir a sholáthar chun feabhas a chur ar oibriú na gComhairle Na nÓg ar fad, dár líon 34. | Tá maoiniú á fháil anois ag na 34 Comhairle ar fad faoi Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Sháraigh an caiteachas faoin chiste maoinithe seo, in éineacht le tacaíochtaí eile suim €680,000 i 2009 – 2010.<br><br>I dtuarascálacha an mheasúnóir neamhspleáigh maidir le Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg (2007–2010), aibhsítear an tábhacht a ghabhann leis na critéir dhochta a chuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i bhfeidhm agus ar na leasuithe suntasacha a bhí ar oibriú Chomhairle na nÓg de bharr an mhaoinithe sin. Ar na critéir is mó tábhacht maidir le maoiniú, tá an ceangal ar údaráis áitiúla cruthúnas a sholáthar go mbionn rannpháirtíocht i gComhairle na nÓg ag leanaí agus ag daoine óga nach bhfaigheann éisteacht go minic.<br><br>Tiomsaíodh plean forbartha dhá bhliana do Chomhairle na nÓg (2009–2011), atá á gcur i bhfeidhm go sásúil anois. |

## Dáil na nÓg

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar athbhreithniú ar fhad ama agus ar mhinicíocht Dháil na nÓg faoi 2008. Tacóidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le hobair Chomhairle Dháil na nÓg, ar a bhfuil 34 duine óg arna dtoghadh as gach Comhairle na nÓg sa tír. | Dáil na nÓg 2010<br><br>Is é an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige atá i mbun Dáil na nÓg á óstáil uair sa bhliain. Bhí an tionól is déanaí ag Dáil na nÓg i Márta 2010, áit ar pléadh ceisteanna a bhain le meabhairshláinte agus le rochtain ar oideachas. Ag obair ar na moltaí ón tionól sin, bhí Comhairle 2010 Dháil na nÓg i gcomhairle le daoine óga i Mí na Samhna 2010 faoi leasú na Sraithe Sóisearaí, in éineacht le hOifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an NCCA. Seolfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an tAire Oideachais agus Scileanna tuarascáil ina leith in éineacht i 2011.<br><br>Dáil na nÓg 2009<br><br>Phléigh Dáil na nÓg 2009 Sláinte Colainne and Meabhairshláinte. Ag obair ar na moltaí a d'eascair as sin, chuaigh Comhairle 2009 Dháil na nÓg ag obair ar a riachtanaí is atá sé Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) a chur i bhfeidhm go héifeachtach ag leibhéal na sraithe sinsearaí i scoileanna den dara leibhéal agus ar a riachtanaí is atá sé Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE) ag leibhéal na sraithe sinsearaí i scoileanna den dara leibhéal.<br><br>Ag eascair as an staidéar sin ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus ar RSE, foilsíodh tuarascáil dár teideal 'Scileanna Maireachtála, scileanna tábhachtacha – ní pointí amháin' i 2010. Ina theannta sin, d'oibrigh baill 2009 na Comhairle ar an moladh go gcuirfí an imdhíonadh um ailse cheirbheacsailse ar fáil saor in aisce do gach cailín san aoisghrúpa 12–18, agus thug Mary Harney, Aire Sláinte agus Leana an ama sin, aitheantas don obair a rinne an Chomhairle ina leith sin. |

## Clár um Chuimsiú

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Cuirfear bearta in áit faoi 2088 faoina gcinnteofar go gcuimseoidh na struchtúir rannpháirtíochta dá dtagraítear thuas leanaí agus daoine óga nach éasca a rochtain. | Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tar éis foghlaim de dheasca an chláir sin (clár 2007 – 2009) a ghabháil trí mheasúnú neamhspleách, ina aibhsítear na buntáistí a tháinig as torthaí an chláir, ach díríonn méar, chomh maith ar na dúshláin nach beag a bhaineann le deiseanna rannpháirtíochta a sholáthar do leanaí nach bhfaigheann éisteacht ach go hannamh.<br><br>Chun dul i ngleic le torthaí an mheasúnaithe sin<br><br>agus tógáil ar an obair a rinneadh faoin gclár, rinne an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige taighde a choimisiúnú in Eanáir 2011 a chuimsigh léirbhreathnú ar an litríocht agus an rud is dea-chleachtas ann maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga nach bhfaigheann éisteacht ach go hannamh, de réir mar a bhaineann le hábhar i gcás na hÉireann. Clúdóidh an taighde rannpháirtíocht grúpaí tábhachtacha, mar shampla, an Lucht Siúil, leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas, mar aon le leanaí agus daoine óga lena mbaineann cúlra ar a bhfuil míbhuntáiste agus nó leochaileacht le sonrú nó iad i bpobail faoi mhíbhuntáiste/leochaileacha. |

| | |
|---|---|
| Cuirfidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tacaíocht ar fáil chun gníomhaíochtaí a fhorbairt a chuirfidh le cumas daoine fásta éisteacht níos fearr a thabhairt do leanaí faoi chúram | I dTuarascáil an Choimsiúin chun Fiosrú a Dhéanamh maidir le Drochúsáid Leanaí (2009) moltar *gur chóir go mbeadh leanaí faoi chúram in ann labhairt amach gan scáth gan eagla*. Mar fhreagra ar Thuarascáil Ryan, reáchtáil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige próiseas comhairliúcháin i 2010.dár teideal *Éist Linn! Cluas le hÉisteacht a thabhairt do Leanaí agus do Dhaoine Óga faoi Chúram an Stáit*. Caitheadh €63,155 próiseas comhairliúcháin sin.<br><br>Seo leanas na haidhmeanna agus na cuspóirí a bhain leis an bpróiseas comhairliúcháin sin:<br><br>Féachaint le dearcadh leanaí agus daoine óga faoi chúram an stáit a fháil maidir leis na cúrsaí is mó tábhacht dóibh agus ar mhaith leo éisteach a fháil ina leith;<br><br>Breathnú ar na meicníochtaí atá ann anois chun gur féidir le leanaí agus daoine óga a dtuairimí a nochtadh; agus<br><br>Moltaí a chur ar aghaidh maidir le struchtúir eile a chur ar bun chun gur féidir le leanaí agus daoine óga a dtuairimí a nochtadh.<br><br>Ghlac líon iomlán 211 leanaí agus daoine óga páirt i gcúig sheisiún comhairligh déag sna háiteanna seo a leanas: Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Sligeach. Reáchtáladh próiseas comhthreomhar i Mí na Samhna agus i Mí na Nollag 2010 do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas agus le fadhbanna cumarsáide.<br><br>Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí Iúil 2011 tuarascáil faoin bpróiseas comhairliúcháin. Tá moltaí na tuarascála sin arna gcur in iúl do na heagraíochtaí stáit ar fad a bhaineann le hábhar agus do na heagraíochtaí ar fad ar a luíonn an fhreagracht sa réimse sin.<br><br>Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun Gasra Forfheidhmithe um Ghlór Leanaí faoi Chúram a bhunú le linn 2012, ar a mbeidh leanaí agus daoine óga faoi chúram, mar mhaithe le gníomhaíochtaí a fhorbairt a meastar a chuirfidh feabhas ar chúrsaí a bhaineann le cluas a thabhairt do leanaí faoi chúram. |

| | |
|---|---|
| Cuirfidh Oifig an Aire Leanaí tuairisc faoi bhráid an Rialtais i 2012 faoi mheasúnú i gcoitinne ar shamhlacha den dea-chleachtas a chothaíonn pleanáil chomhtháite straitéiseach faoi stiúradh áitiúil le haghaidh seirbhísí do leanaí. Mar bhonn eolais ina leith sin, úsáidfear:<br><br>i) Samhailtí tástála tionscnaimh atá ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ó thaobh seirbhísí comhtháite agus idirghabhálacha i gcomhair leanaí ar an leibhéal áitiúil;<br>ii) Coistí Il-Eagraíochta um Sheirbhísí do Leanaí a fhorbairt taobh istigh de na Boird Forbartha Cathrach/ Contae ar fad;<br>iii) Obair leanúnach maidir le tionscnaimh a bhaineann le taighde agus sonraí a fhorbairt, a bhíonn ar siúl ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, nó le tacaíocht na Roinne. | Faoi dheireadh 2010, bhí na seirbhísí uile arna ndearadh agus arna gcur ag obair i ngach suíomh tionscadail. I bhformhór mór na gcásanna, bhí sraitheanna measúnaithe arna gcur in áit, agus na tuairiscí measúnaithe a bhain leo á gcur isteach de réir na n-oibleagáidí conarthacha.<br><br>Ag deireadh na bliana 2010, bhí Coiste um Sheirbhísí do Leanaí i mbun oibre, agus seoladh cuireadh chun rannpháirtíochta chuige láithreáin roghnaithe maidir le Céim III den Choiste um Sheirbhísí do Leanaí. Cuireadh scata tacaíochtaí ar fáil do tionscnamh *Ag Obair in Éineacht i gComhair Leanaí* (a bhí mar shamhail maidir le pleanáil a bhain le hobair i gcomhar i measc gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla, a chuimsíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Gasra um Straitéis Náisiúnta do Leanaí a Fhorfheidhmiú agus an Coiste um Sheirbhísí do Leanaí) mar chabhair chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Coiste um Sheirbhísí do Leanaí, rud a chuimsigh:<br><br>Plean Straitéise;<br><br>Bosca Uirlisí chun Coiste um Sheirbhísí a bhunú, bunaithe ar an méid a bhí foghlamtha ag daoine sna láithreáin tosaigh.;<br><br>Teimpléad chun cabhrú le Coistí um Sheirbhísí do Leanaí Plean Oibre a fhorbairt;<br><br>Creat Rialaithe;<br><br>Plean Cumarsáide Inmheánaí. |

## Athbhreithniú ar Thacaíochtaí Ioncaim Leanaí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Cuirfear i gcrích i 2007 an t-athbhreithniú ar thacaíochtaí ioncaim leanaí ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus úsáidfear mar bhonn eolais chuige sin staidéar a rinne an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta maidir le tacaíocht ioncaim dara sraithe do leanaí. | Ag teacht le tionscnamh an Rialtais maidir le hathbhreithniú ar chaiteachas, reáchtáladh athbhreithniú maidir le beartas agus le luach ar airgead ar na beartais a bhaineann le Tacaíocht Ioncaim Leanaí (Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh) agus na cláir a ghabhann leo i 2009, chun scrúdú a dhéanamh ar na cuspóirí beartais atá ag na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh, féachaint an bhfuil siad fós bailí agus na costais riaracháin a ghabhann leo dea-chumtha i dtreo na cuspóirí sin a bhaint amach, agus faoinar cheart a mhalairt de cheart chuige a ghlacadh chun torthaí níos fearr a bhaint amach, mar aon le tionchar níos mó.<br><br>Foilsíodh an tAthbhreithniú i Mí na Samhna 2010. Nochtadh ann an gá atá le cuíchóiriú ar an gcóras reatha maidir le híocaíochtaí trí na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh agus trí chláir roghnaithe, go háirithe, chun cabhair níos comhleanúnaí a sholáthar do theaghlaigh ar ioncaim ísle agus tuismitheoirí a spreagadh chun fostaíocht a fháil. Scrúdaíodh réimse roghanna maidir le cur chuige a bhainfidh éifeacht agus éifeachtúlacht níos fearr maidir le caiteachas ar thacaíochtaí ioncaim leanaí agus cuireadh na roghanna sin i gcomparáid lena chéile san athbhreithniú. Tá obair a leanann as an athbhreithniú sin ar siúl ag an Roinn anois, a chuimsíonn measúnú sainiúil maidir le dearadh íocaíochtaí um thacaíocht ioncaim leanaí sa todhchaí. |
| Tugadh reachtaíocht isteach ina bhfuil foráil maidir le Sochar Linbh a roinnt go cothrom idir na tuismitheoirí i gcás nach mbíonn siad ina gcónaí in éineacht agus lena mbaineann socruithe comhchothrom comhchaomhnóireachta. | Tá torthaí an athbhreithnithe theicniúil ar an gcód leasa shóisialaigh ar fad, an cheist seo maidir le sochar linbh san áireamh, á scrúdú anois ag úinéirí scéimeanna agus beartas sa Roinn. Tá scrúdú ar an socrú faoina roinntear sochar linbh idir tuismitheoirí i gcás comhchaomhnóireachta a dhéanamh le haird ar thuarascáil leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a foilsíodh i Mí na Nollag 2010. |

| | |
|---|---|
| Impleachtaí agus ceisteanna a bhaineann le híocaíochtaí a aistriú ó chúramóir príomhúil an linbh go duine cáilithe eile, faoi chúinsí ina gcruthaítear nach chun leasa an linbh atá an Sochar Linbh á chaitheamh | Gníomhaíocht atá á cur chun cinn bonn ar bonn leis an ngníomhaíocht roimpi, a bhaineann le sochar linbh a roinnt ar an dóigh thuasluaite. |

## Sonraí agus Taighde maidir le Leanaí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Ag Fás Suas in Éirinn: Staidéar Fadaimseartha Ar Leanaí in Éirinn. Déanfaidh an mórstaidéar sin, lenar bhain conradh tosaigh don tréimhse 2006 go deireadh 2012, aschuir do leanaí as tacaíochtaí agus beartais Rialtais agus tacaíocht pobail agus teaghlaigh a rianú, mar aon le hathruithe beartais is gá a aithint, chomh maith le forbairtí eile, chun na haschuir sin a fheabhsú. Táthar ag súil go bhfoilseofar tuarascáil faoi dheireadh 2008 a chlúdóidh an chéad staidéar ar shonraí. | Tá na babhtaí tosaigh den obair chainníochtúil cháilíochtúil allamuigh curtha i gcrích maidir le grúpaí naíonán (in aois 9 mí) agus leanaí (in aois 9 bliain), agus is iad líon na samplaí a baineadh amach san obair chainníochtúil allamuigh do naíonáin agus do leanaí sna haoisghrúpaí sin thart faoi 11,100 agus 8,570, faoi seach. Maidir leis an obair cháilíochtúil allamuigh, úsáideadh 120 sampla maidir leis an dá aoisghrúpa thuasluaite. Cuireadh tús leis an dara babhta den obair chainníochtúil allamuigh le haghaidh aoisghrúpa na naíonán (in aois 3) i Mí na Nollag 2010.<br><br>Seoladh an chéad tuarascáil shubstaintiúil dár teideal 'Saol Leanaí Naoi mBliain d'Aois' i Mí na Nollag 2009 ag Comhdháil Thaighde 'Ag Fás Suas in Éirinn'. Seoladh an dara tuarascáil shubstaintiúil chainníochtúil, dár teideal 'Naíonáin agus a dTeaghlaigh' i Mí na Samhna 2010 ag Dara Comhdháil Thaighde 'Ag Fás Suas in Éirinn'. Foilsíodh sraith cáipéisí coincheapúla, teicniúla le príomhthorthaí iontu, chomh maith.<br><br>Tá na Comhaid Mionsonraí Cainníochtúla gan Tréithe Pearsanta Luaite (AMF) maidir leis an gcéad bhabhta a bhaineann le naíonáin agus le leanaí arna lóisteáil i gCartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA), áit ar féidir le taighdeoirí bona fide úsáid a bhaint astu. Tá na Comhaid Mionsonraí Cháilíochtúla gan Tréithe Pearsanta Luaite (AMF) maidir leis an gcéad bhabhta a bhaineann le leanaí arna lóisteáil i gCartlann Sonraí Cáilíochtúla na hÉireann (IQDA), áit ar féidir le taighdeoirí bona fide úsáid a bhaint astu. Tá anailís ar siúil ar shonraí GUI i réimse leathan staidéar, i dtráchtais PhD agus Máistir agus in obair ghaolmhar. |

| | |
|---|---|
| Straitéis Náisiúnta maidir le Taighde agus le Sonraí um Shaoil Leanaí | Bhí an Straitéis sin i mbun a forbartha ag an Aonad Taighde den Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá anois ann) le linn 2009 agus 2010. Ar an ionchur ba thábhachtaí i gcomhair a forbartha bhí seisiúin comhairligh phoiblí a reáchtáladh 2009, ceardlann comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga, athbhreithniú ar cháipéisí beartas ón tréimhse 2000–2008 agus fardal foinsí sonraí maidir le saoil leanaí. Rinneadh anailís mhion chórasach ar a dtorthaí siúd agus reáchtáladh seisiúin comhairligh phoiblí eile ina dhiaidh i dtaobh na dtorthaí, d'fhonn a chinntiú go gcuirfí forbairtí níos déanaí sa mheá, as ar foirmlíodh plean sainiúil gníomhaíochta. Scaipeadh an plean ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí, dár líon thart faoi 24, a rabhthas ag súil le rannpháirtíocht a ghlacadh sna gníomhaíochtaí a leagadh amach sa phlean. Mar chrann taca leis an obair sin bhí athbhreithniú ar litríocht ábhartha, dea-chleachtas a aithint agus scrúdú ar fhorbairtí straitéiseacha sa réimse sin in Éirinn agus thar lear. Bhí an anailís sin arna struchtúrú timpeall ar chur chuige saolré agus ar struchtúr téamach ar mhúnla na dTorthaí Náisiúnta Seirbhíse faoin gClár Oibre um Sheirbhísí do Leanaí, agus bhí príomhfhócas na ngníomhaíochtaí a forbraíodh ar úsáid níos fearr a bhaint as foinsí faisnéise atá ann cheana agus as leas a bhaint as acmhainní reatha chun faisnéis níos fearr a sholáthar faoi shaoil leanaí. De réir a sceidil, bhí an Straitéis le foilsiú i 2011. |

| | |
|---|---|
| An Tuarascáil um Staid Leanaí an Náisiúin | Foilsíodh Tuarascáil um Staid Leanaí an Náisiúin 2010 na hÉireann i Mí na Nollag 2010. Ba é an tAonad Taighde den Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar atá anois) a thiomsaigh an tuarascáil sin, i gcomhar leis an bPríomhoifig Staidrimh agus leis an Ionad um Chur chun Cinn na Sláinte in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Clúdaíonn Tuarascáil um Staid Leanaí an Náisiúin 2010 na hÉireann sonraí riaracháin, sonraí as suirbhéanna agus sonraí Daonáirimh maidir le saoil leanaí, le béim shonrach ar na haschuir i gcomhair leanaí (a chuimsíonn cúrsaí sláinte, oideachais, sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta), caidreamh leanaí lena dteaghlaigh agus lena gcairde, mar aon le seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí. |
| Gníomhaíochtaí eile um Thaighde agus Sonraí | Seo thíos cur síos ar na gníomhaíochtaí eile a rinne Aonad Taighde Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar atá anois) i 2009 agus i 2010:<br><br>Chuir maoiniú ar fáil le haghaidh 8 staidéar iarchéime taighde faoin gClár Náisiúnta maidir le Scoláireachtaí um Thaighde ar Leanaí. Ó bunaíodh an Clár i 2001, rinneadh 35 staidéar taighde iarchéime.<br><br>D'fhoilsigh torthaí 7 staidéar taighde arna maoiniú faoin gClár Náisiúnta maidir le Scoláireachtaí um Thaighde ar Leanaí.<br><br>Rinne maoiniú i bpáirt i gcomhar le Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta na Éireann (IRCHSS), ar 3 staidéar taighde faoin Tionscnamh um Fhorbairt Taighde. |

## Cuid a Dó

## Aois Oibre

### Oideachas

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar suim iomlán €1 billiún a infheistiú san earnáil iar-Ardteistiméireachta sa tréimhse 2007-2013 chun scileanna sonracha gairmiúla a thabhairt do rannpháirtithe, d'fhonn a gcuid deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus tacú lena ndul ar aghaidh i mbun staidéar eile. | Caitheadh níos mó ná €180m in aghaidh na bliana ar an earnáil iar-Ardteistiméireachta i 2009 agus i 2010. Sa bhliain 2009, cruthaíodh 1,500 áit de bhreis san earnáil iar-Ardteistiméireachta agus rinneadh 1,000 áit eile de bhreis a shannadh i 2011, rud a thug líon na n-áiteanna ar fad suas go 32,688. |
| I gcomhairle lei an Roinn Oideachais agus Scileanna, socróidh an Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas spriocanna agus cuspóirí agus forbróidh sonraí bunlíne maidir le rannpháirtíocht ag mic léinn faoi mhíchumas agus ag mic léinn as cúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta, an Lucht Siúil agus mionlaigh eile san áireamh, sa tréimhse 2007-2013. Soláthrófar deontais mar thacaíocht do mhic léin trí mheán na gcistí seo a leanas: an Ciste do Mhic Léinn Faoi Mhíchumas, an Ciste um Chúnamh do Mhic Léinn, Ciste Páirtíochta na Mílaoise agus acmhainní airgeadais institiúidí ardoideachais. | Tá obair ar siúl i gcónaí chun *Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2008-2013* a chur i bhfeidhm.<br><br>Thug athbhreithniú lár-théarma ina leith sin go bhfuil dul ar aghaidh cothrom á dhéanamh i dtreo na spriocanna agus na gcuspóirí sa phlean náisiúnta. Ar na coda ba mhó den dul chun cinn go nuige seo, tá pleananna um rochtain agus foghlaim feadh saoil arna bhforbairt ag na hinstitiúidí ardoideachais ar fad.<br><br>Sonraí maidir le Cothromas Rochtana<br><br>Is féidir anailís a dhéanamh ar na sonraí is déanaí a foilsíodh (2009-10) i gCaibidil 7 de cháipéis a d'fhoilsigh an tÚdarás um Ardoideachas faoin teideal *An tArdoideachas: Eochairfhíorais agus Eochairfhigiúirí 2009/10.*<br><br>An Ciste um Chúnamh do Mhic Léinn<br><br>Leithdháileadh €5 milliún do 2010-2011.<br><br>7,681 mac léinn a d'úsáid an Ciste i 2009-2010.<br><br>An Ciste do Mhic Léinn Faoi Mhíchumas<br><br>Leithdháileadh €13.7 do 2010-2011.<br><br>6,093 mac léinn a faomhadh chuige sin.<br><br>Chuir cinneadh buiséadtachta i 2009 deireadh le Ciste Páirtíochta na Mílaoise. |

| | |
|---|---|
| Déanfar an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, faoina soláthraítear tacaíocht do dhaoine fásta scolaíocht den dara leibhéal a chríochnú, a leathnú de líon 2,000 áit de bhreis faoi 2009, anuas ar na 8,000 áit atá ann anois. | Soláthraítear 12,000 áit faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas i láthair na huaire, rud a chuimsíonn 3,000 áit de bhreis a leithdháileadh i mbliana faoin Tionsnamh Jabanna. |

## Oiliúint & Forbairt

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tá beagnach €4.9 billiún arna leithdháileadh ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le linn na tréimhse 2007–2013 chun oiliúint agus tacaíocht a sholáthar a bheidh dírithe go sainiúil ar ghrúpaí lasmuigh den mhargadh saothair, mar shampla, daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, Lucht Siúil agus príosúnaigh. Úsáidfear an maoiniú sin chun rannpháirtíocht a mhéadú i measc na ndaoine seo a leanas, chomh maith: mná, oibrithe scothaosta, oibrithe páirtaimseartha agus imircigh. | An Tionscnamh Speisialta don Lucht Siúil (SIT). Tar éis glao oscailte a chur amach maidir le maoiniú i 2010, rinneadh 13 tionscadal a fhaomhadh agus bhí thart faoi 600 den Lucht Siúil rannpháirteach sa chlár sin. Caiteachas €0.63m a bhain leis an gclár i 2010.<br><br>Sa bhliain 2010, chríochnaigh 7,595 de lucht faighte íocaíochtaí um míchumas cláir le FÁS. Chuir thart faoi 7,000 tús le clár FÁS i 2010.<br><br>Rinneadh Samhail um Chuimsiú Sóisialta a phíolótú i gceantar Bhaile Átha Cliath sa tréimhse Mí na Samhna 2009 – Mí na Bealtaine 2010, inar féachadh le dul i ngleic le constaicí a aithníodh mar rudaí sa bhealach ar thuismitheoirí aonair ó thaobh oideachas agus deiseanna oiliúna a rochtain. San am céanna, chuir FÁS maoiniú ar fáil do Chlár um Oiliúint do Thodhchaí Úr sa Ghaillimh. Aon Teaghlach Amháin a rinne an clár sin a bhainistiú, inar glacadh cur chuige a bhí cosúil leis an Samhail um Chuimsiú Sóisialta.<br><br>Rinneadh "prótacal iarchiontóra" a fhorbairt (ag FÁS, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Nascáil agus an tSeirbhís Phromhaidh i gcomhar lena chéile) chun seirbhís atreoraithe gan uaim chuig FÁS le haghaidh iarchiontóirí ag an Seirbhís Phromhaidh agus ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann, trí Chlár Nascála. Tá Prótacal Gnéaschiontóra á fhorbairt faoi láthair, mar dhlúthchuid den phrótacal iarchiontóra.<br><br>An Deontas Tacaíochta um Fhostaíocht Theicniúil (TESG) – 14,000 cliant nó mar sin a faomhadh le haghaidh deontas as buiséad dár luach €6m i 2010. |

| | |
|---|---|
| Déanfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €2.9 billiún a infheistiú le linn na tréimhse 2007–2013 chun feabhas a chur ar an oiliúint do dhaoine fostaithe, chun cabhrú le daoine a gcuireann athstruchtúrú tionsclaíochta as dóibh a gcuid scileanna a fheabhsú, chun an córas printíseachta a leasú agus a leathnú, mar aon le deiseanna um dhul ar aghaidh a sholáthar do lucht fágála scoile. | Dhírigh FÁS cuid mhór dá ghníomhaíocht i 2010 ar tacú le daoine dífhostaithe i slí a chuideodh leo úsáid a bhaint as na deiseanna fostaíochta a bhíonn ar fáil agus iad féin a réiteach don téarnamh san fhadtréimhse.<br><br>Chríochnaigh líon iomlán 89,500 duine cúrsa oiliúna FÁS le linn 2010, agus líon iomlán 72,700 i 2009. Cuimsíonn na figiúirí sin 36,650 clár lánaimseartha oiliúna do dhaoine dífhostaithe agus do chuardaitheoirí poist i 2010.<br><br>Críochnaigh 20,600 duine Cúrsaí Oiliúna um Scileanna Sainiúla (SST) (rud is ardú ó 15,900 i 2009) agus chríochnaigh 4,400 Cúrsaí Oiliúna Oiliúnaithe (2,700 i 2009). I measc na ndaoine a bhain leas as an oiliúint lánaimseartha, bhí níos mó ná 2,100 duine a chríochnaigh cúrsaí oiliúna do lucht fágála scoile in Ionaid Foghlama Pobail, 3,800 duine as cúlraí faoi mhíbhuntáiste a chríochnaigh cláir faoi Thionscnamh Oiliúna Áitiúil agus 1,300 duine faoi mhíchumas a chríochnaigh Cúrsaí Sainoiliúna.<br><br>Sa bhliain 2010 rinne Skillnet infheistíocht €17.3m i gcúrsaí oiliúna chun scileanna 39,000 duine in Éirinn a fhorbairt. D'fhreastail na hoiliúnaithe ar níos mó ná 185,000 lá oiliúna trí níos mó ná 60 líonra Skillnet ar fud na tíre.<br><br>Sa bhliain 2010 chuaigh oiliúint sna céimeanna oiliúna uile chun tairbhe do líon iomlán 17,578 printíseach. Cláraíodh 1,204 printíseach nua de réir ceirde i 2010.<br><br>Faoi na socruithe a chuir FÁS in áit maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama, is féidir le printísigh iarratas isteach, fiú mura mbíonn an tréimhse íosta oiliúna le linn oibre acu, ach taithí inchruthaithe oibre in Éirinn nó thar lear a bheith acu agus punann fianaise a chur faoi bhráid an Choiste um Chreidiúnú Iomarcaíochta atá ag FÁS i gcomhair measúnaithe, d'fhonn Ardteastas Ceardaíochta a fháil. Sa bhliain 2010, faomhadh 100 iarratas ó phrintísigh maidir leis an Ardteastas Ceardaíochta. |

| | |
|---|---|
| Cuirfear Straitéis Náisiúnta um Scileanna i bhfeidhm d'fhonn cur le leibhéil scileanna daoine atá ag obair, bunaithe ar staidéar dár teideal *Gasra Saineolaithe Forfás: maidir le Riachtanais Scileanna don Todhchaí.*<br><br>Spriocanna sa Straitéis Náisiúnta um Scileanna.<br><br>Is iad seo a leanas na moltaí is tábhachtach sa Straitéis Náisiúnta um Scileanna do 2020:<br><br>Ba chóir go mbeadh 48 faoin gcéad den lucht saothair i seilbh cáilíochtaí faoin Chreat Náisiúnta um Cháilíochtaí ar leibhéil 6-10 .i. ó Ardteistiméireacht go PhD;<br><br>Ba chóir go mbeadh 45 faoin gcéad den lucht saothair i seilbh cáilíochtaí faoin Chreat Náisiúnta um Cháilíochtaí ar leibhéil 4 agus 5 .i. rud is ionann agus an tsraith shinsearach den dara leibhéal; agus<br><br>Gur dóichí go mbeadh an fuílleach 7 faoin gcéad i seilbh cáilíochtaí faoin Chreat Náisiúnta um Cháilíochtaí ar leibhéil 1 go 3 .i. rud is ionann agus Teastas Sóisearach nó faoina bhun sin, agus iad ag iarraidh an t-aistriú a dhéanamh as sin go dtí leibhéil oideachais níos airde. | Chun críocha na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá le gníomhaíocht ar scata leibhéal:<br><br>Caithfidh 500,000 duine eile den lucht saothair dul leibhéal amháin ar a laghad ar aghaidh faoin Chreat Náisiúnta um Cháilíochtaí (NFQ). Go sonrach, chun na cuspóirí a bhaint amach, beidh ar 70,000 dul ar aghaidh ó leibhéil NFQ 1 & 2 go leibhéal 3; beidh ar 260,000 dul ar aghaidh go leibhéil 4 & 5; agus 170,000 go leibhéil 6 go 10.<br><br>Ba chóir céatadán na ndaoine san aoisghrúpa 20-24 le cáilíochtaí NFQ leibhéil 4 nó 5 a mhéadú go 94 faoin gcéad trí Ardteistiméireacht a bhaint amach, nó a comhionann sin, trí chláir bainteach níos mó le cúrsaí gairmoideachais. Ba chóir go sroichfeadh an ráta coinneála Ardteistiméireachta ráta 90 faoin gcéad faoi 2020.<br><br>Caithfear an ráta um dhul ar aghaidh go dtí oideachas den tríú leibhéal a mhéadú ó 55 go dtí 72 faoin gcéad.<br><br>Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin i dtreo na spriocanna a leagadh amach faoin Straitéis Náisiúnta um Scileanna don tréimhse dár críoch 2020. Rud é seo a bhaineann leis an tríú leibhéal, go háirithe. Tá bearna shuntasach fós le druid, áfach, ó thaobh na spriocanna a bhaineann, go háirithe, le cáilíochtaí ar leibhéal an Ardteistiméireacht agus leibhéil NFQ níos ísle. |
| Cláróidh an Ciste um Oideachas Bunúsach san Ionad Oibre 2,000 foghlaimeoir sa tréimhse 2007-2010. | Chuir an Ciste um Oideachas Bunúsach san Ionad Oibre, arna riaradh ag FÁS, oiliúint ar 2,407 duine i 2009. Sa bhliain 2010, bogadh an Ciste ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus bogadh a chóras riaracháin amach as FÁS go dtí Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath. Chuir an Ciste tacaíocht ar fáil do 230 clár náisiúnta litearthachta agus uimhirtheachta le haghaidh aosach i 2010, ar bhain 1,599 oibrí gan ach leibhéal ísle scileanna leas astu. |

| | |
|---|---|
| | Ina theannta sin, is féidir le printísigh ar fágadh iomarcach iad na cúrsaí sainoiliúna atá ann a úsáid, mar aon leis na cúrsaí oiliúna oíche a bhíonn ar siúl in Ionaid Oiliúna FÁS, chun a gcuid scileanna fostaíochta a fheabhsú. Bhain printísigh a fágadh iomarcach leas as líon iomlán 1,133 áit i gcúrsaí oiliúna.<br><br>Tugadh Scéim um Shocrúchán Printíseach Iomarcacha isteach in Aibreán 2010 chun deis a thabhairt dóibh Céimeanna 3, 5 agus 7 den oiliúint le linn oibre. Faoin scéim sin, tugtar fóirdheontas €250 in aghaidh na seachtaine don fhostóir, chun costais fostaíochta a mhaolú. Faoi Mhí na Nollag 2010, bhí 443 printíseach a fágadh iomarcach tar éis leas a bhaint as an scéim. |

## Litearthacht Aosach

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar laghdú 10%–15% faoi 2016 ar an gcuid sin den daonra san aoisghrúpa 16–64 gan ach cumas teoranta litearthachta acu a laghdú, ón leibhéal 25% a aithníodh i 1997 (déantar cumas teoranta litearthachta a shainmhíniú mar Leibhéal I ar an scála a bhaineann leis an Suirbhé Idirnáisiúnta um Litearthacht Aosach (IALS), nó a leithéid). | Táthar ag coinneáil de na leibhéil chéanna infheistíochta i litearthacht aosach anois is a bhí roimhe seo. Bhí 54,000 aosach rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna litearthachta i 2011.<br><br>Tá Éire rannpháirteach sa Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlacht Aosach (PIAAC). Tá an suirbhé allamuigh á reáchtáil ag an bPríomhoifig Staidrimh faoi láthair agus súil le torthaí an tsuirbhé sin Deireadh Fómhair 2013. |
| Mar chuid den seirbhís náisiúnta litearthachta, soláthróidh na Coistí Gairmoideachais 7,000 áit de bhreis ar a gcuid gcúrsaí faoi 2009, anuas ar n líon reatha bliantúil 35,000 rannpháirtí. Cuirfear fócas ar leith ar cur le líon na n-imirceach a mbíonn seirbhís Bhéarla á fáil acu. | Críochnaíodh an obair a theastaigh chun beartas agus creat náisiúnta maidir le hoiliúint sa Bhéarla a fhorbairt mar mhaithe le himircigh a bhfuil cead dlíthiúil acu cónaí in Éirinn, rud a bunaíodh ar líon seisiún comhairligh go leor le lucht leasmhara Tá sé mar chuid den obair leanúnach a bhaineann le beartas a fhorbairt sa réimse sin. |

## Sláinte

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Féachaint chuige go gcuirtear tacaíocht iomchuí ar fáil dóibh siúd nach acmhainn dóibh íoc as seirbhísí dhochtúir teaghlaigh, trí cárta liachta a thabhairt dóibh, nó cárta um chuairt dhochtúir teaghlaigh, ag brath ar a n-acmhainní. Ó thús 2005, tá 122,296 duine breise tar éis cáiliú do sheirbhísí dhochtúir teaghlaigh saor in aisce. San áireamh sa líon sin tá glanlíon breise 74,746 cártaí liachta agus 47,550 cárta um chuairt dhochtúir teaghlaigh. | Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí:<br><br>1,615,809 cárta liachta – rud is méadú 470,726 (39.8%) ó thuas na bliana 2005;<br><br>117,423 cárta um chuairt dhochtúir teaghlaigh – rud is méadú 117,423 ó cuireadh tús leis an scéim i Meán Fómhair 2005;<br><br>1,733,232 duine tar éis rochtain saor in aisce a fháil ar sheirbhísí dhochtúir teaghlaigh – 38.77% den daonra, i gcomparáid le 29.5% i 2005. |

| | |
|---|---|
| Tá bonn láidir fianaise ann maidir leis an gceangal idir an bhochtaineacht agus an droch- mheabhairshláinte, agus idir an bhochtaineacht agus úsáid níos mó a bheith á baint as seirbhísí meabhairshláinte. Faoi 2013, beidh dhá Mheitheal Pobail um Meabhairshláinte Aosach per 100,000 den daonra. | Tá 124 Meitheal Pobail um Meabhairshláinte Aosach (CMHT) ag obair sa tír anois, cé go bhfuil cuid acu gan an fhoireann ildisciplíneach ar fad a mholtar sa cháipéis '*Fís Chun Athraithe*'.<br><br>Faoi Creat Rialaithe Fostaíochta 2010 na seirbhíse sláinte, tá díolúine ón moratóir faoinar féidir 100 post altranais shíciatraigh a líonadh.<br><br>Fuair earnáil na meabhairshláinte cóir speisialta i gCáinaisnéis 2011, trí laghdú uasta 1.8% ar an leithdháileadh don earnáil sin. Tríd an laghdú níos ísle sin i gcomparáid le hearnálacha eile, aithnítear gur ndéanann na seirbhísí sin freastal ar ghrúpaí leochaileacha. Tá rangú tosaíochta na seirbhísí ina réamhriachtanas chuige sin, agus modhanna a seachadta a leasú san am céanna. |
| Ag obair trí mheán na páirtíochta, déanfaidh an Roinn Sláinte & Leanaí tionscnaimh shonraithe pobail agus earnála a fhorbairt, chun daoine a spreagadh chun nósanna folláin ite, mar aon le rochtain ar bia folláin agus ar ghníomhaíocht coirp i measc aosach, le fócas ar leith ar aosaigh a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste. | Lean FSS den obair a bhí ar siúl i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla chun comharchumann bia a fhorbairt i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, tá FSS rannpháirteach i scata clár san ionad oibre i dtaobh na gníomhaíochta coirp agus an chothaithe.<br><br>An Roinn:<br><br>Tá an Roinn ag obair i gcomhar le tionscnamh il-eagraíochtúil uile Éireann Bia Folláin do Chách, ina bhféachtar le dul i ngleic le bochtaineacht a bhaineann le bia, trí mheán rochtain, soláthar agus inacmhainne bia a chur chun cinn i measc grúpaí daoine ar ioncaim ísle.<br><br>Rinne an Roinn urraíocht ar leabhráin a bhain le Bia Folláin do Chách le linn 2009 & 2010, .i. Treoirleabhair Dea-Chleachtais maidir le Tionscnaimh um Bia Scoile agus Pobail.<br><br>Thacaigh an Roinn le tionscnamh bainteach le Bia Folláin do Chách chun cáis a fháil faoi Scéim DG Agri do Dhaoine is mó Díothacht, agus d'éirigh leis an iarratas sin.<br><br>Seoladh i 2009 Treoirlínte Náisiúnta Maidir le Gníomhaíocht Choirp arna bhforbairt ag an Roinn, agus chuir Grúpa Stiúrtha as an dá eagraíocht sin tús leis an obair a bhaineann le Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Choirp a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| Foilseoidh an Roinn Sláinte agus Leanaí *Plean um Beartas agus Gníomhaíocht i gcomhair na bhFear* i 2007, i gcomhthéacs ina bhfuil ionchas saoil na bhfear in Éirinn ar an gceann is lú san Eoraip. | D'fhoilsigh an Roinn a *Plean um Beartas Sláinte na bhFear* in Eanáir 2009. Bunaíodh Grúpa chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí sa phlean sin agus tionóladh cruinnithe rialta den ghrúpa sin le linn 2009 agus 2010, chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. |

## Clár Nascála

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Lean an tSeirbhís Phromhaidh dá cuid oibre maidir le tionscnaimh a chur chun cinn ina ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar phatrúin iompraíochta coiriúil a bhaineann le heisiamh sóisialta, le béim ar thionscnaimh a bhaineann leis an gceartas aisiríoch. Cuirfear tacaíocht ar fáil, go háirithe chun an Clár Nascála a leathnú, le cur le líon na gciontóirí arna socrú go sásúil ó thaobh na fostaíochta, an oideachais nó Scéimeanna Fostaíochta Pobail de. Táthar ag súil le fás a theacht ar líon na ndaoine arna atreorú ag an Seirbhís Phromhaidh go dtí an Clár Nascála ó líon 614 i 2005 go 900 sa bhliain faoi 2016. | Chuir an tSeirbhís Phromhaidh 1,671 ciontóir ar atreorú go dtí an Clár Nascála agus fuarthas socrúcháin do 1,319 eile ó thaobh na fostaíochta, an oideachais nó Scéimeanna Fostaíochta Pobail de. Chuir an tSeirbhís Phromhaidh 1,567 ciontóir ar atreorú i 2010 go dtí an Clár Nascála agus fuarthas socrúcháin do 1,192 duine ó thaobh na fostaíochta, an oideachais nó Scéimeanna Fostaíochta Pobail de.<br><br>Bhí 16 Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta ag obair faoin gClár Nascála i 2009–2010. Tá ag éirí leis an gClár Nascála go dtí seo na spriocanna a bhaint amach, mar a leagadh amach iad, cé go bhfuil drochanáil amach á himirt ag an gcúlú eacnamaíochta ar dheiseanna fostaíochta. Agus na srianta eacnamaíochta atá anois ann, ní bheidh sé éasca na spriocanna a leagadh amach i dtosach ama a bhaint amach.<br><br>D'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisiríoch a thuarascáil deiridh ar an 17 Mí na Nollag 2009. Tá dhá thionscnamh a bhaineann leis an gCeartas Aisiríoch (Tamhlacht agus An tAonach) á maoiniú faoi láthair ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tríd an Seirbhís Phromhaidh. Tar éis an tuarascáil sin a scrúdú, cuireadh scéim phíolótach ar siúl chun an réimse idirghabhálacha i do chiontóirí fásta a leathnú.<br><br>Tá Promhadh Ógánach agus an eagraíocht Le Cheile Mentoring ag obair i gcomhar lena chéile chun Tionscnamh um Cheartas Aisiríoch Luimnigh á reáchtáil, ina ndírítear go sonrach ar chiontóirí óga agus ina soláthraítear oiliúint faoi ionbhá, mar aon le seirbhísí comhdhála. Is trí Sheirbhís um Cheartas Óige na hÉireann agus trí Thionscadal Athnuachana Luimnigh atá an maoiniú á sholáthar chuige sin. |

## Straitéis Náisiúnta na mBan

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| I *Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2015*, a fhoilseofar go luath i 2007, féachtar le raon beart a chur in áit chun cothromas socheacnamaíochta agus deiseanna a sholáthar, mar aon le folláine agus leas na mban agus rannpháirtíocht níos mó ag mná i bpróisis déanta cinntí agus sa sochaí shóisialta. Ar na bearta sin tá bealaí chun mná a spreagadh chun dul ar aghaidh i margadh an tsaothair, rud a chuirfidh lena gcumas airgead a thuilleamh. Ina theannta sin, téitear i ngleic faoin straitéis sin leis an mbearna idir pá na bhfear agus pá na mban, mar fheiniméan eile a théann i gcion ar sheasamh eacnamaíochta na mban. | Le linn 2009/2010, bhí 75 tionscadal gníomhacha ann mar thacaíocht le forbairt rannpháirtíocht eacnamaíochta na mban, trínar cuireadh oiliúint i dtreo a bhforbartha ar fáil do 4,700 bean (Snáithe 1 – teacht ar fhostaíocht), mar aon le níos mó ná 400 fiontraí ban nó mná ag smaoineamh ar dhul le fiontraíocht (Snáithe 2).<br><br>I measc líon iomlán na mban a bhain tairbhe as Snáithe 1 den Bheart, bhí na grúpaí seo a leanas: (Nóta: ní figiúirí comheisiacha iad seo a leanas.)<br>2,259 líon na mban dífhostaithe;<br>1,691 líon na mban neamhghníomhacha;<br>2,176 líon na mban de lucht luathfhágála scoile;<br>1,253 líon na mban nár bhain cáilíocht ar bith eile amach tar éis oideachas dara leibhéal;<br>612 ógánach;<br>812 seanóir;<br>Díol suntais a bhí i rannpháirtíocht na mban arb as grúpaí ar an imeall iad:<br>96 líon na mban den Lucht Siúil;<br>527 líon na mban-imirceach;<br>325 líon na mban faoi mhíchumas;<br>194 líon na mban a bhí ina dtuismitheoirí aonair<br><br>Thit líon na mban i ndearbh-bhochtaineacht go 4.5% i 2008, ach tháinig méadú ar a líon arís go 5.4% i 2009. Mná ab ea 34.0% de bhaill na mBord Stáit i 2009. |

| | |
|---|---|
| Leagfar gníomhaíochtaí dearfacha amach sa *Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2015* atá le teacht chun líon na mban i margadh an tsaothair a mhéadú, dul ar aghaidh na mban san ionad oibre a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir pá na bhfear agus pá na mban. | Faoi Straitéis Náisiúnta na mBan, samhlaítear cumasú eacnamaíochta na mban mar rud nach féidir déanamh gan é, chun neamhspleáchas eacnamaíochta a bheith acu agus gaiste na bochtaineachta a sheachaint.<br><br>Tá an cúlú eacnamaíochta tar éis dul i gcion ar fhostaíocht fear agus ar fhostaíocht ban ó 2007/2008 i leith. D'imir sé tionchar i bhfad níos lú go dtí seo ar jabanna ban ná ar jabanna fear.<br><br>Tá fás ag teacht i gcónaí ar líon na mban i bpoist riaracháin agus bainistíochta. Léirigh tuarascáil a d'fhoilsigh an Phríomhoifig Staidrimh le déanaí, áfach, go dtuilleann mná, ar an meán, beagnach €10 san uair níos lú ná a gcomhghleacaithe fear.<br><br>Ba 12.8% de bhearna neamhchuibhithe idir pá na bhfear agus pá na mban i 2009, rud a bhí níos fearr ná ráta 2007, mar atá, 15.2%. Tá an obair chun príomhspriocanna i Straitéis Náisiúnta na mBan a fhorfheidhmiú ag dul ar aghaidh. |

## Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Táthar tar éis feabhas mór a chur ar ról a imríonn an Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh, mar scéim tacaíochta ioncaim do theaghlaigh i bhfostaíocht le hioncam íseal, agus déanfar athbhreithniú ar an scéim sin le linn 2007. | I gCáinaisnéisí 2009 agus 2010, ardaíodh na tairseacha ioncaim don Fhorlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh (FIS) de €10 agus de €6 in aghaidh na seachtaine, faoi seach in aghaidh an linbh. Chuir na hardaithe sin suim €10, ar an meán, leis an íocaíocht mheánach sheachtainiúil in aghaidh an linbh faoin bhfForlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh.<br><br>Bhí an Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh i measc na n-íocaíochtaí mar thaca le hioncam leanaí a cuireadh sa mheá i gcomhthéacs athbhreithniú a rinneadh ar bheartas agus ar luach airgead na dTacaíochtaí Ioncaim Leanaí (Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh), mar aon leis na cláir a bhain leo. Faoin athbhreithniú sin, ba é an cinneadh maidir leis an bhForlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh ná go raibh gá lena leasú chun go mbainfear amach na cuspóirí atá leis, idir chuspóirí fostaíochta agus chuspóirí thacaíocht ioncaim leanaí.<br><br>Thairi sin, is gá réasúnú a dhéanamh ar chóras reatha na n-híocaíochtaí um thacaíocht ioncaim leanaí agus ar chláir roghnaithe, ach go háirithe, chun cúnamh níos comhleanúnaí a thabhairt do theaghlaigh ar ioncaim ísle agus chun tuismitheoirí a spreagadh chun dul ag obair. Tá obair leantach ar siúl ag an Roinn, measúnú sainiúil ar dhearadh íocaíochtaí maidir le tacaíocht ioncaim leanaí don am atá ag teacht. |

## Gníomhachtú

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tar éis próiseas comhairligh a bhaineann le Plépháipéar an Rialtais a chríochnú, déanfaidh an Rialtas machnamh go luath i 2007 ar na moltaí ag eascairt as, chun feabhas a chur ar na tacaíochtaí ioncaim do thuismitheoirí aonair agus do theaghlaigh eile ar ioncaim ísle, maidir le cabhrú leo dul ar ais chun oideachais, chun oiliúna agus chun fostaíochta. Tabharfar aghaidh sna moltaí sin ar thacaíochtaí mar seo a leanas: cúram leanaí agus cláir solúbtha oiliúna agus oideachais, mar aon le deiseanna dearfacha do chustaiméirí. Mar thosaíocht, beidh plé ann maidir leis an bpróiseas chun an *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht* a leathnú chun tuismitheoirí aonair agus tuistí eile ar ioncaim ísle a chuimsiú, agus cur leis an maoiniú faoi Chlár na Seirbhísí Pobail, ina ndírítear ar thuismitheoirí aonair i measc daoine eile. | Nuair a bhí an plépháipéar i ndiaidh a sheolta, reáchtáladh plé chuimsitheach i measc an lucht leasmhara a bhaineann le hábhar. Rinneadh obair, chomh maith, in éineacht le Ranna ábhartha agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le gnéithe den pháipéir nach mbaineann le hairgead.<br><br>Tá na hathruithe a rinneadh i gCáinaisnéisí i ndiaidh a chéile ag teacht leis na moltaí sa pháipéar sin, mar shampla, na hardaithe ar mhéid an tuillimh a ndéantar neamhshuim de don Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (OFP) agus an sruthlíniú ar ardaithe do leanaí cáilithe.<br><br>Ina theannta sin, tá obair ar siúl faoi láthair ar chlár mór faoina mbeifear in ann éilimh a bhaineann leis an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a phróiseáil go háitiúil in oifigí áitiúla leasa shóisialaigh timpeall na tíre. Rud é sin a fheabhsóidh an caidreamh le tuismitheoirí ar an leibhéal áitiúil.<br>Cá nárbh fhéidir dul ar aghaidh leis na moltaí go díreach mar a leagadh amach sa phlépháipéar iad, mar gheall ar na cúinsí reatha eacnamaíochta agus eile, úsáideach na moltaí sin mar bhonn eolais do phlé timpeall ar an scéim um an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a leasú.<br><br>Rinneadh leasuithe reachtaíochta ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora san Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2010, a thiocfaidh in éifeacht ar an 27 Aibreán, 2011.<br><br>Seo mar a chaithfear faoin scéim leasaithe, le custaiméirí nua:<br><br>Íocfar íocaíochtaí i leith leanaí go dtí go mbaineann an leanbh is óige aois 14 amach; |

## Scéim Shóisialta Tuaithe

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Faoin Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS) is féidir le feirmeoirí ar ioncaim ísle ioncam forlíonta a thuilleamh agus, san am céanna, téann an scéim chun tairbhe do phobail tuaithe trí saoráidí agus áiseanna áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú. Soláthraíodh caiteachas bliantúil €46.14m i 2009 agus i 2010, chun tairbhe 2,600 teaghlach. Is é is aidhm don scéim, sa mheántréimhse, a rogha féin a thabhairt do gach rannpháirtí ó thaobh ionad oibre agus saghas oibre de. | Sa tréimhse 2 bliain 2009 go 2010, chuimsigh an scéim sin 2,600 rannpháirtí agus 130 feitheoir. Rinneadh na háiteanna ar fad a bhí ar fáil (idir rannpháirtithe agus fheitheoirí) a leithdháileadh agus cuóta a shannadh do gach ceann de na Comhlachtaí Forfheidhmithe a dhéanann an scéim a sheachadadh faoin Roinn Coimirce Sóisialaí. Moladh do na Comhlachtaí Forfheidhmithe ar fad liostaí feithimh a thiomsú maidir le hiarratasóirí incháilithe, rud is féidir a úsáid chun folúntais a eascraíonn a líonadh.<br><br>Tá an scéim sin anois ina chuid thábhachtach den saol i mórán pobal tuaithe, agus éileamh uirthi ag rannpháirtithe agus ag lucht urraithe araon. Rud eile, agus pobail ag baint tairbhe as scileanna agus as buanna feirmeoirí áitiúla agus iascairí áitiúla, bíonn deis ag na rannpháirtithe a scileanna reatha a fheabhsú nó scileanna nua a fhorbairt agus obair luachmhar a dhéanamh ar son a bpobal áitiúla. Is féidir an obair a bhíonn ar siúl ag rannpháirtithe sa Scéim Shóisialta Tuaithe a rangú de réir na n-aicmí seo a leans:<br><br>Slite Slímharcáilte, siúlóidí aontaithe agus bóithre portaigh a chothabháil agus a fheabhsú;<br><br>Oibreacha caomhnaithe fuinnimh a dhéanamh do sheanóirí agus do dhaoine ar beag a n-acmhainn,<br><br>Tionscadail feabhsaithe i sráidbhailte agus i gceantair tuaithe;<br><br>Cúram sóisialta agus cúram seanóirí, cúram sa phobal do ghrúpaí réamhscoile agus iarscoile;<br><br>Oibreacha cothabhála comhshaoil – saoráidí pobail agus spóirt a chothabháil agus cúram a ghlacadh díobh;<br><br>Tionscadail neamhbhrabúsacha a bhaineann le hionaid chultúrtha agus oidhreachta.<br><br>Dualgais Riaracháin/Chléireachais (rud a tugadh isteach ar an 28ú Iúil 2008);<br><br>Tionscadal ar bith eile a aithnítear ale linn don scéim a bheith ar siúl mar obair iomchuí pobail.<br><br>Tugadh tacaíocht faoi Scéim Shóisialta Tuaithe do 2,675 tionscada i 2009, agus do 2,464 i 2010. |

# Cuid a Dó
# Saolré: Seanóirí

## Cúram Pobail/Baile

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Is é is príomhchuspóir do na Foirne Idirghabhála Pobail (CIT) ná iontrálacha inseachanta ospidéil a sheachaint agus cabhrú le daoine teacht amach go luath as na hospidéil, trí cúram sa pobail a sholáthar. Seirbhísí de bhreis ar na seirbhísí reatha príomhshrutha pobail a bheidh i seirbhísí na bhFoirne Idirghabhála Pobail, ina dtabharfar aghaidh ar chúrsaí mar seo a leanas: | Sa bhliain 2006, cuireadh ceithre Fhoireann Idirghabhála Pobail (CIT) ar bun in Áth Cliath Thuaidh, in Áth Cliath Theas, i gCorcaigh agus i Luimneach. I dtreo dheireadh 2009 agus go luath i 2010, bunaíodh dhá Fhoireann Idirghabhála Pobail de bhreis sa Chlár agus i dTiobraid Árann Theas. Tá na sé Fhoireann Idirghabhála Pobail sin ar fad ag obair faoina lán-chumas anois. |
| – De chumas acu cúram gasta neamhliachta a sholáthar, nó tacaíochtaí eatramhacha agus othar ag feitheamh le seirbhísí príomhshrutha, ar bhonn 7 lá in aghaidh na seachtaine. Bainfear é sin amach trí seirbhísí tiomnaithe a sholáthar, a chinnteoidh freagairt láithreach maidir le hothair arna n-ainmniú ag dochtúirí teaghlaigh, mar dhaoine nach mór tacaíochtaí nua nó tacaíochtaí leasaithe a sholáthar dóibh;<br>– Iad mar nasc idir seirbhísí pobail agus othair arna scaoileadh amach as Ranna Timpistí agus Éigeandála, ar a mbíonn tacaíochtaí pobail de dhíth orthu;<br>– Bhí 4 Foireann Idirghabhála Pobail ag obair mar thionscadail phíolótacha faoi dheireadh 2006. Bunaithe ar an dul chun cinn ina leith siúd, déanfar an córas sin a leathnú amach go ceantair eile i 2007. | Fuair FSS maoiniú breise i 2010 chun an Tionscnamh um Chúram Príomhúil/ Ospidéal Géarmhíochaine a fhorbairt a thuilleadh.<br>Meithleacha gairmiúla faoi cheannas altraí atá sna Foirne Idirghabhála Pobail, le tacaíocht oibrithe gairmiúla sláinte eile agus seirbhísí, chun freagairt ghasta chomhtháite a sholáthar maidir le hothair i mbabhtaí géarthinnis. Ní foláir don othar a bheith cobhsaithe ó thaobh na liachta de agus é nó í na critéir atreoraithe CIT a shásamh a bhaineann le cúram ag baile nó sa phobal. Is é is cuspóir do sheirbhís CIT ná iontráil in ospidéal a sheachaint, nó freastal ar ospidéal a sheachaint.<br>Oibríonn an tseirbhís i gcomhar le Foirne Cúraim Phríomhúil, Cleachtadh Ginearálta Míochaine, Leapacha Freagartha Pobail, Seirbhís Altranais Pobail, seirbhísí tacaíochta baile, ospidéil ghéarmhíochaine, chomh maith le seirbhísí gairmiúla agus deonacha eile, chun seirbhísí níos fearr a sheachadadh, mar aon le cúram dírithe go sainiúil ar an othar ar an láthair is oiriúnaí.<br>Cuireadh suim €3m de Mhaoiniú um Nuáil ar fáil i gcomhair Foirne Idirghabhála Pobail i 2010. |

| | |
|---|---|
| | Tá forálacha speisialta ann maidir le daoine dá dtugtar Liúntas um Chúram sa Teaghais – iníoctha go go mbaineann leanbh aois 16 amach; agus forálacha maidir le daoine faoi nua-mhéala.<br><br>Aithnítear go dtugann margadh athraitheach saothair ann do ghluaiseacht ó ghnáthphatrúín oibre go agus, dá bharr sin, méadú ar an líon oibrithe ar oibrithe neamhthipiciúla iad. Ag freagairt don athrú sin, reáchtáil an Roinn 'Athbhreithniú ar an Dóigh ina gCuirtear na Coinníollacha a bhaineann le Scéimeanna um Shochar Dífhostaíochta agus um Chúnamh Dífhostaíochta i bhfeidhm maidir le hoibrithe nach fostaithe lánaimseartha iad', inar scrúdaíodh an dóibh ina gcuirtear na coinníollacha faoi na scéimeanna um Shochar/Liúntas Cuardaitheora Poist i bhfeidhm ar oibrithe nach fostaithe lánaimseartha iad, .i. oibrithe páirtaimseartha, ócáideacha agus córasúla sa ghearrthréimhse.<br><br>Rinneadh roinnt moltaí faoin athbhreithniú sin, mar shampla, na coinníollacha um Shochar Cuardaitheora Poist a leathnú chun oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe nach oibrithe tipiciúla a chúiteamh as cailliúint a bhfostaíochta. Tá na moltaí sin á meas go gníomhach anois. |

| | |
|---|---|
| Soláthrófar Pacáistí Cúraim Baile (HCP), ina mbíonn meascán de na nithe seo a leanas, deontais, seirbhísí cúraim faoi chonradh, ionchur teiripeach, fearas agus seirbhísí eile pobail, tar éis measúnú riachtanais a dhéanamh, ina ndírítear ar cabhrú le seanóir fanúint sa bhaile. Áireofar i measc na spriocann agus na ngníomhaíochtaí sa phacáiste:<br><br>Soláthrófar 2,000 pacáiste cúraim baile sa bhreis, a rachaidh chun tairbhe do thart faoi 4,000 duine, ar chostas €30 milliún i 2007 agus €25 milliún i 2008;<br><br>Soláthrófar 780,000 uair a chloig de bhreis de sheirbhísí chúnamh baile, ar chostas €18 milliún i 2007;<br><br>Soláthrófar 1,100 áit lae de bhreis i 2007, ar chostas €3.5 milliún. | Is é is cuspóir do na Pacáistí Cúraim Baile ná freastal ar riachtanais cliant trí mheán tacaíochtaí éagsúla, ina ndírítear ar chur chuige ildisiplíneach chun seirbhísí a sheachadadh do dhaoine ina dtithe féin, chomh fada agus is féidir sin. Bíonn na pacáistí sin dírithe thar aon ní eile ar sheanóirí i mbaol a n-iontrála go míchuí in ospidéil ghéarmhíochaine nó a gcur isteach in ionaid fhadtréimhseacha cúraim – nó ar dhaoine nach mór iad a chur abhaile ó ospidéal míochaine.<br><br>Rinneadh infheistíocht bhliantúil €120m i bPacáistí Cúraim Baile i 2009. D'fhág san thart faoi 8,960 duine timpeall na tíre i mbun a bhfaighte in am ar bith, nó 12,000 faighteoir sa bhliain áirithe sin. Cuireadh maoiniú breise dár suim €10m i 2010. rud a thug an bunmhaoiniú suas go €130m don tír ar fad. Bhí soláthar ann, mar sin, do líon faighteoirí thart faoi 9,600 maidir le Pacáistí Cúraim Baile recipients in am ar bith (.i. méadú thart faoi 640 thar a líon i 2009), nó 13,200 le linn 2010 (.i. méadú thart faoi 1,200 thar a líon i 2009)<br><br>Tá na Treoirlínte nua Náisiúnta maidir le Pacáistí Cúraim Baile a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe, a thiomsaigh FSS i 2010, á leathnú amach anois go dtí gach ceann de na hOifigí Áitiúla Sláinte (LHO) i 2011. Is iad sin agus an Creat um Sholáthar Seirbhísí Cúraim Baile, arna thionscain i 2010 ag FSS, a rialaíonn gach gné den obair a bhaineann le cúram den scoth a sheachadadh, rud a chuimsíonn Measúnú Riachtanais, Rochtain, Monatóireacht, srl.<br><br>Ina theannta sin, rinne FSS athbhreithniú uileghabhálach i 2010 maidir le seirbhísí um Chúram Lae a chuimsíonn na heagraíochtaí neamhreachtúla arna maoiniú ag FSS, chun leasú agus comhtháthú níos fearr i gcomhthéacs níos leithne a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta pobal-bhunaithe a sholáthar do seanóirí. |

## Seirbhísí Cónaithe

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Maidir le cúram fadtréimhseach cónaithe, cuireadh €88 milliún ar fáil do chostas 2,300 leaba fhadtréimhseacha, idir phoiblí agus phríobháideach. Roinntear an tsuim sin ar an dóigh seo: €28 milliún do chostas iomlán bliana 1,050 leaba a chur i bhfeidhm, rud a tharla i 2006; €32 milliún agus €22 milliún i 2007 agus i 2008, faoi seach, chun 1,250 leaba de bhreis a chur ar fáil; agus €6 milliún chun cigireacht níos géire a dhéanamh ar thithe altranais. | Tháinig méadú ar líon iomlán na leapacha i dtithe altranais le cúig bhliain anuas.<br><br>Foilsionn an Roinn Tuarascáil Bhliantúil um Aonaid Fadchónaithe, ina dtuairiscítear:<br><br>gur 24,253 leaba a bhí ann i 2006 (ráta freagartha suirbhé 80.1%);<br><br>gur 24,029 leaba a bhí ann i 2007 (ráta freagartha suirbhé 78.2%);<br><br>gur 25,209 leaba a bhí ann i 2008 (An Tuarascáil Bhliantúil is déanaí), a foilsíodh i 2010 ráta freagartha suirbhé of 81.6%);<br><br>Faoin 31 Mí na Nollag 2009, bhí an Príomh–Chigire Seirbhísí Sóisialacha tar éis fógraí a fháil ó 591 ionad ainmnithe (idir phoiblí agus phríobháideach) dár líon uasta cumais 29,285 leaba.<br><br>Sa bhliain 2010 measadh gur thart faoi 30,000 leaba ar fad a bhí sna i dtithe altranais, idir phoiblí agus phríobháideach.<br><br>Tá athbhreithniú ar siúl ag an Roinn Sláinte faoi láthair, maidir leis an Soláthar Cúraim Cónaithe do Sheanóirí atá ag FSS.<br><br>San athbhreithniú sin, déanfar gach ceann de na háiseanna cónaithe do sheanóirí atá ag FSS a mheas ar a fiúntas maidir leis na Caighdeáin agus na Rialacháin atá ann a shásamh. Ina theannta sin, cuirfidh an Roinn sa mheá brú déimeagrafach áitiúil agus an soláthar reatha leapacha, idir phoiblí agus phríobháideach, d'fhonn ollstraitéis a fhorbairt maidir leis an dóigh inar féidir le FSS leanúint den saghas sin seirbhíse a sholáthar faoi bhrú ag cúinsí buiséid agus eile. |

| | |
|---|---|
| Tabharfar Scéim nua um Thacaíocht Tithe Altranais isteach i 2008 faoina ndéanfar seirbhís inacmhainne de chúram fadchónaithe do gach duine óna dteastaíonn. Cuirfear an scéim sin in áit an chórais reatha, faoina ngearrtar costais i bhfad níos mó, de ghnáth, ar sheanóirí a úsáideann tithe príobháideacha altranais, seachas cinn phoiblí. Faoin scéim nua, beidh ranníocaíocht le híoc ag gach duine, bunaithe ar cad is acmhainn dó nó di, agus íocfaidh an Stát fuílleach a gcostais, bídís faoi chúram i dtithe poiblí altranais nó i dtithe príobháideacha altranais. San idirlinn, ardaíodh go suntasach na rátaí faoi na Fóirdheontais Thithe Altranais, mar réiteach eatramhach roimh an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais a thabhairt isteach i 2008. | Síníodh ina reacht dlí an tAcht um an Scéim nua um Thacaíocht Tithe, 2009, ar an 1ú Iúil 2009. Tugadh tosach feidhme dó ar an 27ú Deireadh Fómhair 2009.<br><br>Tagann an Scéim sin isteach mar chomharba ar an Scéim um Fhóirdheontais Tithe Altranais maidir le tithe príobháideacha altranais agus in áit an chórais um tháillí fadchónaithe i dtithe poiblí altranais.<br><br>Faoi na córais a chuaigh roimh an scéim nua, d'íocadh an Stát thart faoi 40% den chostas meánach measta cúraim i saoráid phríobháideach. B'shin i gcodarsnacht le saoráid phoiblí, lena n-íocadh an Stáit thart faoi 90% dá costas.<br><br>Tríd an Scéim nua sin a thabhairt isteach, tugadh i gcrích cuid de na prionsabail a leagadh amach i gcomhaontú páirtíochta *I dTreo 2016*, mar atá:<br><br>• Ba chóir go mbeadh leibhéil iomchuí chothroma comhíocaíochta i measc lucht faighte na seirbhísí cúraim, bunaithe ar mheasúnú caighdeánaithe náisiúnta airgeadais;<br><br>• Ba chóir an leibhéal céanna de thacaíocht stáit a sholáthar maidir le cúram cónaithe, bíodh an cúram sin i saoráid phoiblí nó i saoráid phríobháideach; agus<br><br>• Níor chóir go mbeadh cónaitheoir reatha i dteach altranais ar bith thíos le pé socruithe nua comhíocaíochta a thabharfar isteach maidir le cúram cónaithe bíodh an duine sin i saoráid phoiblí nó i saoráid phríobháideach.<br><br>Cuimsíonn an scéim Measúnú ar Riachtanais maidir le Cúram, faoina ndéantar cinneadh maidir le pé acu saghas cúraim is fearr rogha don duine lena mbaineann an cinneadh sin, mar atá, cúram fadtréimhseach i dteach altranais nó cúram sa bhaile, mar aon le Measúnú Airgeadais maidir le leibhéal na ranníocaíochta a íocfaidh an duine i leith an chúraim sin.<br><br>Tá an Measúnú Airgeadais leagtha síos sa reachtaíocht phríomhúil, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ina chóras caighdeánach ar fud na tíre. |

| | |
|---|---|
| Faoi na forálacha i mBille Sláinte, 2006, bunófar Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), mar aon le hOifig Phríomh-Chigire Seirbhísí Sláinte taobh istigh de sin. Beidh sé mar fhreagracht reachtúil ar an bPríomh-Chigire cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do leanaí, ar ionaid cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas, ar ionaid cónaithe do sheanóirí agus ar thithe príobháideacha altranais, agus na hionaid sin a chlárú. Déanfaidh an Príomh-Chigire na seirbhísí sin a iniúchadh de réir na gcaighdeán arna leagadh síos ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus de réir na rialacháin arna leagadh síos sna rialacháin a rinne an tAire Sláinte agus Leanaí. | Faoin Acht Sláinte, 2007, leagtar mar fhreagracht reachtúil ar an bPríomh-Chigire Seirbhísí Sláinte ag obair mar chuid den Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, gach cúram maidir le cigireacht agus le clárú ionad ainmnithe in aicmí áirithe. San áireamh ansin tá ionad cúraim cónaithe do sheanóirí.<br><br>Ón 1 Iúil 2009 ar aghaidh, cláraítear gach teach altranais, idir phoiblí agus phríobháideach, faoi na Rialacháin a bhaineann le hAcht Sláinte, 2007 (Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), arna leasú ag an bPríomh-Chigire. Déantar gach teach altranais (idir phoiblí agus phríobháideach) a iniúchadh faoi na Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009, arna leasú, agus caithfear iad a reáchtáil de réir na gcaighdeán a leagtar síos sa cháipéis *Caighdeáin Náisiúnta Cáilíocht maidir le hIonaid Cónaithe Cúraim do Dhaoine Scothaosta in Éirinn.* |

## Tithíocht

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar prótacail nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm idir 2007 agus 2009 le fócas ar chomhoibriú idir gníomhaireachtaí nuair a bhaineann gnéithe cúraim le cúrsaí tithíochta agus cóiríochta i gceist. | Mar chuid den fhócas sin, rinneadh dréacht-phrótacal a fhorbairt i 2010 don idirchaidreamh ar leibhéal áitiúil idir FSS agus gníomhaireachtaí tithíochta maidir le seirbhísí a sholáthar i gcomhair seanóirí, go háithe nuair a bhaineann gnéithe cúraim i gceist.<br><br>Rinneadh tuilleadh oibre sa réimse sin a chur ar athlá, go dtí go gcuirfear bailchríoch ar an Straitéis Náisiúnta nua um Aosú Dearfach i gClár don Rialtas "Clár Rialtais um Théarnamh Náisiúnta 2011-2016", faoina socrófar treo maidir le beartais agus le seirbhísí i gcomhair seanóirí amach anseo. Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil rannpháirteach san obair a bhaineann leis an Straitéis a fhorbairt, agus Office na Seanóirí i gceannas na hoibre. |

| | |
|---|---|
| Tá athbhreithniú arna chur i gcrích maidir leis na scéimeanna deontas faoina soláthraítear cúnamh maidir le Daoine Faoi Mhíchumas, Deisiúcháin Riachtanacha agus Cúnamh Speisialta Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus na scéimeanna sin arna n-athnuachan. Fógraíodh moltaí le déanaí chun cothromas agus cumas dírithe i ráiteas nua straitéise – *Áiteanna cónaithe a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil*. | Le linn 2009 agus 2010, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil suim thar €150m de chúnamh ar fáil in mar dheontais faoin scéim nua, rud a chuaigh chun tairbhe do 24,000 teaghlach a bhain le seanóirí agus le daoine faoi mhíchumas.<br><br>Táthar ag súil leis an tuarascáil deiridh um an measúnú a fhoilsiú go luath. |
| Cuirfear córais iomchuí téimh lárnaigh ar fáil i ngach áitreabh ar cíos de chuid na n-údarás áitiúla a soláthraíodh i gcomhair seanóirí faoi dheireadh 2008 | Cuireadh an clár sin i gcrích i 2009. Faoin chlár cheithre bliana sin, suiteáladh córais leasaithe téimh lárnaigh agus leasuithe teirmeacha bainteach leo i 27,000 aonad údarás áitiúla, ar chostas iomlán €133m don státchiste. |

## Drochíde Seanóirí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tá suim iomlán €2 milliún arna leithdháileadh don Ghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta maidir le Drochúsáid Seanóirí chun aghaidh a thabhairt ar dhrochíde seanóirí le linn 2006 agus 2007. Tá sé sin á shníomh isteach i gcúrsaí oiliúna gairmiúla, chomh maith, cúrsaí aoiseolaíochta san áireamh. Beidh athbhreithniú ann i 2007, ar Ag Cosaint Ár dTodhchaí. Táthar ag súil go gclúdófar san athbhreithniú sin cúrsaí nár clúdaíodh sa tuarascáil tosaigh a rinneadh faoi dhrochíde seanóirí, mar shampla, faillí an duine féin ina leith féin agus drochíde institiúideach. | Suim thart faoi €4.5m atá á caitheamh ag FSS in aghaidh na bliana anois ar sheirbhísí a bhaineann le drochíde seanóirí.<br><br>Cuimsíonn an €4.5m suim €300,000 de mhaoiniú breise a tugadh isteach den chéad uair i mbuiséad 2009, chun íoc as feachtas feasachta poiblí.<br><br>Críochnaíodh an t-athbhreithniú neamhspleách ar Ag Cosaint Ár dTodhchaí i 2009 agus foilsíodh i 2010 é.<br><br>Nocht an t-athbhreithniú sin gur ar earnáil na sláinte ba mhó a bhí dul chun cinn le sonrú, ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhrochíde seanóirí. Is féidir na moltaí a cuireadh ar aghaidh sa tuarascáil sin a rangú i dtrí aicme, mar atá: a) na socruithe institiúideacha atá anois ann a neartú, b) dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le moltaí reatha Ag Cosaint Ár dTodhchaí, agus c) dul i ngleic le cúrsaí ar cúis imní iad maidir le drochíde airgeadais agus institiúideach de réir mar a thagann na cúrsaí sin chun cinn.<br><br>Tiomsaíonn an Roinn Sláinte agus FSS Plean Gníomhaíochta gach bliain chun moltaí an Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.<br><br>Sa tréimhse 2009 gus 2010, rinne FSS a seirbhís um dhrochíde seanóirí a fhorbairt chun struchtúr foirne tiomnaithe a sholáthar ar fud na tíre, sonraí aontaithe a bhailiú, meicníochtaí maoirseachta náisiúnta agus réigiúnda a chruthú, ionad taighde a bhunú i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, mar aon le cláir feasachta agus oiliúna a eagrú. |

| | |
|---|---|
| | Ag deireadh na bliana 2010, bhí tacaíocht airgeadais Stáit á fáil ag 21,700 duine i leith a gcostais a íoc maidir le cúram fadtréimhseach i dtithe altranais. Bhí tacaíocht faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais á fáil ag níos mó ná 11,100 de na daoine sin. Bhí an chuid eile acu faoi chúram i dtithe altranais sular tugadh an scéim isteach, agus cinneadh déanta acu féin a socruithe reatha a choimeád. |

## Oideachas

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do sheanóirí chun rannpháirtíocht a ghlacadh iad féin i dtionscadail litearthachta don teaghlach, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta *DEIS Plean Gníomhaíochta*. Tá grúpa oibre curtha ar bun chun tionscadail ar leith a aithint a thacaíonn le litearthacht teaghlaigh agus chun tacaíocht a sholáthar i gcomhair na dtionscadal sin, a gcuirfear tús lena leathnú amach i 2007. | Faomhadh maoiniú iomlán €200,000 i 2008 i gcomhair naoi dtionscadal déag, leibhéal ar coinníodh leis, a bheag nó a mhór, ó shin. Sa bhliain 2009/10, bhí níos mó ná 1,800 tuismitheoir agus leanaí rannpháirteach in imeachtaí litearthachta don teaghlach, arna maoiniú faoin bheart um litearthacht teaghlaigh.<br><br>Scaipeadh treoirlínte maidir le Litearthacht Teaghlaigh i 2009. Bhí de chuspóir leis na treoirlínte sin cabhrú le cleachtóirí tionscadail litearthachta teaghlaigh a fhorbairt. |
| Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do sheanóirí chun dul sa tóir ar an mbreisoideachas agus ar an ardoideachas, agus socrófar spriocanna iomchuí ina leith sin i gcomhthéacs na moltaí a bhaineann le foghlaim feadh saoil. | Níl uasteorainn aoise ann maidir le cláir don Oideachas Aosach agus Breisoideachas, seachas Ógtheagmháil agus Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais do Dhaoine in Aois Oibre.<br><br>Sa bhliain 2010, bhí thart faoi 21% den líon aosach litearthachta agus 18% de na rannpháirtithe sa Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas os cionn 55 bliain d'aois. Ina theannta sin, bíonn seanóirí rannpháirteach i ranganna arna maoiniú faoin gClár um Oideachas Pobail. Faoin gclár sin, déantar ranganna ríomhaireachta (ar ranganna bunúsacha iad, den chuid is mó) a mhaoiniú, mar aon le ranganna foghlama teangacha agus cúrsaí ceirdeanna mar chaitheamh aimsire, trí uaireanta teagascóra a chur ar fáil, den chuid is mó. |

# Cuid a Dó

# Saolré: Daoine faoi Mhíchumas

## Pleananna Earnála um Míchumas

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Réiteofar tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn maidir le Pleananna Earnála um Míchumas a fhorfheidhmiú tar éis tréimhse 3 bliain (2009) agus déanfar athbhreithniú ar an Acht um Míchumas tar éis tréimhse 5 bliain (2010). | Réitíodh tuarascálacha maidir le forfheidhmiú na bPleananna Earnála faoin Acht um Míchumas, 2005, sna ranna ábhartha ar fad agus críochnaíodh an obair sin laistigh den spriocam reachtúil. Nótáil an Rialtas na tuarascálacha sin ar an 2 Feabhra 2010 agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 5 Feabhra 2010.<br><br>Críochnaíodh an t-athbhreithniú maidir le hoibriú an Acht um Míchumas, 2005, i mí Iúil 2010, tar éis dul i gcomhairle le Lucht Leasmhara um Míchumas. Rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais é sin a nótáil ar an 4 Lúnasa 2010. |

## Straitéis um Fhostaíocht

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta straitéis chuimsitheach do dhaoine faoi mhíchuma a fhorbairt faoin mbliain 2010. | Bunaíodh Grúpa Trasearnála maidir leis an Straitéis um Fhostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas i 2009 chun forbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith straitéis chuimsitheach fostaíochta a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas. Ag an tús, bhí an dualgas cathaoirligh á roinnt idir an Roinn Sláinte (DOH) agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (DETI) agus, ina dhiaidh sin, tar feidhmeanna a aistriú, FÁS san áireamh, go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2010, ag na Ranna Sláinte, Oideachais agus Scileanna (DES). Faoi láthair, is ionadaithe den Roinn Sláinte, den Roinn Coimirce Sóisialaí, FSS agus FÁS atá sa ghrúpa sin. Is é is cuspóir don ghrúpa trasearnála sin ná meicníocht a sholáthar do chur chuige trasearnála idir na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí atá freagrach as clár oibre príomhshrutha a sheachadadh maidir le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus as Plean Gníomhaíochta sainiúil a chur chun cinn, bunaithe ar na gealltanais sna Pleananna Earnála, rud a chuimsíonn an obair a bhaineann le Straitéis Chuimsitheach um Fhostaíocht a fhoirmliú. Tá dréacht de Straitéis Chuimsitheach um Fhostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas curtha le chéile agus coigeartú á dhéanamh ar an dréacht sin anois. |

## Straitéis Tithíochta

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar straitéis náisiúnta tithíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas a fhorbairt faoi dheireadh 2009, mar a mhol an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta ina tuarascáil maidir le Tithíocht in Éirinn. Leagfar béim ar leith sa straitéis sin ar dhaoine fásta atá go mór faoi mhíchumas agus ar dhaoine atá thíos le meabhairghalair. Chun an straitéis sin a chur chun cinn, bunófar grúpa náisiúnta faoi choimirce an Fhóraim Tithíochta a bhfuil an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gceannas air agus a mbeidh an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS, na Páirtithe Sóisialta agus lucht leasmhara eile a bhaineann le hábhar rannpháirteach ann. | Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas creat seachadta tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas trí bheartas príomhshrutha tithíochta. Tá an straitéis sin arna forbairt i gcomhar le Grúpa Comhairleach Náisiúnta a bhfuil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ina cathaoirleacht air agus a mbeidh an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS, na Páirtithe Sóisialta agus lucht leasmhara eile a bhaineann le hábhar rannpháirteach ann, tÚdarás Náisiúnta um Míchumas ina measc. Foilsíodh an straitéis sin ar an 6ú Deireadh Fómhair 2011.<br><br>Agus an straitéis sin i mbun a forbartha, leanadh den dul chun cinn maidir le dul i ngleic go héifeachtach le riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas, rud a chuimsíonn tacar moltaí chun comhoibriú idir gníomhaireachtaí a fheabhsú chun críocha seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a sheachadadh.<br><br>Cuireadh prótacal i bhfeidhm i mí Iúil 2007 faoina rialaítear idirchaidreamh idir FSS agus na húdaráis tithíochta chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais duine i ndiaidh duine faoi mhíchumas ó thaobh na cóiríochta de. Tá an prótacal sin ag feidhmiú cheana féin maidir le leanaí faoi bhun 5 bliain d'aois.<br><br>Cuireadh protacal i bhfeidhm i Márta 2011 faoina rialaítear: (a) ar riachtanais tithíochta duine i ndiaidh duine faoi mhíchumas meabhairghalrach agus (b) comhordú maoinithe níos fearr, idir chaipiteal agus ioncam maidir leis na costais tacaíochtaí sláinte a bhaineann le tionscadail do dhaoine faoi mhíchumas a thiteann ar comhlachtaí faofa tithíochta. |

## Iompar

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Príomhchuspóir den bheartas iompair is ea é inrochtaineacht ar an gcóras iompair phoiblí a chinntiú trí mheán busanna cathrach lán-inrochtana a sholáthar, mar aon le rochtain níos fearr ar stáisiúin bus agus traenach, ag teacht le Plean Earnála na Roinne Iompair faoin Acht um Míchumas, 2005. Ar na bearta sin, tá:<br><br>Cóistí dorochtana le Bus Éireann agus le hOibreoirí Príobháideacha a bhaint den bhóthar agus cinn so-rochtana a chur in áit na gcóistí sin, a fhónfaidh ar dhaoine faoi mhíchumas gluaiseachta, céadfaí nó cognaíoch faoi 2015;<br><br>Féachaint chuige gur busanna inrochtana a bheidh sna busanna uirbeacha ar fad, chun fónamh do dhaoine faoi mhíchumas gluaiseachta, céadfaí nó cognaíoch faoi 2012;<br><br>Féachaint chuige go ndéanfar seirbhísí inrochtana den chuid is mó de na seirbhísí traenach idiruirbeacha paisinéireachta ar fad chun fónamh do dhaoine faoi mhíchumas gluaiseachta, céadfaí nó cognaíoch faoi 2009. | *Bus Éireann*<br><br>Busanna urláir ísil oiriúnach do chathaoireacha rotha is ea 100% de na busanna atá i mbun seirbhíse sna háiteanna seo a leanas: Gaillimh, Luimneach, Port Láirge, Corcaigh, Sligeach, Baile Átha Luain, An Uaimh and Dún Dealgan. Tá de bheartas cuideachta ag Bus Éireann gan ach cóistí oiriúnach do chathaoireacha rotha a cheannach don todhchaí.<br><br>*Bus Átha Cliath*<br><br>Busanna urláir ísil oiriúnach do chathaoireacha rotha is ea 90% de na busanna atá ag Bus Átha Cliath.<br><br>Tá comharthaí eolais ar 2,600 de na cuaillí eolais bus chun fónamh do dhaill agus nuashonrú á dhéanamh ar an gcóras faisnéise atá sna botháin fothana do lucht feithimh le bus, áit a léireofar uimhreacha bealaí i gcló mór.<br><br>Tá uasghrádú déanta ar 51% de na stadanna bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.<br><br>*Iarnród Éireann*<br><br>Seirbhísí inrochtana ag daoine faoi mhíchumas is ea 100% de sheirbhísí paisinéireachta Iarnród Éireann.<br><br>*Oibreoirí Príobháideacha*<br><br>Tá busanna urláir ísil ag roinnt oibreoirí príobháideacha, chomh maith. |

## Rochtain ar an Ardoideachas

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Socróidh an tOifigeach Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas spriocanna agus aidhmeanna, agus déanfaidh sonraí bunlíne a fhorbairt maidir le rannphháirtíocht ag mic léinn faoi mhíchumas sa tréimhse 2007-2013. I dteannta scéimeanna deontais cothabhála bunaithe ar thástáil maoine, leanfar den soláthar faoin gCiste Rochtana Tríú Leibhéil, dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an ngannionadaíocht Tá an Ciste um Mic Léinn faoi Mhíchumas ina dhlúthchuid den Chiste Rochtana Tríú Leibhéil. Soláthraíonn sé deontais chun seirbhísí a cur ar fáil agus trealamh a cheannach chun fónamh do mhic léinn faoi mhíchumas agus iad ag freastal ar chúrsaí oideachais in institiúidí tríú leibhéil nó ar chúrsaí iar-ardteistiméireachta. | Tá an Ciste um Mic Léinn faoi Mhíchumas ina chuid den Chlár Fo-thosaíochtaí faoin gCiste Rochtana Tríú Leibhéil. Tugann an Ciste sin rochtain do mhic léinn ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí chun gur féidir leo freastal ar chúrsaí oideachas agus a gcuid staidéar a chríochnú. Tá suim €13.7 milliún de leithdháileadh comhlán arna faomhadh chuige sin i 2010-11, maidir le 6,093 mac léinn faofa. |

## Inrochtaineacht

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Faoi dheireadh mhí Iúil 2007, beidh iniúchadh ar inrochtaineacht curtha i gcrích ag gach Údarás Áitiúil agus plean forfheidhmithe inrochtaineachta arna cheapadh maidir leis an timpeallacht thógtha agus leis an mbonneagar faoina chúram, rud a chuimsíonn gach bóthar, gach sráid, gach cosán, gach páirc, gach taitneamhacht agus gach spás oscailte. | Cuireadh iniúchtaí inrochtaineachta i gcrích i ngach Údarás Áitiúil i 2008 agus pleananna forfheidhmithe bunaithe ar na hiniúchtaí sin curtha faoi bhráid na Roinne acu. |

| | |
|---|---|
| Tá Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch á chur ar bun laistigh den Údarás Náisiúnta um Míchumas. Beidh sé ina phríomhchuspóir ag an Lárionad barr feabhais sa dearadh uilíoch a bhaint amach trí chomhoibriú le comhlachtaí ábhartha, chun críocha caighdeáin a fhorbairt, mar aon le hoideachas agus le méadú feasachta. | Bhunaigh an tÚdarás Náisiúnta um Míchumas Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch i 2007. Táthar ag obair san Lárionad chun críocha dearadh uilíoch a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas, i slí is go mbeadh teacht ag gach duine orthu, beag beann ar aois, ar mhéad, ar ábaltacht nó ar mhíchumas an duine: an timpeallacht thógtha, táirgí, seirbhísí agus TFC. Ó lá bhunaithe, tá an Lárionad ag coinneáil caidrimh le heagraíochtaí socraithe caighdeán, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, d'fhonn an dearadh uilíoch a fhí isteach sa chur chuige maidir le TFC agus seirbhísí eile a fhorbairt. Tá an Lárionad ag obair i gcomhar leis an earnáil oideachais ar an tríú leibhéal, d'fhonn dearadh uilíoch a fhí isteach i gcuraclaim agus i scrúduithe a bhaineann le hábhar. Baineann cuid mhaith dá chuid oibre le méadú na feasachta trí imeachtaí a chur ar siúl, ar a n-áirítear Dúshláin Dearaidh, seimineáir agus comhdhálacha.<br><br>Oibríonn an Lárionad i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maidir le tionscadail áirithe, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'obair ábhartha thaighde. |

## Abhcóideacht

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Faoi na forálacha sa Bhille um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2006, a bhfuiltear ag súil lena hachtú ina dhlí i 2007, déanfar abhcóide pearsanta a shannadh i gcomhair duine faoi mhíchumas nach féidir nó ar deacair dó nó di teacht ar sheirbhís shóisialta gan chúnamh. | Rinneadh athbhreithniú ar an gClár píolótach maidir le hAbhcóideacht Éarnála Pobail agus Deonaí, inar moladh go gcuirfí Seirbhís Náisiúnta Abhcóideachta ar bun.<br><br>Rinneadh an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta a fheidhmiú go céimneach faoin mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh in Eanáir 2011. Soláthraíonn an tseirbhís sin abhcóideacht neamhspleách ionadaíoch do dhaoine faoi mhíchumas.<br><br>Ag teacht le moltaí an athbhreithnithe, déanfar gnéithe den Seirbhís Abhcóideachta Pearsanta (PAS) a fhí isteach i struchtúr nua na seirbhíse, tar éis tréimhse a leabaithe.<br><br>Tá córas abhcóideachta príomhshrutha á sholáthar i gcónaí tríd na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh (CIB), le fócas ar an inrochtaineacht maidir le seirbhísí, le teidlíocht leasa shóisialaigh agus le cearta fostaíochta, chun críocha féachaint chuige go ndéantar faoi mhíchumas a spreagadh chun seirbhísí príomhshrutha a úsáid i ngach cás arbh fhéidir sin, le tacaíocht chuige sin. |

# Cuid a Dó
# Saolré: Pobail

## Clár Maoinithe Pobal

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Úsáideann Ciste na gCuntas Díomhaoin airgead as cuntais nár éilíodh in institiúidí creidmheasa agus i bpolasaithe árachais saoil nár éilíodh i ngealltanais árachais chun tacú le cláir agus le tionscadail ina ndírítear ar mhíbhuntáiste sóisialta, ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta, ar mhíbhuntáiste oideachais, agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Faoin socrú reatha maidir le heisíocaíochtaí as an Ciste, tugtar tosaíocht do cheantair a bhaineann le RAPID, le CLÁR agus le Tascfhórsaí Drugaí. | Ó lá a bhunaithe i Mí na Bealtaine 2003 go dtí deireadh Mhí na Nollag 2008, aistríodh suim iomlán €306m go dtí Ciste na gCuntas Díomhaoin. Suim €21.7 m, glan ar fhiachais, a bhí i dtaisce sa Chiste ag deireadh Mhí na Nollag 2008, Maidir leis na tosaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt as Ciste na gCuntas Díomhaoin i 2009 dóibh, thoiligh an Rialtas i 2008 suim €30 milliún a sholáthar i gcomhair scata tionscnamh sna réimsí seo a leanas: daoine faoi mhíchumas, tionscadail i gceantair RAPID, daoine gan dídean, chomh maith le bearta chun chur in aghaidh an fhéinmharaithe agus chun dul i ngleic le mí-úsáid substaintí. Tá próisis i mbun oibre faoi láthair chun cuireadh a chur amach i gcomhair iarratais agus na hiarratais sin a mheasúnú, agus tá roinnt tairbhithe arna bhfaomhadh do bhearta áirithe cheana féin. |
| Soláthrófar beagnach €67 milliún faoi Chiste Giaráilte Chlár RAPID idir 2007 agus 2013 maidir le comh-mhaoiniú ar infheistíocht ag ranna agus ag gníomhaireachtaí i gceantair ainmnithe RAPID. Beidh an maoiniú sin ina chabhair chun tacú le tionscadail nua agus le tionscnaimh nua, mar shampla, clóis súgartha agus córais CCTV sa phobal, a fhéachann le feabhas a chur ar shaol daoine agus ar shábháilteacht an phobail do chónaitheoirí i gceantair RAPID. | Tugadh 5 ceantar nua isteach faoi RAPID i 2009, rud a mhéadaigh ar a líon go 51 ceantar a bhaineann tairbhe as tionscadail arna n-ainmniú chuige sin ag foirne forfheidhmithe RAPID, chun CCTV, clóis súgartha, saoráidí scoile (mar shampla, leabharlanna agus bialanna) a sholáthar, chomh maith le feabhas a chur ar chúrsaí comhshaoil in eastáit tithíochta. Rinneadh éilimh a bhain le scéimeanna reatha a phróiseáil, agus caitheadh suim iomlán €12.8m milliún i ar na tionscadail ar fad i dteannta a chéile 2009/10 |

| | |
|---|---|
| Chuir CLÁR €141 milliún ar fáil sa tréimhse 2007-2013 chun athnuachan a dhéanamh ar cheantair ina raibh laghdú mór ar a ndaonra. de bhun na hinfheistíochta sin, mar thaca leis an mbonneagar fisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta, tréimhse leathan beart, ar an-áirítear soláthar uisce, diúscairt séarachais, rochtain bóthair agus leathanbhanda ag teacht le tosaíochtaí arna n-aithint ag na pobail a chónaíonn iontu. I láthair na huaire, tá an clár sin ag dul chun tairbhe do dhaonra thart faoi 727,000. Ar na spriocanna sin tá:<br><br>Líon na scéimeanna uisce, idir scéimeanna príomhlíne agus scéimeanna grúpa a dtéann maoiniú CLÁR chun tairbhe dóibh a mhéadú 100% ar a laghad faoi 2008;<br><br>Soilse gealánach a sholáthar faoi 2008 do na bhunscoileanna ar fad i gceantair CLÁR . | Sa bhliain 2009 / 2010, rinne CLÁR infheistíocht €19.3, mar thaca leis an mbonneagar fisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta, tré réimse leathan beart. Clúdaíonn bearta CLÁR lear mór forbairtí éagsúla, ar a n-áirítear bonneagar uisce agus séarachais, comharthaíocht dhátheangach, deontais caipitil spóirt, miontionscadail sláinte, saoráidí súgartha scoile agus tionscadail chois cósta.<br>Sa bhliain 2009 / 2010, rinne CLÁR maoiniú a leithdháileadh ar 191 scéim uisce agus séarachais agus 223 club spóirt. Fuair 110 scoil maoiniú chun a saoráidí súgartha allamuigh a fheabhsú agus 42 tionscadal sláinte, 3 tionscadal cósta, 28 tionscadal feabhsaithe saoráidí i gceantair Ghaeltachta, 10 tionscadal maidir le comharthaíocht dhátheangach agus 2 tionscadal leasaithe snáthoptaice maoiniú, chomh maith. |
| Leithdháileadh bunchistiú dár luach iomlán €1.73 milliún i gcomhair 8 Biúró Oibrithe Deonacha le linn na tréimhse 2005-2007, mar chabhair chun bonn seasmhach a chur fúthu, oifigeach forbartha a fhostú go lánaimseartha, agus bunachair sonraí a fhorbair ina ndéantar oibrithe deonacha a chur in aice le grúpaí deonacha agus pobail. Ina theannta sin, tá maoiniú trí bliana €150,000 curtha ar fáil mar thaca le hIonaid d'Oibrithe Deonacha na hÉireann chun Biúró Oibrithe Deonacha a fhorbairt a thuilleadh. | I dtuarascáil a d'fhoilsigh an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach, moladh don Roinn maoiniú a dhéanamh ar líonra ionad deonacha ar fud na tíre. Fuair dhá ionad agus fiche timpeall na tíre maoiniú dár luach thart faoi €7m ón Roinn.<br>Bhí níos mó ná 13,000 oibrí deonacha agus níos mó ná 870 eagraíocht le rannpháirtíocht ag oibrithe deonacha iontu ar chlár na n-ionad deonacha i 2009. Is ionann na figiúirí sin agus méadú thar 70% thar an líon a cláraíodh i 2008. Is féidir a nótáil, chomh maith, go raibh obair dheonach ar siúl den chéad uair ag 61% de na hoibrithe deonacha a chláraigh agus 69% in aois 35 bliain nó níos óige.<br><br>Sa bhliain 2010, bhí níos mó ná 12,000 oibrí deonacha agus níos mó ná 850 eagraíocht le rannphháirtíocht ag oibrithe deonacha iontu ar chlár na n-ionad deonacha. Is féidir a nótáil, chomh maith, go raibh obair dheonach ar siúl den chéad uair ag 60% de na hoibrithe deonacha a chláraigh agus beagnach 70%in aois 35 bliain nó níos óige. |
| Cuirtear deontais aonuaire ar fáil do ghrúpaí áitiúla deonacha agus pobail, mar atá, Deontais Trealaimh agus Athchóirithe agus Deontais Oideachais, Oiliúna agus Taighde. | Druideadh an scéim maidir le hiarratais nua i mí Feabhra 2009. Leanadh le linn 2009/2010 na heagraíochtaí a faomhadh roimh an dáta sin a mhaoiniú. Fuair thart faoi 287 eagraíocht maoiniú iomlán of €3.87m le linn na tréimhse sin. |

| | |
|---|---|
| Faoi chlár na Gaeltachta agus na nOileán, déanfar €457 milliún a infheistiú idir 2007 agus 2013 san obair chun bonneagar agus fiontraíocht a fhorbairt i bpobail Ghaeltachta agus ar na hoileáin seo againne. Soláthróidh an infheistíocht sin buntáistí inláimhsithe i raon tionscadal agus gníomhaíochtaí, mar shampla, cumas rochtana níos fearr ag an bpobal agus na buntáistí eacnamaíochta a ghabhann leis sin, de bhun oibreacha feabhsaithe bóithre agus céanna, deiseanna fostaíochta níos fearr agus níos inbhuanaithe ag eascairt as infheistíocht in oibreacha tógála agus uasghrádaithe ar spásanna oifige agus monarchan, caighdeáin fheabhsaithe maireachtála trí áiseanna pobail níos fearr a sholáthar, mar aon le caomhnú na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh. | Tá dul chun cinn á dhéanamh ar fheabhsú bonneagair sa Ghaeltacht agus sna hoileáin, d'fhonn feabhas a chur ar mhianach eacnamaíochta agus sóisialta na bpobail a chónaíonn sna ceantair sin. Rinneadh infheistíocht dár luach €36m le linn 2009 agus 2010, maidir le tionscadail chaipitil, mar shampla, calafoirt a fhorbairt agus aerstráicí a thógáil. Cuireadh scata tionscadal móra tógála i gcrích le linn na tréimhse sin, ar a n-áirítear Cé an Chalaidh Mhóir in Inis Meáin agus aerstráicí ar an gClochán agus in Inis Bó Finne. Tá an obair ag tarraingt chun críche ar an tionscadal bonneagair is mó riamh i gcomhair oileáin, mar atá, Caladh Chuan Chill Rónáin in Árainn, dár chostas €44m.<br><br>Chuaigh na feabhsuithe a rinneadh ar an líonra bóithre agus céanna i gceantair Ghaeltachta chun tairbhe don phobal, ó thaobh rochtain níos fearr, rud a thug ann do jabanna nua san earnáil turasóireachta agus fóilleachta mara.<br><br>Cuirtear fóirdheontas thart faoi €6m ar fáil mar thaca le seirbhísí urraithe paisinéireachta agus lastas, mar aon le seirbhísí aerthaistil, a nascadh le seirbhísí iompair ar tír mór san áireamh.<br><br>Tá 23 conradh iompair ar leith ann, chun freastal ar riachtanais na bpobal éagsúla sna hoileáin. Dá bharr sin, laghdaíodh go mór táillí taistil paisinéirí agus lastas le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2010, chuir an Ceoláras Náisiúnta cónaitheacht cheardlann ceoil chúig lá ar siúl i nGaeltacht na bhForbacha, i Scoil Scoil Naísiúnta Na bhForbacha, An Spideal, Contae na Gaillimhe, rud a chuir le rathúnas na háite. Bhain an chónaitheacht sin le tionscadal náisiúnta inár roinn, dár teideal Seinn Scéal Dúinn. |

| | |
|---|---|
| Cuirfear €417 milliún ar fáil faoin gClár um Fhorbairt Áitiúil agus um Chuimsiú Sóisialta le linn na tréimhse 2007–2013 mar thaca le hidirghabhálacha áitiúil chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Leagfar béim ar leith ar thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine agus do phobail faoi bhuntáiste agus iad thíos leis an eisiamh sóisialta, trí réimse leathan gníomhaíochtaí a chur chun cinn sa phobal. | Tugadh Clár nua um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (LCDP) isteach in Eanáir 2010. Tugadh an clár sin istreach mar chomharba ar an gClár um Fhorbairt Áitiúil agus um Chuimsiú Sóisialta (LDSIP) agus ar an Clár Forbartha Pobail (CDP), agus druideadh an dá chlár sin i Mí na Nollag 2009. Rinneadh €48.8m agus €19.8m a infheistiú san LDSIP agus san CDP, faoi seach i 2009, agus leithdháileadh €67.5m faoin gClár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail i 2010.<br><br>Aithníteaer i gcónaí faoin gClár nua riachtanais na ndaoine agus na bpobal faoi mhíbhuntáiste maidir le tionscnamh áitiúla a chur ar siúl i leith a riachtanas. |
| Cuirfear leagan leasaithe den Chlár Forbartha Pobail le chéile le linn na tréimhse 2007–2013, mar thaca le daoine áitiúla atá ag iarraidh a bpobail féin a fheabhsú. Cuirfidh Ionaid Acmhainní Áitiúla agus Tionscadail Forbartha Pobail tacaíocht ar fáil do réimse leathan gníomhaíochtaí féinchuidithe, ina ndíreofar ar an saol a dhéanamh níos fearr do dhaoine agus do ghrúpaí daoine i bpobail faoi mhíbhuntáiste. | Druideadh an Clár Forbartha Pobail agus an Clár um Fhorbairt Áitiúil agus um Chuimsiú Sóisialta i 2009 agus tugadh isteach ina n-áit an Clár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail, a cumadh le fócas láidir cúrsaí a éascú do ghrúpaí ó thaobh cruthúnas oibiachtúil a sholáthar maidir le tionchar dearfach a gcuid gníomhaíochtaí ar a bpobail áitiúla. Glacadh cur chuige níos comhtháite faoin LCDP, a chinntíonn soláthar seirbhísí níos éifeachtaí agus níos cruinne freagartha, i gcomhair an duine agus an phobail a bhfuil na seirbhísí sin ann chun freastal orthu. Tá sé mar chuspóir ag an LCDP dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta trí mheán na páirtíochta agus an chaidrimh dhearfaigh idir an Rialtas, a chuid gníomhaireachtaí agus daoine i bpobail faoi mhíbhuntáiste.<br><br>Ceithre sprioc ardleibhéil is bonn don Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail, mar atá:<br><br>• Tuiscint níos leithne agus faisnéis níos mó a chothú agus cur le leibhéil roghnúcháin do réimse leathan seirbhísí reachtúla, deonacha agus pobail;<br><br>• Rochtain níos mó ar ghníomhaíochtaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta oideachais, áineasa, forbairt chultúrtha, agus acmhainní dá réir;<br><br>• Cur le cumas daoine dul ag obair agus cur lena ndeiseanna fostaíochta;<br><br>• Caidreamh a chothú idir daoine i bpróisis a bhaineann le beartas, le cleachtas agus le cinneadh a ghlacadh faoi chúrsaí a théann i gcion ar phobail áitiúla. |

| | |
|---|---|
| | Déantar an clár a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil trí 52 Comhlacht Forbartha Áitiúil. Faoin gcéim is déanaí den Phróiseas Comhtháite, mar atá, Próiseas Comhtháite LCDP, déanfar 140 Tionscadal Forbartha Pobail a chomhtháthú leis na Comhlachtaí Forbartha Áitiúil. Tá an próiseas sin geall le bheith tugtha i gcrích anois. |

| | |
|---|---|
| Is é is cuspóir don Chlár um Sheirbhísí Pobail ná tacú le gníomhaíocht áitiúil sna pobail le linn dóibh aghaidh á tabhairt acu ar an míbhuntáiste agus deiseanna fostaíochta a sholáthar san am céanna, do dhaoine san spriocghrúpaí tosaíochta seo a leanas: daoine faoi mhíchumas; daoine a bhíonn dífhostaithe go fadtréimhseach; Lucht Siúil; tuismitheoirí aonair agus andúiligh drugaí i ndiaidh a gcobhsaithe. Cuirfear €48.6m ar fáil i 2009 i gcomhair eagraíochtaí agus táthar ag súil go mbeidh tacaíocht á fáil ag 450 eagraíocht agus 2,700 duine fostaithe faoin gClár faoi dheireadh na bliana 2009. | Sa bhliain 2009, bhí tacaíocht faoin gClár um Sheirbhísí Pobail (CSP) á fáil ag níos mó ná 427 tionscadail bunaithe sa phobal, 325 bainisteoir á bhfostú agus 1,800 post lánaimseartha comhionanna, ar chostas níos mó ná €48m.<br><br>Sa bhliain 2010, bhí tacaíocht á fáil ag níos mó ná 440 tionscadail bunaithe sa phobal 334 bainisteoir á bhfostú agus 1,834 post lánaimseartha comhionanna, ar chostas níos mó ná €45m.<br><br>Rinneadh athbhreithniú ar 315 sealbhóir conartha i 2010 agus rinneadh conarthaí nua trí bliana dár críoch 2013 dóibh siúd a bhí fós in ann coinníollacha an chláir a shásamh.<br><br>Is iad na saghsanna seirbhísí dá dtugtar tacaíocht ná cinn atá in ann ioncam trádála éigin a ghnóthú, ach nach leor é sin, mar ioncam, chun costais reatha na hoibríochta ar fad a ghlanadh. Tá an clár sin dírithe ar oibríochtaí gann-éilimh agus ar sheirbhísí nach ann dóibh i bpobail ar leith nó nach mbainfí úsáid sách mór as acmhainní reatha pobail, mar gheall ar easpa foirne.<br><br>Cruthaíonn an clár deiseanna fostaíochta do dhaoine imeallaithe atá ar an dream sia ón margadh saothair, agus is gá 70% ar a laghad de na daoine a dtacaíonn Clár um Sheirbhísí Pobail lena gcuid pos a earcú as na spriocghrúpaí seo a leanas:<br><br>1. Daoine dífhostaithe a n-íochtar Sochar nó Cúnamh Cuardaitheora Poist nó Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora leo;<br><br>2. Daoine a n-íoctar Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine or Pinsean Daill leo;<br><br>3. Lucht Siúil a n-íoctar Sochar nó Cúnamh Cuardaitheora Poist leo, nó Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora;<br><br>4.<br>Mí-úsáideoirí Drugaí arna gcobhsú nó iad ag teacht chucu féin;<br><br>5. Daoine arna bhfostú as Scéimeanna Fostaíochta Pobail nó a bhaineann le Tionscnaimh Jabanna; agus<br><br>6. Iar-phríosúnaigh . |

## Clár um Chaipiteal Spóirt

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tá níos mó ná €87m á chur ar fáil i 2007 i gcomhair áiseanna áitiúla nó réigiúnda spóirt agus eagraíochtaí spóirt; tugtar tosaíocht do thionscadail i gceantair faoi mhíbhuntáiste. | Cé nár fógraíodh babhta nua ar bith den Chlár Críochnaithe Scoile ó 2008 i leith, leanadh de na deontais a bhí ann roimhe sin a íoc.<br><br>Cé nach eol go beacht don Roinn cén tsuim airgid go díreach a caitheadh ar thionscadail i gceantair faoi mhíbhuntáiste, is iondúil go dtéann trian den airgead ar a leithdháileadh go tionscadail i gceantair faoi mhíbhuntáiste nó a dhéanann freastal ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Agus an céatadán sin a úsáid mar thomhas, tá sé measta ag an Roinn gur íocadh €19.6m i leith 517 tionscadal i gceantair faoi mhíbhuntáiste nó a dhéanann freastal ar cheantair faoi mhíbhuntáiste 2009 agus €16.6m i 2010.<br><br>Leithdháileadh suimeanna speisialta bliantúla dár luach €500,000 i 2009 agus i 2010, chun íoc as trealamh do chlubanna dornálaíochta, a bhfuil an chuid is mó acu suite i gceantair faoi mhíbhuntáiste. |

## Comhairle Spóirt na hÉireann

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
| --- | --- |
| Méadaíodh de 20% an buiséad atá ag Comhairle Spóirt na hÉireann do 2007, rud a thug suas go €49 milliún an tsuim a chaitear ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí agus a chuimsíonn tionscnaimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Is é an sprioc atá ann don tréimhse 2006-2008 ná líon na leanaí a imríonn spóirt a mhéadú de 3% agus líon na n-aosach a imríonn spóirt a mhéadú de 1.5%. Chuige sin,<br><br>déanfar an líonra a bhaineann leis an Páirtnéireacht Spóirt Áitiúil) a leathadh ar fud na tíre ar fad faoi ráithe tosaigh 2008;<br><br>déanfar an clár Buntús a bhaineann leis do bhunscoileanna agus do réamhscoileanna a leathadh amach tríd an líonra a ghabhann leis an bPáirtnéireacht Spóirt Áitiúil;<br><br>samhail LISPA (Rannpháirtíocht feadh saoil sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiceach) agus an leanbh ag a lár, do rannpháirtíocht feadh saoil i spóirt na hÉireann do chách; agus<br><br>tacaíocht i gcomhair eagraíochtaí spóirt a mheallann daoine óga isteach iontu, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.<br><br>Tá Tionscnamh nua dár teideal Dámhachtainí Náisiúnta i gcomhair Oibrithe Deonacha curtha ar bun. Bronnfar na dámhachtainí tosaigh i 2007. | Suim €51.677 milliún de bhuiséad a bhí ag Comhairle Spóirt na hÉireann (ISC) do 2009, agus suim €49.572 milliún do 2010.<br><br>Lean Comhairle Spóirt na hÉireann dá cuid oibre agus dá cuid infheistíochta sa líonra atá ag an bPáirtnéireacht Spóirt Áitiúil agus na trí phríomhspóirt pháirce. Bhí clár Buntús fós á thairiscint do bhunscoileanna agus do réamhscoileanna. Cuireadh deireadh leis an maoiniú as Ciste na gCuntas Díomhaoin don Oifigeach Spóir um Chuimsiú Míchumais i 2009. Tá Comhairle Spóirt na hÉireann ag leanúint le maoiniú an chláir sin le líon níos lú oifigeach forbartha, ach clúdaíonn sé an líonra atá ag an bPáirtnéireacht Spóirt Áitiúil ina iomláine anois. Chuaigh Comhairle Spóirt na hÉireann i gcaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2010 chun an Clár Críochnaithe Scoile a nascadh leis an líonra atá ag an bPáirtnéireacht Spóirt Áitiúil. Tugadh na Dámhachtainí Náisiúnta i gcomhair Oibrithe Deonacha in Éirinn isteach i 2007, chun an obair a dhéanann níos mó ná 400,000 oibrí deonacha ar son an spóirt in Éirinn a cheiliúradh. Bronnadh dámhachtainí 2010 ar aon duine déag as a dtiomantas deonach do chlubanna spóirt agus in eagraíochtaí spóirt timpeall na tíre. |

## Tionscnamh um Iompar Tuaithe

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Tá bonn buan buan faoin Tionscnamh um Iompar Tuaithe (RTI) nuair chríochnaigh an tréimhse phíolótach i 2006. Tá maoiniú €9m á chur ar fáil i 2007 mar chabhair chun an próiseas príomhshrutha a dhéanamh den Tionscnamh um Iompar Tuaithe. Déanfar suim an mhaoinithe maidir le seirbhísí iompair tuaithe a mhéadú de réir a chéile, go dtí go mbeidh €18m de mhaoiniú ann chuige sin. Déanfar tosaíocht de cheantair atá gan seirbhís iompair phoiblí anois. | Tá sé ghrúpa iompair pobail agus tríocha timpeall na tíre á maoiniú faoi láthair faoin gClár um Iompar Tuaithe (RTP) chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta ina gceantair tuaithe féin, mar gheall ar easpa iompair phoiblí. Cuireadh €11m ar fáil don Chlár um Iompar Tuaithe i 2010 (an tsuim chéanna i 2009), rud a mhéadaigh ar mhinicíocht scata seirbhísí reatha agus a leathnaigh ceantair a gclúdaithe agus a chur le líon na ngrúpaí paisinéirí a úsáideann córais iompair tuaithe. Le linn 2010, cuireadh 1.42 milliún turas paisinéara ar an taifead i leith 172,000 seirbhís iompair arna maoiniú faoin gClár um Iompar Tuaithe, rud is méadú 9% i ngach cás taobh le 2009. Tá €10.62m á sholáthar faoin gClár um Iompar Tuaithe i 2011.<br><br>Ag teacht le gealltanas a tugadh nuair a bhí an Clár á sheoladh i 2007, cuireadh tús i mí Iúil 2010 le hathbhreithniú luach ar airgead. |

## Straitéis Náisiúnta Drugaí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Soláthrófar €319m le linn na tréimhse 2007-2013 mar thaca le Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008. Ar na spriocanna sonracha atá le baint amach faoi 2008, tá:<br><br>Méadú 50% ar an líon drugaí arna ngabháil, agus figiúirí 2000 in úsáid mar bhunlíne chun é sin a thomhas; méadú 20% ar líon na n-urghabhálacha bunaithe ar fhigiúirí 2004; méadú 20% faoi dheireadh 2008 ar líon na mbrath soláthair, bunaithe ar fhigiúirí 2004;<br><br>Measúnú Trí Fhoinse Gabh-Athghabh ar mhí-úsáideoirí codlaidíní sa bhliain 2006, chun cobhsú a léiriú maidir leis an líon i gcoitinne, mar aon le laghdú 5% ar an ráta teagmhasachta, bunaithe ar fhigiúirí 2001, a foilsíodh i 2003;<br><br>Nocht an Suirbhé um Fhorleithne Drugaí a rinne an Coiste Náisiúnta Comhairleach Drugaí (NACD) i 2006/07 laghdú 5% ar an ráta teagmhasachta reatha agus le déanaí sa phobal i gcoitinne, bunaithe ar ráta 2002/03 rate; teacht ar chóireáil a bheith ag 100% de na daoine a mbíonn fadhbanna le drugaí acu laistigh de mhí ó lá a measúnaithe;<br><br>Saoráidí maolaithe díobhála, ar a n-áirítear<br><br>malartáin snáthaidí ar oscailt feadh an lae, um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine, de réir mar is gá, i gceantair na n-oifigí sláinte ar fad, ; agus<br><br>Minicíocht Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV) i measc úsáideoirí drugaí le cobhsú, bunaithe ar fhigiúirí 2004;<br><br>Bearnaí aitheanta a líonadh maidir le taighde drugaí faoi lár 2008; tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi nádúr agus forleithne fhadhb na ndrugaí in Éirinn, bunaithe ar shonraí reatha; tuarascáil a fhoilsiú gach dara bliain faoin dul chun cinn a rinneadh chun na spriocanna agus na haidhmeanna a leagadh amach sa Straitéis a bhaint amach. | Sa bhliain 2009, bhain thart faoi €277m den chaiteachas tras-Rannach ar fad go díreach le Cláir Drugaí, agus leithdháileadh €264m chuige sin i 2010. Meastar go gcaithfear thart faoi €250m ar chláir drugaí i 2011. Cuireann FSS meatadón ar fáil mar earra ionaid in áit codlaidíní, mar thaca le daoine a théann i ngleic lena bhfadhbanna féin maidir le mí-úsáid hearóine. I mórán áiteanna, tá cóireáil le meatadón á cur ar fáil do dhaoine laistigh de mhí i ndiaidh a measúnaithe, agus FSS tar éis tosaíocht a dhéanamh de seirbhísí faoina soláthraítear níos mó meatadóin i gceantair roghnaithe, chun gearradh siar ar liostaí feithimh agus ar amanna feithimh. Le 18 mí anuas, tá seirbhísí breise arna gcur ar bun sna bailte seo a leanas: Loch Garman, Port Láirge, Cill Chainnigh, Corcaigh, Trá Lí, cathair Luimnigh agus Dún Dealgan. Ta dul chun cinn á dhéanamh maidir le plean faoina gcuirfear le líon na saoráidí meatadóin i lár na tíre, i nDroichead Átha agus i gContae Loch Garman. Ar an 31ú Mí na Nollag 2010, bhí líon iomlán 383 cliant ar liostaí feithimh do sheirbhísí a chuireann cóireáil le meatadón ar fáil. Tá seirbhís faoina ndéantar snáthaidí a mhalartú i gceantar Bhaile Átha Cliath á cur ar fáil trí mheán FSS agus eagraíochtaí earnála deonaí agus an tseirbhís sin le fáil i roinnt áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá córas malartaithe snáthaidí trí thart faoi 65 cógaslann in áiteanna roghnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ina mbítear ag instealladh hearóine arna chur in áit ina iomláine, beagnach.<br><br>Is é an Bord Taighde Sláinte atá freagrach cothabháil an Innéacs Náisiúnta ar Bhásanna Bainteach le Drugaí, agus foilsítear páipéir i dtaobh treochtaí go rialta. Tá fáil ar staitisticí maidir le básanna bainteach le drugaí, idir bhásanna de bhun nimhe agus eile, go dtí deireadh 2008 ar an suímh idirlín atá ag an mBord Taighde Sláinte. Rinne an Coiste Náisiúnta Comhairleach Drugaí staidéar a choimisiúnú maidir le húsáid codlaidíní in Éirinn i 2006, le tuairisciú ina leith i 2009, ina dtugann an fhoinse gabh-athghabh le fios go raibh méadú ar úsáid codlaidíní ó rinneadh an suirbhé roimhe sin i 2001. |

| | |
|---|---|
| | Ar na treochtaí arna léiriú sa staidéar sin bhí: (i) laghdú an ráta maidir le húsáid codlaidíní, idir fhir agus mhná, in aoisghrúpa 15–24; (ii) méadú ar an ráta maidir le húsáid codlaidíní lasmuigh de Bhaile Átha Cliath; (iii) cóireáil á fáil ag céatadán níos mó úsáideoirí codlaidíní i mBaile Átha Cliath ná in áit ar bith eile, ag teacht leis an leathnú ar úsáid codlaidíní lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, mar aon leis an bhforbairt ar sheirbhísí cóireála.<br><br>Rinne an an Coiste Náisiúnta Comhairleach Drugaí coimisiúnú i 2010 ar an tríú suirbhé náisiúnta ar fhorleithne drugaí in Éirinn, a bhfuil a thorthaí le foilsiú i 2011 agus i 2012. Faoin suirbhé sin, déanfar: (i) forleithne úsáid alcóil agus drugaí sa phobal i gcoitinne le linn 2010/2011; (ii) forleithne chleithiúnas alcóil agus cannabais sa phobal i gcoitinne; (iii) cur síos a dhéanamh ar na húsáideoirí agus iad a rangú de réir aicmí sóisialta, eacnamaíochta agus nósanna úsáidte drugaí; (iv) cur síos a dhéanamh ar na treochtaí maidir le húsáid drugaí thar 3 pointe ama, mar atá, 2002/3, 2006/7 agus 2010/11. |

## Tithíocht

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| De bhun infheistíochta linn na tréimhse 2007–2009 beifear in ann tús a chur le tógáil nó le fáil 27,000 aonad cónaithe do dhaoine i ngátar na tithíochta sóisialaí, trí mheán na scémeanna tithíochta údarás áitiúil, deonacha, comharchumainn agus trí shocruithe conartha faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos. Faoin NDP, déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis an sprioc sin tar éis trí bhliain i mbun gnímh. Soláthrófar dóthain acmhainní faoin bPlean seo, áfach, chun aschur mórán den leibhéal céanna tar éis 2009, rud a d'fhág gur cuireadh tús le tógáil nó le fáil 60,000 aonad cónaithe trí mheán na scéimeanna sin idir 2007 agus 2013. | Rinneadh 7,400 aonad tithíochta sóisialaí a thionscnamh nó a fháil i 2009; níos mó ná 5,000 aonad tithíochta sóisialaí i 2010, trí mheán na scémeanna tithíochta údarás áitiúil, deonacha, comharchumainn agus trí shocruithe conartha faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos. |

| | |
|---|---|
| Cuirfear an Scéim um Chóiríocht ar Cíos i bhfeidhm ina hiomláine faoi 2009. Rachaidh sé sin chun tairbhe do 32,000 teaghlach lena mbíodh forlíonadh um chíos á n-íoc leo le breis agus 18 mí agus gá acu le tithíocht san fhadtréimhse. | Faoi dheireadh Iúil 2011, bhí níos mó ná 35,000 teaghlach arna n-aistriú ag údaráis áitiúla ó fhorlíonadh ciosa go dtí scéim éigin um thacaíocht titithíochta sóisialaí. Fuair níos mó ná 20,000 teaghlach áitreabh ó thiarnaí talún nó ó chomhlachtaí faofta tithíochta, díreach tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos. |
| Tá suirbhé á bheartú maidir le stoc tithíochta na n-údarás áitiúla faoi dheireadh 2008, rud a bheidh ina chabhair chun bonn eolais a chur ar fáil do na húdaráis tithíochta agus bonn a chur faoi chláir leasaithe sa todhchaí;<br><br>Clár eile maidir le hoibreacha leasaithe a leathadh amach idir 2007 agus 2016 chun feabhas a chur ar thithíocht údarás áitiúil;<br><br>Clár athnuachana a leathadh amach idir 2007 agus 2016 maidir leis na heastáit ar fad atá i ndroch-chaoi orthu;<br><br>Córais leordhóthaineacha téimh lárnaigh a chur ar fáil i ngach áitreabh ar cíos ó údarás áitiúil faoi dheireadh 2008. | • Fuair údaráis áitiúla timpeall na tíre forchúiteamh €57.7m i 2009 d'oibreacha feabhsúcháin in eastáit údarás áitiúla.<br>• Fuair údaráis áitiúla €25.2m i i 2010 gcomhair oibreacha feabhsúcháin a rinneadh faoin Scéim um Oibreacha Feabhsúcháin.<br>• Cuireadh an Clár um Théamh Lárnach i gcrích i 2009. Faoin gclár cheithre bliana seo, suiteáladh téamh lárnach agus feabhsuithe a ghabhann leis i 27,000 aonad cónaithe de chuid údarás áitiúla ar chostas €133m don státchiste.<br>• Chun féachaint chuige go ndéanar cothabháil ardchaighdeáin ar an stoc 125,000 aonad cónaithe i seilbh údarás áitiúla, go mbaintear leibhéal níos fearr amach maidir le feidhmíocht fuinnimh de, astuithe a laghdú agus leibhéil na bochtaineachta breosla a mhaolú do theaghlaigh ar ioncaim ísle, thug an Roinn clár isteach i 2009 chun insliú a iarfheistiú, mar aon le bearta eile maidir le bearta eile a bhaineann le húsáid fuinnimh in áitribh fholmha, idir ócáidúil agus phleanáilte ar fud stoc uile tithíochta na n-údarás áitiúla.<br>• Fuair údaráis áitiúla timpeall na tíre beagnach €11m d'fhorchúiteamh ón Roinn i leith 900 aonad feabhsaithe i 2009. Sa bhliain 2010, rinne an Roinn an maoiniú d'oibreacha iarfheistithe a mhéadú go suntasach go €40m. Cuireadh oibreacha i gcrích ar 1,800 áitreamh folmha agus rinneadh é a leathnú chuig áitribh le cónaí iontu. |

| | |
|---|---|
| Déanfar 17,000 aonad nua a sheachadadh trí bhearta tithíochta inacmhainne faoin NDP idir 2007 agus 2009 agus beidh athbhreithniú ar an dul chun cinn ina dhiaidh sin. Táthar ag súil leis an leibhéal céanna a sheachadadh tar éis 2009, mar atá, líon iomlán 40,000 aonad nua a sheachadadh idir 2007 agus 2013. | Rinneadh 1,506 aonad a sheachadadh i 2009. Níl fáil go fóill ar fhigiúirí 2010. Ag teacht leis na hathruithe sa mhargadh tithíochta, áfach, tá tithe níos acmhainne anois agus éileamh níos lú ar thithe, agus laghdú dá bharr sin ar líon na n-aonad arna seachadadh faoi Scéim um Thithíocht Inacmhainne 1999. Ghlac an Rialtais cinneadh deireadh a chur leis an tionscnamh um thithíocht inacmhainne in Eanáir 2010. Is féidir aonad a sheachadadh i gcónaí faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt ach, ó cuireadh deireadh leis an dá mhodh eile seachadta, níl súil leis an líon céanna aonad a sholáthar i 2010 is a soláthraíodh i mblianta eile. |
| Déanfar na rialacháin maidir le caighdeáin íosta don earnáil phríobháideach a nuashonrú faoi lár na bliana 2007 agus déanfar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach. | Tugadh isteach faoin Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, córas nua smachtbhannaí faoinar féidir le húdaráis áitiúla Fógraí Feabhsúcháin agus Fógraí Toirmisc a eisiúint i gcás go loiceann tiarnaí talún ar a n-oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir leis na Caighdeáin Tithíochta um Thithe ar Cíos. |
| Cuirfear deireadh ar fad le cónaí i gcóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean faoi 2010. Chuige sin, tabharfar aghaidh ar riachtanais suas le 500 teaghlach. | Rinne údaráis áitiúla agus eagraíochtaí earnála deonaí níos mó ná 600 aonad cóiríochta fadtréimhse do dhaoine gan dídean a sheachadadh faoi dheireadh 2010. |
| Faoin gClár um Thithe níos Teo, soláthraítear maoiniú lenar féidir le heagraíochtaí pobail bearta maidir le húsáid éifeachtach fuinnimh a shuiteáil a chur i gcrích dóibh siúd atá is mó ina ngátar. Chuir Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) suim €5.6m ar fáil don Scéim um Thithe níos Teo i mbuiséad 2008, rud a chuaigh chun fónamh do 5,343 teaghlach. | Rinneadh an Clár um Thithe níos Teo a fhí isteach leis an gClár um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr i Mí na Bealtaine 2011.<br><br>Sa bhliain 2009, críochnaíodh an obair i leith 16,000 aonad cónaithe agus críochnaíodh an obair i leith níos mó ná 24,000 aonad i 2010. Meastar go gcríochnófar an obair i leith níos ná 20,000 aonad cónaithe i 2011 |

## Taighde um Bochtaineacht Breosla

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Sa Pháipéar Uaine faoi bheartas breosla, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2006, tá ráiteas maidir le tiomantas an Rialtais maidir le bochtaineacht breosla a mhaolú. Leanfar den phlé sa phróiseas faoina ndéanfar beartas fuinnimh a fhorbairt ag seisiúin comhairligh faoin Pháipéar Uaine agus le linn a fhoilsithe agus a fhorfheidhmithe. | Leanadh den obair le linn 2009 agus 2010. Tionóladh fo-ghrúpa i 2010 chun Straitéis um Fhuinneamh Inacmhainne a dhréachtadh. Cuirfear an Straitéis sin faoi bhráid an Rialtais i bhfómhar na bliana 2011. |

## Clár Leathanbhanda

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Is é is cuspóir don Chlár Leathanbhanda ná leathnú leathanbhanda a chur chun cinn ar fud gheilleagar tuaithe na tíre, chun féachaint chuige go mbeidh fáil air i ngach ceantar tuaithe in Éirinn. Déanfar suim tháscach €435m ar fad a infheistiú le linn na tréimhse 2007-2013. Go nuige seo, tá 27 Líonra Achar Cathrach (MAN) curtha i gcrích faoi NDP 2000-2006 agus 90 baile eile faoi Chéim II MAN 2005-2007. Cuireadh níos mó ná 120 tionscadal Grúpscéime Leathanbhanda ag obair faoi dheireadh 2006 agus súil le 10 scéim eile a chur ag obair i 2007. Suiteáladh leathanbhanda i 96.8% de scoileanna faoin Scéim um Leathanbhanda Scoile. | Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí líon iomlán 59 Líonra Achar Cathrach (MAN) curtha i gcrích, rud a chuimsigh 65 baile, faoi Chéim II de Chlár MAN. Ceapadh e\|net mar Aonán Seirbhísí Bainistíochta (MSE) ar an 8ú Iúil, 2009 (tar éis próiseas soláthair a chur i gcrích) chun an córas MAN a bhainistiú, a chothabháil, a chur ar an margadh agus a oibriú ar son an Stáit.<br><br>Mar threoir do gach cinneadh infheistíochta leathanbhanda sa todhchaí, infheistíocht i mbonneagar MAN san áireamh, beidh: (i) an Tascfhórsa um Leathanbhanda na Chéad Ghlúine Eile (NGB), a bhfuil tuarascáil le soláthar aige faoi dheireadh 2011, (ii) an tAthbhreithniú ar Luach ar Airgead agus Beartas i gCéim I de Chlár MAN, (iii) aon anailís eile, de réir mar is iomchuí agus (iv) fáil a bheith ar acmhainní chuige sin. |

## Seirbhísí ag Dochtúirí Teaghlaigh Lasmuigh de na Gnáthuaireachta

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar tuilleadh forbartha ar an gcóras a bhaineann le seirbhísí dhochtúir teaghlaigh lasmuigh de gháthuaireanta oifige, d'fhonn na seirbhísí sin a chur ar fáil do phobal uile na tíre faoin bPlean sin. | Tuairiscíonn FSS go mbíonn fáil ag 90% den phobal ar sheirbhísí dhochtúir teaghlaigh lasmuigh de gháthuaireanta oifige i 13 ionad ar fud na tíre, i ngach ceantar FSS, i gcuid de gach contae, ar a laghad, agus gur dhein an tseirbhís sin 931,305 glao a ionramháil i 2009 agus 924,000 glao i 2010. Soláthraíonn níos mó ná 2,000 Dochtúir Teaghlaigh seirbhísí san comharchumainn.<br><br>Bhí de thoradh ar thart faoi 60% d'ócáidí teagmhála go bhfuarthas cóireáil in ionad cóireála agus cuairt teaghlaigh mar thoradh ar 10% de na hócáidí. Is gnách go leanann teacht do láthair in ionad cóireála triage tosaigh trí ghuthán – tuairiscíonn FSS gur seachbheart maith é sin in áit duine a chur isteach in ospidéal trí Roinn Éigeandála.<br><br>Chuir FSS maoiniú iomlán €89m ar fáil i 2010 do chomharchumainn le dochtúirí teaghlaigh agus FSS. Cuimsíonn an tsuim sin táillí do Chomhairliúcháin Speisialta, mar aon le deontais agus forlíontaí maidir le seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige, ach ní chuimsíonn sí táillí a íocann othair phríobháideacha le Dochtúir Teaghlaigh. |

## Cúramóirí

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Déanfar athbhreithniú leanúnach ar bhealaí chun tacaíochtaí ioncaim do chúramóirí a fhorbairt a thuilleadh. Beidh mar aidhm, ach go háirithe, an leibhéal reatha neamhshuime maidir leis an Liúntas Cúramóra a choimeád mar atá, bonn ar bonn leis an meántuilleamh comhlán tionsclaíoch, ionas go gcáileoidh daoine ar an meántuilleamh tionsclaíoch don íocaíocht i gcónaí. | Ó Aibreán 2008 amach, cuireadh €12.50/€25 go €332.50 (duine singil) agus €665 (lánúin) leis an neamhshuim don Liúntas Cúramóra, rud a chuaigh níos sia ná sprioc an tiomantais. Ina theannta sin, cuireadh €200 leis an Deontas Cúraim Sosa, a thug a ráta go €1,700 sa bhliain. Coinníodh an neamhshuim tuillimh don Liúntas Cúramóra agus don Deontas Cúraim Sosa ar leibhéil 2008. |

## Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Soláthraíonn an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS), a bhíonn á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, seirbhís neamhspleách faoi rún saor in aisce, go príomhúil do theaghlaigh ar ioncaim ísle atá i mbaol titim i bhfiacha. Tá Ciste Ráthaíochta Iasachtaí ann, chun iasachtaí 'géirchéime' a sholáthar mar mhalairt ar iasachtaí ó iasachtóirí airgid. Is é is cuspóir don obair sin, tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid a fhorbairt, trí bonn reachtúil a chur fúithi le linn 2007. | Cuireadh i gcrích i mí Iúil 2009 aistriú gan uaim MABS go dtí an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIB).<br><br>Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair maidir le ról MABS sa todhchaí, ag teacht leis na tiomantais sa Chlár don Rialtas agus leis na moltaí i dtuarascáil leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Fiacha a Bhainistiú agus a Fhorfheidhmiú, mar aon le moltaí de chuid an Ghrúpa Saineolaithe um Riaráistí Morgáiste agus Fiacha Pearsanta. Ina theannta sin, bhí ionadaithe de chuid na Roinne rannpháirteach i ngrúpa oibre maidir le riaráistí morgáiste faoin gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, a raibh an Roinn Airgeadais ina cathaoirleach air. Tá ábhar na tuarascála sin á scrúdú ag an Roinn faoi láthair, d'fhonn a fháil amach cén tionchar a beidh ag na tiomantais atá inti maidir leis an treo a ghabhfaidh MABS sa todhchaí, agus oibreoidh an roinn go dlúth i gcomhar leis an Roinn Airgeadais ó thaobh tacú le cur i bhfeidhm na moltaí sin. |

## An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Leanfaidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh dá cuid oibre maidir le teaghlaigh a neartú trí thacú leis na heagraíochtaí deonacha sin a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta maidir le pósadh le caidreamh gaoil, le leanaí agus le méala báis. Déanfar moltaí an Athbhreithnithe ar Scéim na nDeontas i gcomhair Eagraíochtaí Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairleoireachta maidir le Pósadh, le Caidreamh Gaoil, le Leanaí agus le Méala a scrúdú agus a fhorfheidhmiú, mar is iomchuí. | Soláthraíonn an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (FSA) maoiniú le haghaidh eagraíochtaí deonacha agus pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta maidir le pósadh le caidreamh gaoil, le leanaí agus le méala báis.<br><br>Lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh de bheith ag cur maoiniú ar fáil i gcomhair 600 eagraíocht deonacha i 2009 agus i 2010, le seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar gach bliain trí fhóirdheontais. Tá<br><br>tacaíocht á fáil ag thart faoi 70,000 duine sa bhliain faoin scéim (Athbhreithniú Petrus ar Scéim na nDeontas Comhairleoireachta).<br><br>Suim €11.864m a bhí sa bhuiséad (leasaithe) do Scéim na nDeontas Comhairleoireachta i 2009 agus i 2010. Ba í 2009 an chéad bhliain den timthriall trí bhliana maidir le grúpaí dá ndeonaítear maoiniú ilbhliantúil. Bhí 29 de na soláthróirí comhairleoireachta ba mhó san áireamh sa scéim sin, rud a chuireann ar a gcumas pleanáil a dhéanamh agus éifeacht níos mó a bhaint amach maidir lena seirbhísí a sheachadadh. Déanfar athbhreithniú ar an Scéim i 2011, roimh luí isteach ar an gcéad thimthriall eile. |

## Póilíniú Pobail

| Sprioc | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Beidh Póilíniú Pobail ina chabhair agus ina thaca le caidreamh idir an Garda Síochána, údaráis áitiúla agus pobail áitiúla, maidir le dul i ngleic le cúrsaí póilínithe go háitiúil. Ní hamháin go gcabhróidh an Póilíniú Pobail leis an Stáit a fhreagra i gcoitinne maidir le cosc na coireachta a fhorbairt, beidh sé ina áis phraiticiúil chun tacú le cumas na bpobal áitiúla a bheith rannpháirteach i ndáiríre san obair chun cosc a chur ar an gcoiriúlacht. | Seoladh an tSamhail Náisiúnta um Póilíniú Pobail don Gharda Síochána i 2009. Soláthraíonn an tsamhail sin cur chuige struchtúrach agus comhtháite maidir le póilíniú pobail ar bhonn náisiúnta.<br><br>Deich gcomhpháirt bunúsacha nó 'Galláin' atá faoin Samhail Náisiúnta um Póilíniú Pobail, ar bonn eolais í do chaidreamh uile an Gharda Síochána leis an bpobal.<br><br>Is iad na deich ngallán sin ná páirtíocht, forfheidhmiú, réiteach faidhbe, cosc agus laghdú coireachta, cuntasacht, feiceálacht, cumas rochtana, caidreamh i gcomhar, cumasú agus freagra feabhsaithe.<br><br>Aithníonn an tSamhail an Póilíniú Pobail mar luach le neadú sa Gharda Síochána ar fud na seirbhíse sin ar fad. Rinne an Garda Síochána anailís mhion agus comhairliúchán leathan agus an plean seo á chur le chéile.<br><br>Bhí líon iomlán 1,150 oifigeach tiomnaithe um Póilíniú Pobail ar seirbhís ar an 31 Iúil 2011. Tá an Coimisinéir agus foireann shinsearach an Choimisinéara freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar fud na tíre, pearsanra san áireamh.<br><br>Tugann an tAire lán-tacaíocht don bhéim nua sin ar Phóilíniú Pobail, go háirithe agus aird ar a thosaíocht sa Chlár don Rialtas. |

# Aguisíní

## Torthaí mionsonraithe maidir le 2010

### Dearbh-Bhochtaineacht

Soláthraítear i dTábla 2 anailís maidir leis an dearbh-bhochtaineacht i ndaonra na hÉireann i 2010. Tugtar sa chéad cholún ráta dearbh-bhochtaineachta daoine de réir príomhairíonna socheacnamaíochta. Baineann na rátaí is airde le leanaí, le daoine in aois oibre atá dífhostaithe, le teaghlaigh ina mbíonn aosach amháin in aois oibre agus i dteaghlaigh aontuismitheora. Sa dara colún, tugtar comhdhéanamh na coda sin den daonra atá i ndearbh-bhochtaineacht (6.2 faoin gcéad den daonra, rud is ionann agus 277,000 duine). Ach iad a shuimiú le chéile, déanann gach tacar figiúr (mar shampla, fir + mná) 100 faoin gcéad. Sa tríú colún, tugtar próifíl de na daoine i ndearbh-bhochtaineacht i bhformáid uimhriúil, rud nach mbíonn ar fáil ach faoi chúinsí teoranta. Den líon iomlán 277,000 duine i ndearbh-bhochtaineacht i 2010, leanaí ab ea 99,000 (36%), bhí 174,000 (63%) ina ndaoine in aois oibre agus 4,500 (2%) ina seanóirí.

**Tábla 1: Dearbh-Bhochtaineacht 2010**

| | Riosca (%) | Próifíl (%) | Próifíl (#) |
|---|---|---|---|
| *Daonra iomlán* | *6.2* | *100* | *277,000* |
| *Gnéas* | | | |
| · Fir | 5.9 | 46.8 | |
| · Mná | 6.6 | 53.2 | |
| *Aois* | | | |
| · 0-17 | 8.2 | 35.6 | 98,500* |
| · 18-64 | 6.4 | 62.8 | 174,000 |
| · 65+ | 0.9 | 1.6 | 4,500 |
| *Stádas Eacnamaíochta* | | | |
| · Ag Obair | 1.8 | 9.9 | |
| · Dífhostaithe | 15.2 | 19.8 | |
| · Mac Léinn | 9.1 | 11.7 | |
| · Dualgais Teaghlaigh | 7.6 | 15.8 | |
| · Ar Scor | 1.1 | 1.3 | |
| · Breoite/Faoi Mhíchumas | 13 | 8.4 | |
| *Comhdhéanamh an teaghlaigh* | | | |
| · 1 aosach in aois 65+, gan leanaí <18 | 0.8 | 0.5 | |
| · 1 aosach in aois <65, gan leanaí <18 | 11.2 | 7.8 | |
| · 2 aosach, 1 ar a laghad in aois 65+, gan leanaí <18 | 0.5 | 0.6 | |
| · 2 aosach, araon in aois <65, gan leanaí <18 | 4.9 | 9.6 | |
| · 3 aosach, nó níos mó, gan leanaí <18 | 3.1 | 6.8 | |
| · 1 aosach le leanaí <18 | 9.3 | 11.1 | |
| · 2 aosach le 1-3 leanbh <18 | 7 | 38.5 | |
| · Teaghlaigh eile ina bhfuil leanaí <18 | 9.6 | 25.1 | |

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh, SILC 2010 *Tharlódh nach 100% a suim, toisc slánú uimhreacha.

Tá Táblaí 1,2 agus 3 bunaithe ar mheastachán daonra 2010 leis an bPríomhoifig Staidrimh, mar atá, 4,470,667 – féach http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Statire/SelectVarVal/Define.asp?maintable=PEA11&PLanguage=0

## I mBaol Bochtaineachta

Tugtar i dTábla 3 anailís maidir leis an gcuid sin den daonra i mbaol bochtaineachta i 2010. Tugtar ráta na ndaoine i mbaol bochtaineachta de réir príomhairíonna socheacnamaíochta sa chéad cholún. Baineann na rátaí is airde le leanaí, le daoine in aois oibre atá dífhostaithe, le haosaigh faoi aois 65 atá singil agus le teaghlaigh aontuismitheora. Sa dara colún, tugtar comhdhéanamh na coda sin den daonra atá i mbaol bochtaineachta (15.8 faoin gcéad den daonra, rud is ionann agus 706,500 people). Sa tríú colún, tugtar próifíl de na daoine i mbaol bochtaineachta i bhformáid uimhriúil, rud nach mbíonn ar fáil ach faoi chúinsí teoranta. Den líon iomlán 706,500 duine i mbaol bochtaineachta i 2010, leanaí ab ea 236,000 (33.4%), aosaigh ab ea 421,000 (59.6%) agus bhí 49,500 (7%) ina seanóirí.

**Tábla 2: Rátaí I mBaol Bochtaineachta 2010**

| | Riosca (%) | Próifíl (%) | Próifíl (#) |
|---|---|---|---|
| *Daonra iomlán* | *15.8* | *100* | *706,500* |
| *Gnéas* | | | |
| · Fir | 15.7 | 49.3 | |
| · Mná | 15.9 | 50.7 | |
| *Aois* | | | |
| · 0-17 | 19.5 | 33.4 | 236,000* |
| · 18-64 | 15.3 | 59.6 | 421,000 |
| · 65+ | 9.6 | 7 | 49,500 |
| *Stádas Eacnamaíochta* | | | |
| · Ag Obair | 7.8 | 17.3 | |
| · Dífhostaithe | 26.1 | 13.4 | |
| · Mac Léinn | 24 | 12.1 | |
| · Dualgais Teaghlaigh | 20.3 | 16.7 | |
| · Ar Scor | 9 | 4.2 | |
| · Breoite/Faoi Mhíchumas | 20.9 | 5.3 | |
| *Comhdhéanamh an teaghlaigh* | | | |
| · 1 aosach in aois 65+, gan leanaí <18 | 9.4 | 2.3 | |
| · 1 aosach in aois <65, gan leanaí <18 | 19.7 | 5.4 | |
| · 2 aosach, 1 ar a laghad in aois 65+, gan leanaí <18 | 9.4 | 4.5 | |
| · 2 aosach, araon in aois <65, gan leanaí <18 | 12.9 | 9.9 | |
| · 3 aosach, nó níos mó, gan leanaí <18 | 10.3 | 9 | |
| · 1 aosach le leanaí <18 | 20.5 | 9.6 | |
| · 2 aosach le 1-3 leanbh <18 | 17.2 | 37.5 | |
| · Teaghlaigh eile ina bhfuil leanaí <18 | 21.2 | 21.8 | |

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh, SILC 2010
*Tharlódh nach 100% a suim, toisc slánú uimhreacha.

Tairseach 2010 do dhuine singil i mbaol bochtaine = €10,832 (bliain) /€207.50 (seachtain).
Tairseach 2009 do dhuine singil i mbaol bochtaine = €12,064 (bliain) /€231.10 (seachtain).

**Díothacht**

Tugtar i dTábla 4 anailís maidir le díothacht sa daonra i 2010. Tugtar sa chéad cholún an ráta díothachta de réir príomhairíonna socheacnamaíochta. Baineann na rátaí is airde le leanaí, le daoine dífhostaithe, le daoine breoite, le daoine faoi mhíchumas, le haosaigh faoi 65 bliain d'aois agus le daoine i dteaghlaigh aontuismitheora. Sa dara colún, tugtar comhdhéanamh na coda sin den daonra i ndíothacht (22.5 faoin gcéad den daonra, rud is ionann agus 1,006,000 duine). Sa tríú colún, tugtar próifíl de na daoine i ndíothacht i bhformáid uimhriúil, rud nach mbíonn ar fáil ach faoi chúinsí teoranta. Den líon iomlán 1,006,000 duine i ndíothacht i 2010, meastar go raibh 366,000 (36.4%) ina leanaí, 590,500 (58.7%) ina n-aosaigh agus 49,000 (4.9%) ina seanóirí.

**Tábla 3: Díothacht 2010**

| | Riosca (%) | Próifíl (%) | Próifíl (#) |
|---|---|---|---|
| *Daonra iomlán* | *22.5* | *100* | *1,006,000* |
| *Gnéas* | | | |
| · Fir | 21.6 | 47.5 | |
| · Mná | 23.4 | 52.5 | |
| *Aois* | | | |
| · 0-17 | 30.2 | 36.4 | 366,000* |
| · 18-64 | 21.5 | 58.7 | 590,500 |
| · 65+ | 9.6 | 4.9 | 49,500 |
| *Stádas Eacnamaíochta* | | | |
| · Ag Obair | 12.5 | 19.5 | |
| · Dífhostaithe | 38 | 13.7 | |
| · Mac Léinn | 24.4 | 8.7 | |
| · Dualgais Teaghlaigh | 25.3 | 14.6 | |
| · Ar Scor | 7.2 | 2.4 | |
| · Breoite/Faoi Mhíchumas | 42.8 | 7.6 | |
| *Comhdhéanamh an teaghlaigh* | | | |
| · 1 aosach in aois 65+, gan leanaí <18 | 15.2 | 2.6 | |
| · 1 aosach in aois <65, gan leanaí <18 | 33.9 | 6.5 | |
| · 2 aosach, 1 ar a laghad in aois 65+, gan leanaí <18 | 8.3 | 2.8 | |
| · 2 aosach, araon in aois <65, gan leanaí <18 | 15.1 | 8.3 | |
| · 3 aosach, nó níos mó, gan leanaí <18 | 11.4 | 7 | |
| · 1 aosach le leanaí <18 | 49.8 | 16.4 | |
| · 2 aosach le 1-3 leanbh <18 | 23.6 | 36.1 | |
| · Teaghlaigh eile ina bhfuil leanaí <18 | 28.1 | 20.3 | |

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh, SILC 2010

*Tharlódh nach 100% a suim, toisc slánú uimhreacha.

Sa bhliain 2010, bhí 64 faoin gcéad den daonra nach raibh rud ar bith ar an liosta díothachta in easnamh orthu, 13.7 faoin gcéad a raibh rud amháin de dhíth orthu agus 22.5 faoin gcéad a raibh dhá rud nó níos mó de dhíth orthu. Ba é an ráta díothachta maidir le daoine i mbaol bochtaineachta ná 39.4 faoin gcéad i 2010. Ba é an ráta díothachta maidir le daoine nach raibh i mbaol bochtaineachta ná 19.3 faoin gcéad.

(Footnotes)

1 Sprioc ardleibhéil a sáraíodh nuair a tugadh isteach foráil maidir le réamhscolaíocht uilíoch in Eanáir 2010.

Social Inclusion Division
Department of Social Protection
Gandon House, Floor 1
Amiens Street
Dublin 1